



Nótaí Míniúcháin

Athruithe ar CBL san Aontas a mhéid a bhaineann leis
an scéim speisialta le haghaidh fiontair bheaga

Treoir (AE) 2020/285 ón gComhairle
Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2007 ón gCoimisiún

Séanadh: Níl na Nótaí Míniúcháin seo ceangailteach ó thaobh dlí de agus níl iontu ach treoraíocht phraiticiúil neamhfhoirmiúil maidir leis an gcaoi ar cheart dlí an Aontais a chur i bhfeidhm ar bhonn thuairimí Ard-Stiúrthóireacht an Chánachais agus an Aontais Custaim sa Choimisiún.

AN COIMISIÚN EORPACH

Ard-Stiúrthóireacht an Chánachais agus an Aontais Custaim
Stiúrthóireacht C — Cánachas Indíreach agus Riarachán Cánach
Aonad C.1 — Beartas Cánach Breisluacha

Teagmháil: taxud-unit-c1@ec.europa.eu

*An Coimisiún Eorpach
B-1049 An Bhruiséil*

Ullmhaíodh an doiciméad seo don Choimisiún Eorpach ach ní léirítear ann ach tuairimí na n-údar, agus níl an Coimisiún Eorpach faoi dhliteanas i leith aon iarmhairt a eascraíonn as athúsáid an fhoilseacháin seo.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024

© An tAontas Eorpach, 2024



Déantar beartas athúsáide an Choimisiúin Eorpaigh a chur chun feidhme le Cinneadh 2011/833/AE ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2011 maidir le hathúsáid dhoiciméid an Choimisiúin (IO L 330, 14.12.2011, Ich. 39). Mura dtugtar a mhalairt le fios, údaraítear athúsáid an doiciméid seo faoi cheadúnas Sannta Creative Commons 4.0 Idirnáisiúnta (CC BY 4.0) (<https://creativecommons.org/licenses/by/4.0/>). Ciallaíonn sé sin go gceadaítear athúsáid ar choinníoll go dtugtar creidiúint chuí agus go léirítear aon athrú a dhéantar.

Is é is aidhm do na Nótaí Míniúcháin seo cur leis an tuiscint ar chodanna áirithe de reachtaíocht an Aontais maidir le CBL. Seirbhísí an Choimisiúin a d'ullmhaigh iad agus, mar a léirítear sa séanadh ar an gcéad leathanach, níl siad ceangailteach ó thaobh dlí.

Níl na Nótaí Míniúcháin seo uileghabhálach. Dá bhrí sin, cé go bhfuil eolas mionsonraithe iontu faoi shaincheistean éagsúla, d'fhéadfadh gnéithe a bheith ann nach bhfuil ar áireamh sa doiciméad seo.

Úsáideoir de na Nótaí Míniúcháin a bhfuil spéis aige i dtopaic ar leith, moltar dó an chaibidil ina bpléitear an t-ábhar sonrach sin a léamh ina hiomláine.

- **Cén fáth a bhfoilsítear Nótaí Míniúcháin?**

Leis an scéim speisialta le haghaidh fiontair bheaga ('scéim FBM'), cuirtear ar a gcumas d'fhiontair bheaga earraí agus seirbhísí a dhíol lena gcustaiméirí gan CBL a ghearradh (díolúine ó CBL) agus roinnt simplithe a fháil maidir lena n-oibleagáidí ó thaobh comhlíontachta agus sonrasc de. Is scéim roghnach atá i gceist, mar sin is féidir le fiontair bheaga rogha a dhéanamh í a chur i bhfeidhm – ar choinníoll go gcomhlíonann siad na coinníollacha – nó cloí leis na rialacha caighdeánacha CBL agus CBL a ghearradh ar a gcustaiméirí.

Athrú ar na rialacha atá ann cheana maidir le cur i bhfeidhm na scéime FBM is cúis leis na Nótaí Míniúcháin seo. Beidh rialacha nua infheidhme ón 1 Eanáir 2025. Tá sé de chuspóir ag na Nótaí Míniúcháin feidhmiú na scéime FBM a mhíniú bunaithe ar na rialacha nua agus **cur leis an tuiscint ar an reachtaíocht a ghlactar ar leibhéal an Aontais Eorpaigh**, go háirithe [Treoir \(AE\) 2020/285 ón gComhairle](#) lena leasaítear Treoir 2006/112/CE ón gComhairle (an Treoir maidir le CBL) agus Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 maidir le Comhar Riaracháin.

- **Céard atá le fáil sna Nótaí Míniúcháin?**

Féachfar ar na 'Nótaí Míniúcháin' mar **uirlis treorach** is féidir a úsáid chun soiléiriú a thabhairt ar chur i bhfeidhm praiticiúil na rialacha nua maidir leis an scéim speisialta le haghaidh fiontair bheaga. Tá míniú sna Nótaí Míniúcháin ar na rialacha is infheidhme ón 1 Eanáir 2025, agus cuimsítear iontu idir na rialacha atá ann cheana a leanfaidh de bheith i bhfeidhm tar éis an 1 Eanáir 2025 agus na rialacha nua.

Na tagairtí d'Airteagail den Treoir maidir le CBL, is tagairtí iad do na hairteagail is infheidhme ón 1 Eanáir 2025 mura sonraítear a mhalairt.

Gheobhaidh tú freagraí ar na ceisteanna seo a leanas, agus ar cheisteanna eile nach iad, sna Nótaí Míniúcháin seo:

- Céard í an scéim FBM agus cén chaoi a n-oibríonn sí?
- Cé na difríochtaí atá ann idir an scéim FBM agus an córas caighdeánach CBL?
- Má chuirim an scéim FBM i bhfeidhm i mo Bhallstát cheana féin, cé na hathruithe a bheidh ann ón 1 Eanáir 2025?
- Mura gcuirim an scéim FBM i bhfeidhm ach dá mba rud é gur mhaith liom é sin a dhéanamh i mo Bhallstát ón 1 Eanáir 2025, céard ba cheart dom a dhéanamh?
- Céard í an scéim FBM 'trasteorann' agus cé na coinníollacha atá ann chun í a chur i bhfeidhm?
- Céard ba cheart dom a dhéanamh mura dteastaíonn uaim an scéim FBM a chur i bhfeidhm a thuilleadh?
- Má tá an scéim ionaid ilfhreastail (OSS) á cur i bhfeidhm agam, cé na hathruithe a bheidh ann?

- **Saintréithe na Nótaí Míniúcháin**

Is saothar comhoibríoch atá sna Nótaí Míniúcháin: cé gurb í Ard-Stiúrthóireacht an Chánachais agus an Aontais Custaim sa Choimisiún Eorpach (AS TAXUD) a eisiónn iad, chuathas i gcomhairle le Ballstáit agus le gnólachtaí araon, mar atá an Grúpa maidir le Todhchaí CBL (GFV) agus an Grúpa Saineolaithe um CBL (VEG) faoi seach.

Níl na Nótaí Míniúcháin seo ceangailteach ó thaobh dlí. Ní léirítear tuairim fhoirmiúil den Choimisiún Eorpach leis na nótaí seo agus níl an Coimisiún Eorpach faoi cheangal ag aon cheann de na tuairimí a léirítear iontu.

Ní chuirtear na Nótaí Míniúcháin in ionad treoirlíní ón gCoiste um CBL a bhfuil a ról féin acu. Thairis sin, ní hionann a nádúr: tuairimí AS TAXUD a léirítear sna Nótaí Míniúcháin agus is é an Coiste um CBL a chomhaontaíonn na treoirlíní ón gCoiste um CBL, ar coiste comhairleach é ar a bhfuil ionadaithe ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún. Mar sin féin, roinnt treoirlíní maidir leis an scéim speisialta le haghaidh fiontair bheaga, atá comhaontaithe ag an gCoiste um CBL cheana féin agus na Nótaí Míniúcháin seo á bhfoilsiú, cuimsítear anseo iad chun an t-eolas uile atá ar fáil a sholáthar ar an ábhar.

Is féidir le húdaráis riaracháin cánach a dtreoraíocht féin a eisiúint freisin le haghaidh chur i bhfeidhm na rialacha nua maidir le CBL a mhéid a bhaineann leis an scéim speisialta le haghaidh fiontair bheaga.

Obair idir lámha atá iontu: ní táirge deiridh iad, ach léirítear ann staid na himeartha ag pointe ama áirithe de réir an eolais agus na taithí a bhí ar fáil an tráth sin.

Clár

Clár

Clár	4
Liosta na bhfíoracha	7
Giorrúcháin	9
Gluais.....	10
Achoimre Feidhmiúcháin	14
1. Réamhrá	17
1.1. Croífeidhmiú an chórais chaighdeánaigh CBL.....	17
1.2. An Scéim Speisialta le haghaidh Fiontair Bheaga.....	18
1.2.1. Coincheap an ‘fhiontair bhig’	18
1.2.2. Díolúine ó CBL agus asbhaint CBL.....	19
1.2.3. Cur i bhfeidhm roghnach.....	19
1.2.4. Obair chomhlíontachta níos lú	21
1.3. An chúis leis an athbhreithniú ar an scéim FBM.....	21
1.4. Bunchloch na scéime FBM nua: a raon feidhme críochach a leathnú	23
1.5. An scéim FBM nua: dhá leibhéal cur i bhfeidhm	24
1.5.1. Leibhéal intíre.....	24
1.5.2. Leibhéal trasteorann	25
1.6. Gníomhartha dlí ábhartha.....	28
2. Príomhghnéithe na scéime FBM nua	29
2.1. Coincheap na bunaíochta.....	29
2.1.1. Ballstát bunaíochta.....	29
2.1.2. Cás na buanbhunaíochta gnó agus clárú CBL fiontar beag san Aontas.....	30
2.1.3. Cás fiontar beag lasmuigh den Aontas	31
2.2. Raon feidhme an chur i bhfeidhm.....	32
2.2.1. Idirbhearta a chumhdaítear	32
2.2.2. Idirbhearta a eisiatar	33
2.2.3. Cé aige a mbíonn tús áite: an scéim FBM nó an córas caighdeánach CBL?	34
2.3. An tairseach bhliantúil náisiúnta i gcomparáid le tairseacha earnála	39

2.4.	Ríomh an láimhdeachais bhliantúil	39
3.	Scéim FBM ‘intíre’	44
3.1.	Coinníollacha chun an scéim sin a chur i bhfeidhm	44
3.1.1.	Ballstát bunaíochta.....	44
3.1.2.	Idirbhearta a chumhdaítear	45
3.1.3.	An tairseach bhliantúil náisiúnta i gcomparáid le tairseacha earnála.....	45
3.2.	Simplithe faoin scéim seo	47
3.2.1.	Clárú.....	47
3.2.2.	Tuairisceáin CBL.....	48
3.2.3.	Cuntasaíocht.....	48
3.2.4.	Sonraisc	49
3.2.5.	Oibleagáidí riaracháin eile	49
3.3.	Éirí as an scéim	49
3.3.1.	Aistriú chuig an scéim FBM trasteorann	49
3.3.2.	Athlonnú shuíomh na gníomhaíochta eacnamaíche.....	50
3.3.3.	Scor toilteanach.....	50
3.3.4.	Eisiamh	51
3.3.5.	Tréimhse choraintín	56
4.	Scéim FBM ‘trasteorann’	58
4.1.	Láimhdeachas bliantúil san Aontas: seiceáil incháilitheachta	59
4.2.	Tairseach bhliantúil náisiúnta	62
4.3.	Réamhfhógra.....	68
4.3.1.	Comhthéacs.....	69
4.3.2.	Méideanna le tuairisciú	72
4.3.3.	An réamhfhógra a líonadh isteach: láimhdeachas bliantúil agus tairseacha	73
4.3.4.	Teanga	77
4.3.5.	Airgeadra	77
4.4.	Uimhir aitheantais aonair ar leith (uimhir ‘EX’)	79
4.5.	Próiseas clárúcháin.....	80
4.5.1.	Tráthchlár	80
4.5.2.	Dáta tosaithe	81
4.6.	Nuashonrú ar réamhfhógra	83
4.6.1.	Athrú ar an eolas a bhaineann leis an FBM.....	83
4.6.2.	Leathnú chun Ballstát nó Ballstáit eile a chumhdach.....	84
4.6.3.	Earráidí ábhartha a bhraitear sula dtugtar uimhir ‘EX’	84

4.6.4. Ceartúcháin agus earráidí a bhraitear tar éis an uimhir 'EX' a thabhairt.....	85
4.7. Tuairisc ráithiúil.....	85
4.7.1. Luachanna le cur san áireamh.....	88
4.7.2. Cás speisialta – an chéad tuairisc ráithiúil.....	88
4.7.3. Cás speisialta – sáraítear tairseach láimhdeachais bhliantúil an Aontais: tuairisc chríochnaitheach.....	90
4.7.4. Ceartúcháin	91
4.7.5. Oibleagáidí simplithe eile	91
4.7.6. Iarmhairtí an neamhchomhlíonta	92
4.8. Éirí as an scéim FBM trasteorann.....	94
4.8.1. Scor toilteanach.....	94
4.8.2. Eisiamh	95
4.9. Achomhairc	102
5. Asbhaint CBL ar ionchur	103
5.1. Scéim FBM intíre	103
5.2. Scéim FBM trasteorann.....	104
6. Idirghníomhú leis an gcóras caighdeánach CBL	110
6.1. Idirbhearta atá ina gcúis le clárú le haghaidh CBL	110
6.2. Idirbhearta a eisiatar ón scéim FBM	112
7. Idirghníomhú le scéimeanna speisialta eile.....	114
7.1. Idirghníomhú idir an scéim FBM agus an scéim ionaid ilfhreastail (OSS)	114
7.1.1. Scéimeanna FBM agus OSS an Aontais: an dá scéim a bheith ann san am céanna .	114
7.1.2. Ciandíol earraí agus seirbhísí teileachumarsáide, craolacháin agus leictreonacha le tomhaltóirí: áit soláthair.....	115
7.1.3. Scéimeanna FBM agus OSS an Aontais: cásanna	118
7.2. Idirghníomhú idir an scéim FBM agus an scéim ionaid ilfhreastail allmhairiúcháin (IOSS) .	122
7.3. An scéim FBM agus an scéim ráta chomhréidh d'fheirmeoirí	123
7.4. An scéim FBM, an scéim do ghníomhairí taistil agus an scéim earraí athláimhe	123
7.5. An scéim FBM agus an scéim óir infheistíochta	124
8. Cuntasaíocht bunaithe ar airgead tirim.....	125
Iarscríbhinn – Feidhmiú an Fhaoisimh Cánach Ghrádaithe.....	126

Liosta na bhfíoracha

Fíor 1:	Bailiú CBL faoin gcóras caighdeánach CBL.....	18
Fíor 2:	Bunsásra na scéime FBM	19
Fíor 3:	Áit chánachais: áit tionscnaimh i gcomparáid leis an gceann scríbe.....	21
Fíor 4:	Raon feidhme críochach na scéime FBM go dtí an 31 Nollaig 2024	23
Fíor 5:	Raon feidhme críochach na scéime FBM ón 1 Eanáir 2025	24
Fíor 6:	Leibhéal intíre cur i bhfeidhm na scéime FBM	25
Fíor 7:	Leibhéal trasteorann cur i bhfeidhm na scéime FBM – cás A1	25
Fíor 8:	Leibhéal trasteorann cur i bhfeidhm na scéime FBM – cás A2	26
Fíor 9:	Leibhéal trasteorann cur i bhfeidhm na scéime FBM – cás B.....	27
Fíor 10:	Áit bhunaíochta i gcomhthéacs na scéime FBM.....	30
Fíor 11:	Díolúine ó CBL ar sholáthairtí earraí gnólacht le gnólacht chuig Ballstát eile.	35
Fíor 12:	Soláthar seirbhísí do chustaiméir gnó atá lonnaithe i mBallstát eile	36
Fíor 13:	Ciandíol earraí le tomhaltóirí deiridh	37
Fíor 14:	Soláthairtí earraí a iompraítear nó a sheoltar lasmuigh den Aontas	38
Fíor 15:	Ríomh an láimhdeachais bhliantúil – tábla achoimreach	42
Fíor 16:	Tairseach bhliantúil náisiúnta – blianta féilire reatha agus roimhe sin	46
Fíor 17:	Tairseach bhliantúil náisiúnta – an bhliain féilire reatha agus an 2 bhliain féilire roimhe sin.....	47
Fíor 18:	Cur i bhfeidhm na hidirthréimhse – sampla A.....	52
Fíor 19:	Cur i bhfeidhm na hidirthréimhse – sampla B.....	53
Fíor 20:	Dáta an eisiaimh ón scéim FBM – cás A	54
Fíor 21:	Dáta an eisiaimh ón scéim FBM – cás B	55
Fíor 22:	Dáta an eisiaimh ón scéim FBM – cás C	56
Fíor 23:	Tréimhse choraintín ar feadh thréimhse 1 bhliana féilire.....	57
Fíor 24:	Tréimhse choraintín ar feadh thréimhse 2 bhliain féilire.....	57
Fíor 25:	Cur i bhfeidhm chosaint an láimhdeachais bhliantúil san Aontas – cás A	60
Fíor 26:	Cur i bhfeidhm chosaint an láimhdeachais bhliantúil san Aontas – cás B	61
Fíor 27:	Cur i bhfeidhm chosaint an láimhdeachais bhliantúil san Aontas – cás C	62
Fíor 28:	Cur i bhfeidhm na tairsí bliantúla náisiúnta – cás A	63
Fíor 29:	Cur i bhfeidhm na tairsí bliantúla náisiúnta – cás B	64
Fíor 30:	Cur i bhfeidhm na tairsí bliantúla náisiúnta – cás C	65

Fíor 31:	Cur i bhfeidhm na tairsí bliantúla náisiúnta – cás D	66
Fíor 32:	Cur i bhfeidhm na tairsí bliantúla náisiúnta – cás E	67
Fíor 33:	An Ballstát bunaíochta, pointe teagmhála aonair idir an FBM agus na Ballstáit eile	68
Fíor 34:	Réamhfhógra – aon tairseach náisiúnta amháin	75
Fíor 35:	Réamhfhógra – tairseacha earnála éagsúla, cás 1	76
Fíor 36:	Réamhfhógra – tairseacha earnála éagsúla, cás 2	77
Fíor 37:	Réamhfhógra – airgeadra náisiúnta seachas an Euro	78
Fíor 38:	An uimhir aitheantais aonair ar leith (uimhir ‘EX’)	79
Fíor 39:	Amlíne an ghnáthphróisis clárúcháin	81
Fíor 40:	An dáta tosaithe	83
Fíor 41:	Tréimhsí tuairiscithe agus sprioc-am chun tuairiscí a chur isteach	86
Fíor 42:	Tuairisc ráithiúil – sampla den tuairisciú	87
Fíor 43:	Eisiamh – sáraítear tairseach bhliantúil an Aontais	97
Fíor 44:	Tréimhse choraintín i gcás sárú ar thairseach láimhdeachais bhliantúil an Aontais	98
Fíor 45:	Eisiamh – sáraítear an tairseach bhliantúil náisiúnta	99
Fíor 46:	Tréimhse choraintín ar feadh thréimhse 1 bhliana féilire	101
Fíor 47:	Tréimhse choraintín ar feadh thréimhse 2 bhliain féilire	101
Fíor 48:	An scéim FBM intíre agus an ceart chun CBL a asbhaint	103
Fíor 49:	An scéim FBM trasteorann agus asbhaint CBL – cás A	104
Fíor 50:	An scéim FBM agus asbhaint CBL – cás B	105
Fíor 51:	An scéim FBM agus asbhaint CBL – cás C	106
Fíor 52:	An scéim FBM trasteorann agus asbhaint CBL – cás D	107
Fíor 53:	An scéim FBM trasteorann agus asbhaint CBL – cás E	108
Fíor 54:	An scéim FBM trasteorann agus asbhaint CBL – cás F	109
Fíor 55:	Na scéimeanna FBM agus OSS	115
Fíor 56:	Ciandíol earraí agus soláthairtí seirbhísí teileachumarsáide, craolacháin agus leictreonacha le tomhaltóirí	118
Fíor 57:	Comparáid idir an córas caighdeánach CBL agus cuntasáocht bunaithe ar airgead tirim	125

Giorrúcháin

CBAE	Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh
AE	An tAontas Eorpach
IOSS	Ionad ilfhreastail iompórtála
BS	Ballstát
MSEST	Ballstát bunaíochta
MSEXE	Ballstát díolúine
OSS	Ionad ilfhreastail
FBM	Fiontar beag
Scéim FBM	An scéim speisialta le haghaidh fiontair bheaga
CBL	Cáin bhreisluacha
An Treoir maidir le CBL	Treoir 2006/112/CE ón gComhairle
An Rialachán Cur Chun Feidhme maidir le CBL	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 ón gComhairle

Gluais

Díolúine thrasteorann – ciallaíonn sé sin an díolúine a cheadaítear faoin scéim FBM trasteorann ⁽¹⁾.

Scéim FBM trasteorann – is leibhéal é sin den scéim speisialta le haghaidh fiontair bheaga lena dtagraítear do chur i bhfeidhm na scéime i mBallstáit seachas an Ballstát bunaíochta ⁽²⁾, agus ann sin amháin, nó sa Bhallstát bunaíochta agus i mBallstáit eile araon.

Soláthairtí trasteorann earraí agus seirbhísí – ciallaíonn sé sin soláthairtí earraí agus seirbhísí ina bhfuil an soláthróir lonnaithe i mBallstát agus ina bhfuil an CBL ar na soláthairtí sin dlite i mBallstát eile.

Ciandíol earraí – tagraíonn sé sin do sholáthairtí earraí ó sholáthróir atá bunaithe i mBallstát do thomhaltóirí deiridh atá lonnaithe i mBallstát nó i mBallstáit eile.

Ciandíol seirbhísí – tagraíonn sé sin do sholáthairtí seirbhísí ó sholáthróir atá bunaithe i mBallstát do thomhaltóirí deiridh atá lonnaithe i mBallstát nó i mBallstáit eile.

Díolúine intíre – tagraíonn sé sin don díolúine a cheadaítear do dhuine inchánach atá bunaithe sa Bhallstát ina bhfuil CBL dlite ⁽³⁾.

Scéim FBM intíre – ciallaíonn sé sin an scéim FBM is infheidhme sa Bhallstát bunaíochta amháin.

Uimhir EX – ciallaíonn sé sin an uimhir aitheantais aonair lena ngabhann an iarmhír ‘EX’ ⁽⁴⁾ lena sainaitheann an Ballstát bunaíochta duine inchánach ar mian leis tairbhe a bhaint as an díolúine thrasteorann.

Fiontar beag díolmhaithe – i gcomhthéacs na scéime speisialta seo, is é atá ann trádálaí aonair nó gnólacht a bhaineann tairbhe as an díolúine ó CBL faoin scéim FBM sa Bhallstát ina mbeadh CBL dlite faoin gcóras caighdeánach CBL.

Easpórtálacha earraí – tagraíonn sé sin do sholáthairtí earraí i gcás ina n-íompraítear earraí ó Bhallstát go tír nach bhfuil san Aontas.

⁽¹⁾ Airteagal 284(2) den Treoir maidir le CBL.

⁽²⁾ Airteagal 284(2) den Treoir maidir le CBL.

⁽³⁾ Airteagal 284(1) den Treoir maidir le CBL.

⁽⁴⁾ Airteagal 284(3) den Treoir maidir le CBL.

Idirbhearta ionchuir – cumhdaítear leo ceannacháin intíre earraí agus seirbhísí (agus iad siúd lena mbaineann an sásra aistrithe táillí freisin), ceannacháin earraí a thagann ó Bhallstát eile, ceannacháin seirbhísí ó sholáthróir atá bunaithe i mBallstát eile, iompórtálacha earraí, agus ceannacháin seirbhísí ó thíortha nach bhfuil san Aontas.

Soláthairtí earraí laistigh den Aontas – tagraíonn sé sin do sholáthairtí earraí a iompraítear ó Bhallstát amháin go Ballstát eile.

Láimhdeachas bliantúil Ballstáit – ciallaíonn sé sin luach bliantúil iomlán na soláthairtí earraí agus seirbhísí, ar leith ó CBL, arna ndéanamh ag fiontar beag laistigh den Bhallstát sin le linn bliain féilire.

Ballstát bunaíochta (MSEST) – ciallaíonn sé sin an Ballstát ina bhfuil fiontar beag bunaithe atá incháilithe do dhíolúine ar a sholáthairtí earraí agus seirbhísí faoin scéim FBM ⁽⁵⁾; is é sin an Ballstát ina ndéantar feidhmeanna riaracháin lárnaigh an fhiontair bhig nó, i gcás duine nádúrtha, an Ballstát ina bhfuil a sheoladh buan ag an duine sin ⁽⁶⁾.

Ballstát díolúine (MSEXE) – ciallaíonn sé sin aon Bhallstát seachas an Ballstát bunaíochta ina bhfuil fiontar beag incháilithe do dhíolúine faoin scéim FBM ar a sholáthairtí earraí agus seirbhísí.

Tairseach bhliantúil náisiúnta – an uasteorainn a leagann Ballstát síos le haghaidh chur i bhfeidhm na díolúine ó CBL faoin scéim FBM. Ní féidir le tairseach bhliantúil náisiúnta a bheith níos mó ná EUR 85 000 (nó a choibhéis in airgeadra náisiúnta).

Idirbhearta aschuir – cumhdaítear leo soláthairtí áitiúla earraí agus seirbhísí, soláthairtí trasteorann earraí agus seirbhísí, easpórtálacha earraí, agus soláthairtí seirbhísí do chustaiméirí atá bunaithe i dtíortha nach bhfuil san Aontas.

Áit bhunaíochta – ciallaíonn sé sin an áit ar lonnigh an fiontar beag suíomh gnó a ghníomhaíochta eacnamaíche. Is í áit bhunaíochta duine nádúrtha an áit a bhfuil a sheoladh buan aige.

⁽⁵⁾ Lena bhfuil i gceist go measfar eintiteas mar a bheith bunaithe i mBallstát a chinneadh, féach freisin na [treoirlínte](#) a d'éascair ón 123^ú cruinniú an 20 Samhain 2023 – Doiciméad A – taxud.c.1(2024)794997 – Doiciméad oibre Uimh. 1075 (Ich. 295).

⁽⁶⁾ Lena bhfuil i gceist go measfar eintiteas mar a bheith bunaithe i mBallstát a chinneadh, féach freisin na [treoirlínte](#) a d'éascair ón 123^ú cruinniú an 20 Samhain 2023 – Doiciméad A – taxud.c.1(2024)794997 – Doiciméad oibre Uimh. 1075 (Ich. 295).

Tairseacha earnála – tagraíonn sé sin don chás ina gcuireann Ballstát níos mó ná aon tairseach bhliantúil náisiúnta amháin i bhfeidhm. Is é atá i dtairseacha earnála tairseacha láimhdeachais bhliantúil a shocraíonn Ballstát ar faoina bun a d'fhéadfadh fiontar beag a bheith incháilithe leis an scéim FBM a chur i bhfeidhm agus díolúine ó CBL a fháil. Ní féidir le haon cheann de na tairseacha earnála a bheith níos mó ná EUR 85 000 (nó a choibhéis in airgeadra náisiúnta).

Fiontar beag – cumhdaítear leis daoine nádúrtha a dhéanann gníomhaíocht eacnamaíoch, fiontraithe, eintitis dhlítheanacha, srl.

Scéim FBM – ciallaíonn sé sin an scéim speisialta le haghaidh fiontair bheaga mar a leagtar síos i dTeideal XII, Caibidil 1 den Treoir maidir le CBL ⁽⁷⁾.

Córas caighdeánach CBL – ciallaíonn sé sin na gnáthrialacha maidir le CBL a leagtar amach sa Treoir maidir le CBL.

Críoch an Chomhphobail – ciallaíonn sé sin críocha na mBallstát mar a shainmhínítear i dTeideal II, Airteagal 5 den Treoir maidir le CBL.

Láimhdeachas bliantúil san Aontas – ciallaíonn sé sin luach bliantúil iomlán na soláthairtí earraí agus seirbhísí, ar leith ó CBL, arna ndéanamh ag fiontar beag laistigh de chríoch an Chomhphobail le linn bliain féilire.

Tairseach bhliantúil an Aontais – EUR 100 000 atá ann agus ní bheidh incháilithe leis an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm ach na fiontair bheaga sin nach mó a láimhdeachas bliantúil san Aontas ná tairseach an Aontais. Cinntíonn tairseach bhliantúil an Aontais nach féidir ach le fiontair atá beag tairbhe a bhaint as an díolúine thrasteorann.

Socruithe Chreat Windsor – tagraíonn sé sin do na socruithe a ghlac an Comhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach mar a chumhdaítear iad ina Chinneadh Uimh. 1/2023 an 24 Márta 2023 lena leagtar síos socruithe a bhaineann le Creat Windsor [2023/819].

⁽⁷⁾ Aon tagairt do na forálacha lena rialaítear an scéim FBM dá dtagraítear sna Nótaí Míniúcháin seo, glacfar leis gur tagairt do na forálacha ina bhfoclaíocht ón 1 Eanáir 2025 atá i gceist.

Laethanta oibre – gach lá seachas laethanta saoire poiblí, Sathairn agus Domhnaí, de réir Airteagal 2(2) de [Rialachán \(CEE, Euratom\) Uimh. 1182/71](#) ón gComhairle an 3 Meitheamh 1971 lena gcinntear na rialacha is infheidhme maidir le tréimhsí, dátaí agus teorainneacha ama.

Achoimre Feidhmiúcháin

Ginearálta

- Córas speisialta CBL is ea an scéim FBM lena gcuirtear ar a gcumas d'fhiontair bheaga gan CBL a ghearradh ar a soláthairtí earraí agus seirbhísí agus, dá bhrí sin, lena maolaítear na hoibleagáidí comhlíontachta gaolmhara maidir le CBL. An chontrapháirt den díolúine ó CBL ná go gcailltear an ceart CBL ar ionchur a thabhaítear ar cheannacháin earraí agus seirbhísí a bhaineann leis na sholáthairtí atá díolmhaithe ó CBL a asbhaint.
- Tá scéim FBM roghnach agus is ann don scéim i bhformhór mór na mBallstát.
- Go dtí an 31 Nollaig 2024, níl rochtain ar an scéim FBM ach ag fiontair bheaga atá bunaithe sa Bhallstát ina bhfuil CBL dlite (cur i bhfeidhm intíre na scéime FBM). Mar thoradh ar an aistriú cánachais ar sholáthairtí earraí agus seirbhísí ón áit tionscnaimh go dtí an ceann scríbe, cruthaíodh neamhionannais áirithe idir fiontair bheaga atá bunaithe i mBallstát agus iad siúd nach bhfuil bunaithe sa Bhallstát sin. Chun gach fiontar beag a chur ar comhchéim, rinneadh athbhreithniú ar rialacha na scéime FBM agus cruthaíodh roinnt rialacha comhchoiteanna nua.
- Dá bhrí sin, ón 1 Eanáir 2025, tá rochtain ar an scéim FBM freisin ag fiontair bheaga nach bhfuil bunaithe sa Bhallstát ina bhfuil cáin dlite (cur i bhfeidhm trasteorann na scéime FBM). Is infheidhme cur i bhfeidhm intíre na scéime FBM i gcónaí. Níl an scéim FBM ar fáil ach d'fhiontair bheaga atá bunaithe san Aontas Eorpach amháin.
- Tá an scéim FBM agus scéim ionaid ilfhreastail an Aontais (IOSS) comhoiriúnach dá chéile, agus is féidir leis an dá scéim a bheith ann san am céanna.

An scéim FBM intíre

- Chun an scéim FBM intíre a chur i bhfeidhm, ní mór nach mó láimhdeachas bliantúil an fhiontair bhig ná an tairseach bhliantúil náisiúnta nó an tairseach earnála is infheidhme atá leagtha síos ag an mBallstát bunaíochta. Ní féidir leis an tairseach sin a bheith níos mó ná EUR 85 000.
 - I gcás ina gcuireann fiontar beag an scéim FBM intíre amháin i bhfeidhm, ní mór dó teagmháil a dhéanamh lena Bhallstát bunaíochta chun eolas a fháil ar a oibleagáidí comhlíontachta maidir le CBL (clárú, tuairisceán CBL, srl.), más ann dóibh, mar ceadaítear do gach Ballstát a rialacha féin a leagan síos agus fiontair bheaga a scaoileadh ó aon cheann amháin nó níos mó de na hoibleagáidí CBL sin.
-

- Más mian le FBM an scéim FBM a chur i bhfeidhm ina Bhallstát bunaíochta agus in aon Bhallstát amháin nó níos mó araon, beidh air na rialacha atá leagtha síos le haghaidh na scéime FBM trasteorann a chur i bhfeidhm.

An scéim FBM trasteorann

- Chun bheith incháilithe leis an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm, ní mór nach mó láimhdeachas bliantúil iomlán FBM sna 27 mBallstát ná tairseach bhliantúil an Aontais atá leagtha síos ag EUR 100 000, nó a choibhéis in airgeadra náisiúnta.
 - Ina theannta sin, maidir le láimhdeachas bliantúil an FBM i ngach ceann de na Ballstáit inar mian leis an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm, ní mór nach mó an láimhdeachas sin ná an tairseach bhliantúil náisiúnta nó an tairseach earnála is infheidhme atá i bhfeidhm i ngach Ballstát díobh.
 - Ní mór don FBM aon réamhfhógra amháin a chomhdú ina Bhallstát bunaíochta chun rochtain ar an scéim FBM trasteorann a iarraidh. Gníomhaíonn an Ballstát bunaíochta mar an pointe teagmhála idir an fiontar beag agus an Ballstát nó na Ballstáit eile.
 - Simplítear oibleagáidí CBL an fhiontair bhig: aon tuairisc ráithiúil aonair amháin chun láimhdeachas an FBM a thuairisciú sna 27 mBallstát atá le cur isteach sa Bhallstát bunaíochta. Ceadaítear don FBM sonraisc shimplithe a eisiúint.
 - Is féidir le FBM éirí as an scéim FBM trasteorann go toilteanach in aon Bhallstát amháin nó níos mó.
 - Eisiatar FBM ón scéim FBM trasteorann i ngach Ballstát i gcás inar mó a láimhdeachas bliantúil san Aontas ná EUR 100 000. Bíodh is nach sáraítear tairseach bhliantúil EUR 100 000 san Aontas, eisiatar FBM in aon Bhallstát díolúine amháin nó níos mó i gcás inar mó a láimhdeachas bliantúil in aon Bhallstát díolúine amháin nó níos mó ná an tairseach bhliantúil náisiúnta a leagann na Ballstáit díolúine sin síos (nó i gcás ina dtéann an idirthréimhse in éag).
 - Dá n-eisiafaí fiontar beag ón scéim FBM trasteorann, níor cheart go gcuirfeadh an t-eisiamh sin cosc ar an bhfiontar beag sin ón scéim FBM intíre a chur i bhfeidhm, ar choinníoll go gcomhlíonfadh sé na coinníollacha ina Bhallstát bunaíochta.
-

- Is féidir tairbhe a bhaint as na scéimeanna FBM agus OSS san am céanna. Is féidir le fiontar beag an scéim FBM a chur i bhfeidhm i mBallstáit áirithe (an Ballstát bunaíochta ina measc) agus an scéim OSS a chur i bhfeidhm i mBallstáit eile (ach ní féidir OSS a chur i bhfeidhm sa Bhallstát bunaíochta). Má eisiatar an fiontar beag ón scéim FBM trasteorann in aon Bhallstát amháin nó níos mó, is féidir leis, dá bhrí sin, an t-ionad ilfhreastail a chur i bhfeidhm le haghaidh an Bhallstáit nó na mBallstát sin.
-

1. Réamhrá

Tagraíonn na Nótaí Míniúcháin seo do na **rialacha is infheidhme ón 1 Eanáir 2025**; cuimsítear iontu idir na **rialacha atá ann cheana** a leanfaidh de bheith i bhfeidhm agus na **rialacha nua** uile.

Tá freagraí na gceisteanna seo a leanas le fáil sa roinn seo:


- a) Cén chaoi a bhfeidhmíonn an córas caighdeánach CBL go hachomair?
- b) Céard í an Scéim Speisialta le haghaidh Fiontair Bheaga ('scéim FBM')?
- c) Cén fáth a bhfuil rialacha na scéime FBM á n-athrú?

1.1. Croífeidhmiú an chórais chaighdeánaigh CBL

Mar riail ghinearálta, gnólacht a dhíolann earraí agus/nó seirbhísí ('soláthróir' anseo feasta), ní mór dó CBL a ghearradh ar a chustaiméir. Íocann an custaiméir CBL leis an soláthróir agus aistríonn an soláthróir an CBL sin do na húdaráis chánach. I bprionsabal, **nuair a ghearrtar CBL ar chustaiméirí, bíonn ceart ag an soláthróir an CBL a thabhaítear ar cheannacháin** earraí agus seirbhísí a úsáidtear chun na soláthairtí sin faoi cháin a dhéanamh a asbhaint ⁽⁸⁾.

Tá achoimre san fhíor thíos ar an gcaoi, faoin gcóras caighdeánach CBL, a mbailíonn soláthróir CBL ón gcustaiméir thar ceann na n-údarás cánach.

⁽⁸⁾ Airteagal 168 den Treoir maidir le CBL.



Fíor 1: Bailiú CBL faoin gcóras caighdeánach CBL

Chun cabhrú le húdaráis chánach CBL a bhailiú, leagtar síos sa Treoir maidir le CBL ⁽⁹⁾ sraith rialacha ar gá do gnólachtaí iad a chomhlíonadh (mar shampla clárú le haghaidh CBL, sonraisc CBL, cuntas a thabhairt in CBL, agus tuairisciú CBL). Agus na rialacha sin á gcomhlíonadh, bíonn costais chomhlíontachta ar fhiontair bheaga ('FBManna' anseo feasta) ar mó iad go comhréireach ná na costais a bhíonn ar ghnólachtaí móra i ngeall ar na hacmhainní níos teoranta atá acu agus ar chastacht na gcóras náisiúnta CBL agus ar na difríochtaí eatarthu.

1.2. An Scéim Speisialta le haghaidh Fiontair Bheaga

Is é is aidhm don **scéim speisialta le haghaidh fiontair bheaga** ('scéim FBM' anseo feasta), i dTeideal XII, Caibidil 1, den Treoir maidir le CBL an t-ualach comhlíontachta ar FBManna a éascú maidir le déileáil le CBL tríd an **díolúine ó CBL** a chur i bhfeidhm ar na soláthairtí earraí agus soláthairtí, agus bíonn **níos lú obair chomhlíontachta** ina toradh air sin.

1.2.1. Coincheap an 'fhiontair bhig'


Is le haghaidh fiontair bheaga a dheartar an scéim FBM. I gcomhthéacs na Nótaí Míniúcháin seo, tagraítear le fiontair bheaga d'aon duine a meastar gur duine inchánach

⁽⁹⁾ Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 347, 11.12.2006, lch. 1).

é chun críocha CBL ⁽¹⁰⁾, gan beann ar a fhoirm (féinfhostaithe, saoribrithe, gnólachtaí nuathionscanta, cuideachtaí ionchorpraithe, daoine náisiúnta a dhéanann gníomhaíocht eacnamaíoch, srl.) agus nach mó a láimhdeachas bliantúil san Aontas Eorpach ná EUR 100 000 (scéim FBM trasteorann) ná an tairseach bhliantúil náisiúnta ná tairseach bhliantúil earnála an Bhallstát bunaíochta (scéim FBM intíre).

1.2.2. Díolúine ó CBL agus asbhaint CBL

Faoin scéim FBM, is féidir le fiontar beag na **soláthairtí** earraí agus seirbhísí a dhéantar dá gcustaiméirí – gnólachtaí agus/nó custaiméirí deiridh – a **dhíolmhú ó CBL** ⁽¹¹⁾, ar choinníoll go bhfanann a láimhdeachas bliantúil faoi thairseach bhliantúil áirithe a shocraíonn na Ballstáit lena mbaineann. Ciallaíonn an díolúine ó CBL **nach ngearrann an fiontar beag CBL ar a chustaiméirí**. An chontrapháirt den díolúine ó CBL faoin scéim FBM ná **nach gceadaítear don fhiontar beag CBL ar ionchur a asbhaint** ⁽¹²⁾ ar a cheannacháin earraí agus seirbhísí a úsáidtear chun na soláthairtí sin atá díolmhaithe ó CBL a dhéanamh, mar a léirítear i bhFíor 2 thíos.



Fíor 2: Bunsásra na scéime FBM

1.2.3. Cur i bhfeidhm roghnach

Tá cur i bhfeidhm na **scéime FBM roghnach**, le haghaidh na mBallstát agus le haghaidh fiontair bheaga araon.

Ciallaíonn sé sin **gur féidir le Ballstáit rogha a dhéanamh** an scéim FBM a chur chun feidhme ina reachtaíocht náisiúnta nó gan í a chur chun feidhme. Má roghnaíonn Ballstát (Ballstát 1) a scéim sin a chur i bhfeidhm le haghaidh fiontair bheaga atá bunaithe laistigh

⁽¹⁰⁾ Teideal III den Treoir maidir le CBL.

⁽¹¹⁾ Airteagal 284 den Treoir maidir le CBL. Ní infheidhme an faoiseamh cánach grádaithe ón 1 Eanáir 2025.

⁽¹²⁾ Tá tuilleadh eolais i roinn 5 faoin gceart CBL a asbhaint.

dá dhlínse ('díolúine intíre'), ceanglaítear air cur i bhfeidhm na díolúine ó CBL a leathnú chun fiontair bheaga a chumhdach – ar fiontar bheaga iad a chomhlíonann na ceanglais – atá bunaithe i mBallstát eile ('díolúine thrasteorann') agus ar mhian leo an díolúine ó CBL a chur i bhfeidhm i mBallstát 1. Más rud é nach ndéanann Ballstát (Ballstát 2) an scéim FBM a chur i bhfeidhm, ní féidir le haon cheann de na FBManna – cibé acu atá siad bunaithe nó nach bhfuil – an scéim FBM a chur i bhfeidhm i mBallstát 2.

I gcás ina roghnaíonn Ballstát gan an scéim FBM a chur i bhfeidhm ina dhlínse, is é a bheidh sa Bhallstát bunaíochta (MSEST) i gcónaí agus gníomhóidh sé mar an pointe teagmhála idir FBManna atá bunaithe ina dhlínse agus aon cheann de na Ballstáit eile inar mian leis na FBManna sin an díolúine thrasteorann a chur i bhfeidhm (féach roinn 4).

Mar gheall ar a nádúr roghnach, **is féidir le haon fhiontar beag** a chomhlíonann na coinníollacha **roghnú** cibé acu an scéim FBM ⁽¹³⁾ a chur i bhfeidhm nó gan í a chur i bhfeidhm (más rud é go bhfuil sí á cur i bhfeidhm ag an mBallstát inar mian leis tairbhe a bhaint as an díolúine ó CBL). Má chinneann an fiontar beag an scéim FBM a chur i bhfeidhm, beidh feidhm ag an díolúine ó CBL maidir lena sholáthairtí uile. Má chinneann sé gan an scéim FBM a chur i bhfeidhm, beidh feidhm ag an gcóras caighdeánach CBL maidir leis na soláthairtí uile de réir réamhshocraithe. É sin ráite, d'fhéadfadh sé go mbeadh rialacha simplithe maidir le CBL ⁽¹⁴⁾ á gcur i bhfeidhm ag an mBallstát maidir le fiontair bheaga nach gcuireann an scéim FBM i bhfeidhm.

FBManna a chomhlíonann na coinníollacha ar fad, is féidir leo an pointe óna gcuirfidh siad an scéim i bhfeidhm a roghnú, cibé acu an scéim intíre nó scéim trasteorann atá ann. Fiontar beag a chuireann tús lena ghníomhaíocht eacnamaíoch, is féidir leis an scéim FBM a chur i bhfeidhm má chomhlíonann sé na coinníollacha. Fiontar beag a chuireann an córas caighdeánach CBL i bhfeidhm agus a ghearrann CBL ar a chustaiméirí, is féidir leis cinneadh a dhéanamh freisin athrú agus an díolúine ó CBL a chur i bhfeidhm maidir lena sholáthairtí earraí agus seirbhísí. Pé scéal é, an fiontar beag ar mian leis an scéim FBM a chur i bhfeidhm, déanfaidh sé é sin agus é ar intinn aige an scéim a chur i bhfeidhm ar bhonn leanúnach. Ciallaíonn sé sin nach féidir le fiontar beag rogha a dhéanamh a bheith páirteach agus gan bheith páirteach sa scéim FBM de réir mar a oireann sé don fhiontar beag.

⁽¹³⁾ Airteagal 290 den Treoir maidir le CBL.


⁽¹⁴⁾ Airteagal 281 den Treoir maidir le CBL.

1.2.4. Obair chomhlíontachta níos lú

Chun an t-ualach riaracháin ar FBManna a mhaolú, simplítear na hoibleagáidí comhlíontachta maidir le CBL, faoi mar a shonraítear sna ranna seo a leanas de na Nótaí Míniúcháin seo. I roinnt cásanna ina gcinneann fiontar beag an scéim FBM a chur i bhfeidhm ina Bhallstát bunaíochta agus sa Bhallstát sin amháin (díolúine ‘intíre’), is féidir leis an mBallstát sin an fiontar sin a scaoileadh ó gach oibleagáid nó ó oibleagáidí áirithe ó thaobh CBL de, mar shampla a bheith de cheangal air clárú chun críocha CBL, tuairisceáin CBL a chur isteach, sonraisc a eisiúint, cuntas a choinneáil, agus oibleagáidí riaracháin eile a chomhlíonadh ⁽¹⁵⁾ (féach roinn 3). Scaoiltear an fiontar beag freisin ó oibleagáidí comhlíontachta áirithe faoin scéim FBM trasteorann (féach roinn 4).

1.3. An chúis leis an athbhreithniú ar an scéim FBM

In 1977 a tugadh isteach an scéim FBM. Is é is cúis leis an athbhreithniú ar an scéim an t-athrú ar áit cánachais soláthairtí earraí agus seirbhísí ón **áit tionscnaimh** (áit a bhfuil an soláthróir bunaithe) go dtí an **ceann scríbe** (áit a n-úsáidtear na hearraí agus na seirbhísí). Chruthaigh sé sin saobhadh ar an iomaíocht idir FBManna atá bunaithe i mBallstát agus iad sin nach bhfuil bunaithe sa Bhallstát sin ó thaobh cur i bhfeidhm na scéime FBM de. Tá sonraí breise san Fhíor thíos ar thionchar an chánachais ag an áit tionscnaimh i gcomparáid leis an gcánachas ag an gceann scríbe.



Fíor 3: Áit chánachais: áit tionscnaimh i gcomparáid leis an gceann scríbe

⁽¹⁵⁾ Airteagail 292b agus 292c den Treoir maidir le CBL. Féach an tairseach ghréasáin le haghaidh FBManna (<https://sme-vat-rules.ec.europa.eu>) chun tuilleadh eolais a fháil faoi na simplithe is infheidhme i ngach Ballstát.

Míniú ar áit chánachais ag an áit tionscnaimh (an íomhá ar chlé san fhíor):


Nuair a bhí an áit soláthair lonnaithe áit a raibh an soláthróir bunaithe, bhí an soláthar inchánach i mBallstát 1. Dá bhrí sin, soláthairtí a rinneadh do chustaiméirí agus/nó do thomhaltóirí deiridh lonnaithe i mBallstát 1 agus i mBallstát 2 araon, d'fhéadfaidís a bheith díolmhaithe ó CBL faoin scéim FBM. Ag an am sin, chiallaigh sé gur maolaíodh oibleagáidí an tsoláthróra maidir le CBL.

Míniú ar áit chánachais ag an gceann scríbe roimh an athbhreithniú ar an scéim FBM (an íomhá ar dheis san fhíor):

I gcás soláthairtí seirbhísí, sonraíonn an riail ghinearálta gurb í an áit a bhfuil an custaiméir bunaithe an áit soláthair ⁽¹⁶⁾ (cánachas ag an gceann scríbe). Go dtí an 31 Nollaig 2024, ní féidir an scéim FBM a chur i bhfeidhm ach sa Bhallstát ina bhfuil an soláthróir bunaithe. Dá bhrí sin, go dtí sin, is féidir leis an soláthar a dhéantar do chustaiméir agus/nó do thomhaltóir deiridh i mBallstát 1 a bheith díolmhaithe ó CBL faoin scéim FBM, mar tá idir an soláthróir agus an custaiméir agus/nó an tomhaltóir (cánachas ag an gceann scríbe) lonnaithe i mBallstát 1. Mar sin féin, ní féidir leis an soláthar a dhéantar don chustaiméir agus/nó don tomhaltóir deiridh i mBallstát 2 a bheith díolmhaithe ó CBL mar ní féidir scéim FBM a chur i bhfeidhm ach sa Bhallstát ina bhfuil an soláthróir bunaithe. I gcás cánachas ag an gceann scríbe, is é an CBL i mBallstát 2 an CBL is infheidhme maidir leis an soláthar a dhéantar don chustaiméir atá lonnaithe i mBallstát 2. Tugtar le tuiscint leis sin nach mór don soláthróir clárú le haghaidh CBL agus oibleagáidí CBL a chomhlíonadh i mBallstát 2 le bheith in ann an CBL is infheidhme i mBallstát 2 a ghearradh ar an tomhaltóir deiridh agus é a íoc leis na húdaráis chánach. Dá bhrí sin, níor simplíodh oibleagáidí CBL an tsoláthróra ach ina Bhallstát bunaíochta amháin seachas sna Ballstáit ina bhfuil CBL dlite.

Dá bhrí sin, **go dtí an 31 Nollaig 2024**, cé go maolaíonn an scéim FBM ualach riaracháin CBL an tsoláthróra atá bunaithe sa Bhallstát ina bhfuil CBL dlite (arb ionann é agus an Ballstát bunaíochta), is féidir leis an ualach riaracháin CBL a bheith mór má cheanglaítear ar an soláthróir clárú le haghaidh CBL agus an CBL áitiúil a ghearradh i ngach Ballstát eile ina bhfuil CBL dlite, mar a léirítear i bhFíor 4 thíos. Tá sé sin an-ábhartha do sholáthróirí atá páirteach i soláthairtí seirbhísí agus earraí do thomhaltóirí deiridh (ríomhthráchtáil agus ciandíol).

⁽¹⁶⁾ Airteagal 44 den Treoir maidir le CBL.



Fíor 4: Raon feidhme críochach na scéime FBM go dtí an 31 Nollaig 2024


Cruthaíonn an staid sin saobhadh ar an iomaíocht idir fiontair bheaga atá bunaithe sa Bhallstát ina bhfuil an CBL dlite agus iad sin nach bhfuil. Cé gur féidir le fiontar beag atá bunaithe sa Bhallstát ina bhfuil CBL dlite tairbhe a bhaint as an díolúine ó CBL faoin scéim FBM agus a bheith scaoilte ó roinnt oibleagáidí CBL nó ó na hoibleagáidí uile, is féidir a chur de cheangal ar fhiontar beag nach bhfuil bunaithe sa Bhallstát céanna sin clárú le haghaidh CBL agus oibleagáidí CBL a chomhlíonadh, CBL a íoc ina measc.

1.4. Bunchloch na scéime FBM nua: a raon feidhme críochach a leathnú

Oscailt na scéime FBM do FBManna nach bhfuil bunaithe sa Bhallstát ina bhfuil CBL dlite, ba ghá é sin chun gach FBM – idir iad sin atá bunaithe agus iad sin nach bhfuil – a chur ar comhchéim chun dul i ngleic le saobhadh ar an iomaíocht ag eascairt as an aistriú chuig an gcánachas ag an gceann scríbe.

Ó thaobh na praitice de, ón 1 Eanáir 2025, **ceadaítear d'fhiontar beag freisin roghnú a bheith páirteach sa scéim FBM i mBallstáit nach bhfuil sé bunaithe iontu ⁽¹⁷⁾ agus ina bhfuil cáin dlite** ar choinníoll go gcomhlíonann sé na coinníollacha (díolúine thrasteorann). Tugtar le tuiscint leis sin gur féidir le fiontar beag a bhaineann tairbhe as an scéim FBM in aon Bhallstát seachas a Bhallstát bunaíochta a sholáthairtí earraí agus seirbhísí a dhíolmhú ó CBL sa Bhallstát sin, mar a léirítear i bhFíor 5 thíos. Fiontar beag atá bunaithe sa Bhallstát céanna sin, is féidir leis an díolúine sin ó CBL a rochtain cheana féin.

⁽¹⁷⁾ Scriostar Airteagal 283(1)(c) den Treoir maidir le CBL ón 1 Eanáir 2025.



Fíor 5: Raon feidhme críochach na scéime FBM ón 1 Eanáir 2025


An fhéidearthacht chun an scéim FBM a chur i bhfeidhm i mBallstát nó i mBallstáit ina bhfuil CBL dlite ach nach bhfuil FBM bunaithe ann nó iontu ('Ballstát díolúine' nó 'MEXE' anseo feasta), tá sí ina cúis le hoibleagáidí CBL 'trasteorann' freisin, mar a thugtar tuairisc orthu sa ranna seo a leanas.

1.5. An scéim FBM nua: dhá leibhéal cur i bhfeidhm

Cruthaítear **dhá leibhéal cur i bhfeidhm** le hoscailt na scéime FBM: leibhéal intíre agus leibhéal trasteorann.

1.5.1. Leibhéal intíre

Tagraíonn an leibhéal intíre don chás ina gcuireann an fiontar beag an scéim FBM i bhfeidhm ina Bhallstát bunaíochta agus sa Bhallstát sin amháin.




Fíor 6: Leibhéal intíre cur i bhfeidhm na scéime FBM

Sna Ballstáit eile (Ballstát 1, Ballstát 2, Ballstát 3) ina bhfuil CBL dlite agus ina bhfuil gníomhaíochtaí ag an bhfiontar beag, cuireann sé an córas caighdeánach CBL (nó próisis shimplithe) i bhfeidhm, cibé acu dá rogha féin (tá an scéim FBM roghnach) nó toisc nach gcomhlíonann sé na ceanglais chun an scéim FBM a chur i bhfeidhm sna Ballstáit sin.

1.5.2. Leibhéal trasteorann


Cumhdaítear an dá chás seo a leanas leis an leibhéal trasteorann:

- Cuireann an fiontar beag an scéim FBM i bhfeidhm i mBallstát nó i mBallstáit seachas a Bhallstát bunaíochta, agus sa Bhallstát nó sna Ballstáit sin amháin (gan an Ballstát bunaíochta san áireamh).



Fíor 7: Leibhéal trasteorann cur i bhfeidhm na scéime FBM – cás A1

I gcás A1, ar choinníoll go gcomhlíonann an fiontar beag na ceanglais chun an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm i ngach Ballstát ina bhfuil CBL dlite, is féidir leis rogha a dhéanamh an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm sna Ballstáit sin uile.




Fíor 8: Leibhéal trasteorann cur i bhfeidhm na scéime FBM – cás A2

I gcás A2, cé go gcomhlíonann an fiontar beag na ceanglais chun an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm i ngach Ballstát ina bhfuil CBL dlite, is féidir leis rogha a dhéanamh i gcónaí gan an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm ach i gcuid de na Ballstáit sin amháin.

Más rud é nach gcomhlíonann an fiontar beag na ceanglais chun an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm i gcuid de na Ballstáit ina bhfuil CBL dlite, beidh air an córas caighdeánach CBL a chur i bhfeidhm iontu ach d'fhéadfadh sé rogha a dhéanamh i gcónaí an scéim FBM a chur i bhfeidhm i mBallstáit eile ina gcomhlíonann sé na ceanglais.

- b) Cuireann an fiontar beag an scéim FBM i bhfeidhm ina Bhallstát bunaíochta agus i mBallstát nó i mBallstáit eile araon.



Fíor 9: Leibhéal trasteorann cur i bhfeidhm na scéime FBM – cás B

Faoi chás B, an t-aon difríocht atá ann le cásanna A1 agus A2 ná go gcuireann an fiontar beag an scéim FBM i bhfeidhm ina Bhallstát bunaíochta freisin.

Ní hionann cur i bhfeidhm na scéime FBM agus na hoibleagáidí comhlíontachta comhfhreagracha maidir le CBL ag brath ar an rogha a rinne an FBM: intíre nó trasteorann.

- Tá feidhm ag an scéim FBM **intíre** i gcás nach n-úsáideann an fiontar beag an scéim FBM ach ina Bhallstát bunaíochta amháin,
- Cumhdaítear leis an scéim FBM **trasteorann** na cásanna ina n-úsáideann an fiontar beag an scéim FBM: a) i mBallstát nó i mBallstáit seachas an Ballstát bunaíochta agus ann sin nó iontu sin amháin, nó b) i mBallstát nó i mBallstáit eile agus ina Bhallstát bunaíochta freisin.

Chun tuiscint níos fearr a fháil ar fheidhmiú agus ar oibleagáidí gach leibhéil, tá ranna sna Nótaí Míniúcháin ina ndéileáiltear go sonrach le gach ceann ar leithligh mar aon le roinnt ranna eile a bhfuil feidhm acu maidir le gach leibhéal. Le haghaidh gach roinne, sonrófar an leibhéal – cibé acu trasteorann nó intíre – lena mbaineann sé.

1.6. Gníomhartha dlí ábhartha

D'fhógair an Coimisiún, ina Phlean Gníomhaíochta CBL an 7 Aibreán 2016 ⁽¹⁸⁾, pacáiste simplithe cuimsitheach le haghaidh FBManna atá fabhrach dá bhfás agus don trádáil trasteorann. Cuimsíodh athbhreithniú ar an scéim FBM leis sin. An 18 Eanáir 2018, chuir sé i láthair Togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear an Treoir maidir le CBL a mhéid a bhaineann leis an scéim FBM.

I measc na ngníomhartha dlí lenar tugadh isteach na hathruithe ar CBL a ndéileáiltear leo sna Nótaí Míniúcháin seo, tá:

- a) Treoir (AE) 2020/285 ón gComhairle an 18 Feabhra 2020 lena leasaítear Treoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha a mhéid a bhaineann leis an scéim speisialta d'fhiontair bheaga agus Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an gcomhar riaracháin agus leis an malartú faisnéise idir Ballstáit chun faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm ceart na scéime speisialta d'fhiontair bheaga
- b) Treoir (AE) 2022/542 ón gComhairle an 5 Aibreán 2022 lena leasaítear Treoracha 2006/112/CE agus (AE) 2020/285 a mhéid a bhaineann le rátaí cánach breisluacha
- c) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2007 ón gCoimisiún an 16 Samhain 2021 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle a mhéid a bhaineann le scéim speisialta le haghaidh fiontair bheaga

⁽¹⁸⁾ <https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-12764-2016-INIT/ga/pdf>.

2. Príomhghnéithe na scéime FBM nua

Baineann an roinn seo le **gach leibhéal**, cibé acu is mian le fiontar beag an scéim FBM a chur i bhfeidhm ina Bhallstát bunaíochta amháin (intíre), i mBallstát nó i mBallstáit eile amháin (trasteorann) nó ina Bhallstát bunaíochta agus i mBallstát nó i mBallstáit eile araon (trasteorann). Tá sé **fíor-riachtanach** bunghnéithe na scéime FBM a thuiscint chun bheith ar an eolas faoin gcaoi a bhfeidhmíonn sí.

2.1. Coincheap na bunaíochta

Déantar idirdhealú sa scéim FBM idir fiontair bheaga atá ‘bunaithe’ agus iad sin ‘nach bhfuil bunaithe’ laistigh de chríoch Bhallstáit.


Chun an scéim FBM a chur i bhfeidhm i gceart, ní féidir ach **aon Bhallstát bunaíochta amháin (MSEST)** a bheith ann. Tugtar ‘Ballstáit díolúine’ (MSEXE) ar na Ballstáit eile inar mian le FBM an scéim FBM a chur i bhfeidhm.

2.1.1. Ballstát bunaíochta

Meastar go bhfuil fiontar beag bunaithe sa Bhallstát ina bhfuil **suíomh a ghníomhaíochta eacnamaíche lonnaithe aige** ⁽¹⁹⁾: is é sin an áit an dtugtar faoi fheidhmeanna riarachán lárnach an ghnólachta. I gcás duine nádúrtha, is féidir leis an mBallstát ina bhfuil a sheoladh buan ag an duine sin a bheith mar an áit bhunaíochta. Chun feidhmiú éifeachtach na scéime a chinntiú, ní féidir ach **aon Bhallstát bunaíochta amháin** a bheith ann. Is sa Bhallstát sin is gá an fiontar beag a shainaithint chun an díolúine thrasteorann a úsáid. Ní chumhdaítear leis an gcoincheap de FBM a bheith bunaithe i mBallstát ar leith áiteanna ina bhfuil buanbhunaíocht ghnó aige ⁽²⁰⁾ mar d’fhéadfaí céannachtaí iolracha a bheith ann dá thoradh sin.

⁽¹⁹⁾ Airteagal 10(2) agus (3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 an 15 Márta 2011 lena leagtar síos bearta cur chun feidhme do Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (athmhúnlú) (IO L 77, 23.3.2011, lch. 1).

⁽²⁰⁾ Mar a pléadh ag an gCoiste um CBL ag an 121^ú cruinniú de, bunaithe ar Dhoiciméad Oibre Uimh. 1051 *The new special scheme for small enterprises and fixed establishments* [An scéim speisialta nua le haghaidh fiontair bheaga agus buanbhunaíochtaí gnó] agus ag an 123^ú cruinniú de, bunaithe ar Dhoiciméad Oibre Uimh. 1073 *The SME scheme updated as of 1 January 2025* [An scéim FBM nuashonraithe ón 1 Eanáir 2025].



Fíor 10: Áit bhunaíochta i gcomhthéacs na scéime FBM

Mar a léirítear i bhFíor 10, is é atá sa Bhallstát bunaíochta (MSEST) an Ballstát ina bhfuil suíomh a ghníomhaíochta eacnamaíche lonnaithe ag an bhfiontar beag: Ballstát 1. I gcás duine nádúrtha, is féidir seoladh buan an duine sin a bheith mar shuíomh na gníomhaíochta eacnamaíche.

Ballstát ina bhfuil buanbhunaíochtaí gnó ag an bhfiontar beag nó ina sainaitheann é chun críocha CBL gan buanbhunaíocht ghnó a bheith ann (sa chás sin, Ballstát 2, Ballstát 3 agus Ballstát 4), ní féidir é a mheas mar an Ballstát bunaíochta. Más mian leis an bhfiontar beag an scéim FBM a chur i bhfeidhm i mBallstát 2, i mBallstát 3 agus/nó i mBallstát 4, is féidir é sin a dhéanamh ón 1 Eanáir 2025 faoin scéim FBM trasteorann (ar choinníoll go gcomhlíonann an FBM na coinníollacha uile). Sa chás sin, Ballstáit díolúine (MSEXE) a bheidh i mBallstát 2, Ballstát 3 agus Ballstát 4.

2.1.2. Cás na buanbhunaíochta gnó agus clárú CBL fiontar beag san Aontas

I gcás ina bhfuil buanbhunaíocht ghnó nó uimhir chláráithe CBL gan buanbhunaíocht ghnó ag fiontar beag in aon Bhallstát amháin nó níos mó ina gcuireann sé an córas caighdeánach CBL i bhfeidhm agus i gcás inar mian leis athrú a dhéanamh agus an díolúine ó CBL a chur i bhfeidhm (díolúine thrasteorann ó CBL), beidh ar an bhfiontar beag chun críocha CBL díchlárú sna Ballstáit sin nuair a thabharfar rochtain dó ar an scéim FBM trasteorann.

Má tá buanbhunaíocht ghnó ag fiontar beag i mBallstát ina bhfuil an scéim FBM (intíre) á cur i bhfeidhm aige cheana féin agus más mian leis leanúint den scéim FBM (trasteorann) a chur i bhfeidhm tar éis an 1 Eanáir 2025, beidh ar an bhfiontar beag na rialacha clárúcháin a chomhlíonadh le haghaidh na scéime FBM trasteorann a shonraítear i roinn 4 agus ansin díchlárú chun críocha CBL sa Bhallstát sin.

I gcás ina bhfuil buanbhunaíocht ghnó nó uimhir chláráithe CBL gan buanbhunaíocht ghnó ag fiontar beag in aon Bhallstát amháin nó níos nó nach mian leis an díolúine ó CBL (scéim FBM trasteorann) a chur i bhfeidhm ann nó iontu, ní bheidh aon tionchar ag na rialacha nua is infheidhme ón 1 Eanáir 2025.

2.1.3. Cás fiontar beag lasmuigh den Aontas

Is é is fiontar lasmuigh den Aontas ann fiontar a bhfuil suíomh a ghníomhaíochta eacnamaíche, a sheoladh buan, srl. lonnaithe lasmuigh den Aontas Eorpach. **Ní féidir le fiontair lasmuigh den Aontas an scéim FBM a chur i bhfeidhm (intíre / trasteorann).** Fiontar lasmuigh den Aontas ag a bhfuil **buanbhunaíocht ghnó nó buanbhunaíochtaí ghnó laistigh den Aontas Eorpach**, ní féidir leis an scéim FBM a chur i bhfeidhm ach an oiread.

Fiontair bheaga atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe, Tuaisceart Éireann san áireamh ⁽²¹⁾, ba cheart féachaint orthu mar fhiontair lasmuigh den Aontas le haghaidh chur i bhfeidhm na scéime FBM. Dá bhrí sin, níl feidhm ag an scéim FBM maidir leis na hidirbhearta seo a leanas:

- a) Soláthairtí earraí a dhéanann duine inchánach atá bunaithe i mBallstát i gcás ina bhfuil áit an tsoláthair sin lonnaithe i dTuaisceart Éireann;
- b) Soláthairtí earraí a dhéanann duine inchánach atá bunaithe i dTuaisceart Éireann i gcás ina bhfuil áit an tsoláthair sin lonnaithe i mBallstát.

Ní féidir ach le fiontair bheaga a bhfuil a n-áit bhunaíochta lonnaithe i **mBallstát den Aontas Eorpach** an scéim FBM a chur i bhfeidhm.

⁽²¹⁾ Féach [an Preaseisiúint maidir leis an mBealach nua chun cinn i leith an Phrótacail maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann](#) agus [an Bhileog Eolais a ghabhann le Creat Windsor](#).

2.2. Raon feidhme an chur i bhfeidhm

2.2.1. Idirbhearta a chumhdaítear

Faoin scéim FBM, tá feidhm ag an díolúine ó CBL maidir leis na soláthairtí seo a leanas d'earraí agus de sheirbhísí a dhéantar do chustaiméirí gnó agus/nó do thomhaltóirí deiridh:

- Soláthairtí intíre earraí
Sampla: soláthairtí 'cuimhneachán' i gcás ina bhfuil an soláthróir agus an tomhaltóir deiridh araon lonnaithe sa Bhallstát céanna agus ina bhfuil CBL dlite sa Bhallstát sin.
- Ciandíol earraí laistigh den Chomhphobal ⁽²²⁾
Sampla: soláthróir atá bunaithe i mBallstát 1, díolann sé leabhair agus seolann sé iad chuig tomhaltóirí deiridh atá lonnaithe i mBallstát 2.
- Soláthairtí intíre seirbhísí (tá an soláthróir lonnaithe sa Bhallstát ina bhfuil CBL dlite)
Sampla: eagraíonn an soláthróir bialann agus itheann na custaiméirí sa bhialann sin.
- Seirbhísí a sholáthraítear go leictreonach
Sampla: fiontar beag atá bunaithe i mBallstát 1, soláthraíonn sé seirbhísí dearaidh intí ar líne do chustaiméirí gnó nó do thomhaltóirí deiridh atá lonnaithe i mBallstát 2.
- Soláthairtí earraí a sheoltar nó a iompraítear ó Bhallstát amháin chuig custaiméir gnó atá lonnaithe i mBallstát eile (soláthairtí earraí laistigh den Chomhphobal)
Sampla: soláthairtí páirteanna spártha gluaisteáin a iompraítear ó sholáthróir atá bunaithe i mBallstát 1 chuig custaiméir atá lonnaithe i mBallstát 2.
- Soláthairtí earraí a sheoltar nó a iompraítear ó Bhallstát go tír nach bhfuil san Aontas (easpórtálacha)
Sampla: soláthairtí páirteanna spártha gluaisteáin a iompraítear ó sholáthróir atá bunaithe i mBallstát 1 chuig custaiméir atá lonnaithe i dtír nach bhfuil san Aontas.

Má roghnaíonn FBM an scéim FBM a chur i bhfeidhm, tá feidhm ag an díolúine ó CBL maidir lena sholáthairtí uile earraí agus seirbhísí (murab idirbhearta iad a dhíolmhaítear ó chur i bhfeidhm na scéime mar a mhínítear i roinn 2.2.2 thíos). Is é sin, má thagann na soláthairtí faoi raon feidhme a chur i bhfeidhm, ní féidir le FBM rogha a dhéanamh an

⁽²²⁾ Airteagal 33 den Treoir maidir le CBL.

scéim FBM a chur i bhfeidhm maidir le hidirbhearta aonair áirithe amháin agus an córas caighdeánach CBL a chur i bhfeidhm maidir le hidirbhearta eile.

Níl feidhm ag an díolúine ó CBL ach maidir le soláthairtí amháin. Mar gheall air sin, níl feidhm ag an díolúine ó CBL maidir le ceannacháin earraí agus seirbhísí lena mbaineann aistriú táillí ⁽²³⁾ agus iompórtálacha earraí. I gcás na n-idirbheart sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh fiontar beag faoi dhliteanas CBL a íoc, clárú le haghaidh CBL agus oibleagáidí comhlíontachta a chomhlíonadh faoi na rialacha caighdeánacha CBL ⁽²⁴⁾ sa Bhallstát ina bhfuil na hidirbhearta sin lonnaithe. Tugtar míniú breise i roinn 6 ar an idirghníomhú idir an scéim FBM agus an córas caighdeánach CBL.

2.2.2. Idirbhearta a eisiatar

Eisiatar na hidirbhearta seo a leanas ⁽²⁵⁾ ó chur i bhfeidhm na scéime FBM:

- Idirbhearta ócáideacha ⁽²⁶⁾, mar shampla an soláthar roimh fhoirgneamh nó codanna den fhoirgneamh a áitiú den chéad uair nó an soláthar talún tógála,
- Soláthairtí trasteorann díolmhaithe modhanna nua iompair a dhéantar ó Bhallstát go chéile ⁽²⁷⁾.

Anuas ar na hidirbhearta thuasluaite, is féidir leis na Ballstáit cinneadh a dhéanamh aon soláthar eile earraí agus seirbhísí dá rogha féin a eisiúint ó chur i bhfeidhm na scéime FBM ⁽²⁸⁾. Cé go gceadaítear an rogha sin sa Treoir maidir le CBL ⁽²⁹⁾, is féidir leis castacht a chruthú d'fhiontair bheaga mar baineann sé den scéim FBM an simpliú a bhí beartaithe trí cheangal a chur ar FBManna atá incháilithe don díolúine ó CBL ar shlí eile an córas caighdeánach CBL a chur i bhfeidhm maidir leis na hidirbhearta eisiithe.

Más rud é nach gcumhdaítear gach idirbheart leis an scéim FBM, is féidir le fiontar beag a bheith i gcás inar gá dó clárú le haghaidh CBL agus oibleagáidí comhlíontachta maidir le CBL a chomhlíonadh le haghaidh idirbhearta a eisiatar ón scéim agus a bheith incháilithe i gcónaí leis an scéim FBM a chur i bhfeidhm maidir leis na hidirbhearta a thagann faoina raon feidhme (ar choinníoll go gcomhlíonann an fiontar beag na coinníollacha). Mar sin féin, toisc gur scéim roghnach í an scéim FBM, is féidir leis an

⁽²³⁾ Airteagal 196 agus, más ábhartha, Airteagail 194 nó 199 den Treoir maidir le CBL.

⁽²⁴⁾ Doiciméad oibre Uimh. 1049 *An scéim speisialta nua le haghaidh fiontair bheaga: idirghníomhú leis na rialacha maidir le hearraí a fhaightear laistigh den Chomhphobal*.

⁽²⁵⁾ Airteagal 283(1) den Treoir maidir le CBL.

⁽²⁶⁾ Mar a thagraítear dó in Airteagal 12 den Treoir maidir le CBL.

⁽²⁷⁾ Mar a thagraítear dó in Airteagal 2(2) den Treoir maidir le CBL agus a dhéantar i gcomhréir leis na coinníollacha a shonraítear in Airteagal 138(1) agus (2)(a).

⁽²⁸⁾ <https://sme-vat-rules.ec.europa.eu>

⁽²⁹⁾ Airteagal 283(2) den Treoir maidir le CBL.

bhfiontar beag measúnú a dhéanamh i gcónaí ar cibé acu a bheadh cás den sórt sin oiriúnach ó thaobh an ghnó de nó nach mbeadh.

2.2.3. Cé aige a mbíonn tús áite: an scéim FBM nó an córas caighdeánach CBL?

Bíonn tús áite ag an díolúine ó CBL sa scéim FBM ar an gcóireáil CBL faoin gcóras caighdeánach CBL, mar a mhínítear thíos.

Sampla 1

Soláthraíonn fiontar beag earraí do chustaiméir gnó agus iompraítear na hearraí ó Bhallstát 1 go Ballstát 2.


Faoin gcóras caighdeánach CBL, tá an **soláthar earraí laistigh den Chomhphobal** díolmhaithe ó CBL de réir Airteagal 138 den Treoir maidir le CBL agus osclaítear leis ceart don soláthróir (an fiontar beag) CBL ar ionchur a bhaineann leis an soláthar sin a asbhaint i mBallstát 1.

Má dhéanann an fiontar beag an soláthar céanna earraí faoin scéim FBM, bíonn tús áite ag rialacha na scéime sin ar an gcóras caighdeánach CBL. Tá an soláthar díolmhaithe ó CBL de réir Airteagal 284 den Treoir maidir le CBL agus ní osclaítear leis aon cheart don fhiontar beag CBL ar ionchur a thabhaítear ar na ceannacháin a bhaineann leis an soláthar sin a asbhaint i mBallstát 1.

Faoin scéim FBM, ní leanann fáil earraí faoi réir CBL laistigh den Chomhphobal ⁽³⁰⁾ an soláthar díolmhaithe. Le haghaidh an chustaiméara gnó, ciallaíonn sé sin nár cheart dó cuntas a thabhairt in CBL le haghaidh an cheannacháin sin. Faoi fhreagracht an chustaiméara gnó atá sé stádas díolmhaithe ó CBL an fhiontair bhig a sheiceáil ar an aip ‘FBM ar an nGréasán’ ⁽³¹⁾.

⁽³⁰⁾ Airteagal 2(1)(b)(i) agus Airteagal 139 den Treoir maidir le CBL.

⁽³¹⁾ Beidh an nasc ar fáil ó mhí Eanáir 2025: https://ec.europa.eu/taxation_customs/sme-verification



Sampla 2


Fiontar beag atá bunaithe i mBallstát 1, soláthraíonn sé seirbhísí fógraíochta do chustaiméir gnó atá lonnaithe i mBallstát 2. De réir na rialach ginearálta maidir leis an áit soláthair seirbhísí ⁽³²⁾, gearrtar cáin ar an soláthar sin sa Bhallstát ina bhfuil an custaiméir lonnaithe: Ballstát 2 (cánachas ag an gceann scríbe). Ciallaíonn sé sin nach dtagann an soláthar seirbhísí sin faoi raon feidhme CBL i mBallstát 1.

⁽³²⁾ Airteagal 44 den Treoir maidir le CBL.

Faoin gcóras caighdeánach CBL, d'osclófaí leis an soláthar seirbhísí sin i mBallstát 2 ceart don soláthróir (an fiontar beag) CBL ar ionchur a asbhaint i mBallstát 1 ar cheannacháin a bhaineann leis an soláthar sin. Toisc go bhfuil an áit soláthair lonnaithe i mBallstát 2, thabharfadh an custaiméir gnó cuntas in CBL i mBallstát 2 bunaithe ar an sásra aistrithe táillí ⁽³³⁾.

Faoin scéim FBM, beidh an soláthar sin lonnaithe i mBallstát 2 freisin. Mura gcuireann an fiontar beag an scéim FBM trasteorann i bhfeidhm i mBallstát 2 (an Ballstát ina bhfuil CBL dlite), beidh an custaiméara gnó faoi dhliteanas i gcónaí cuntas a thabhairt in CBL i mBallstát 2 faoin sásra aistrithe táillí.

Má chuireann an fiontar beag an scéim FBM trasteorann i bhfeidhm i mBallstát 2, cumhdaítear an soláthar leis an díolúine trasteorann i mBallstát 2, mar sin ní ann d'aon CBL don chustaiméir cuntas a thabhairt ann. Faoi fhreagracht an chustaiméara gnó atá sé stádas díolmhaithe ó CBL an fhiontair bhig a sheiceáil san aip 'FBM ar an nGréasán' ⁽³⁴⁾.



Fíor 12: Soláthar seirbhísí do chustaiméir gnó atá lonnaithe i mBallstát eile

⁽³³⁾ Airteagal 196 den Treoir maidir le CBL.


⁽³⁴⁾ Beidh an nasc ar fáil ó mhí Eanáir 2025: https://ec.europa.eu/taxation_customs/sme-verification

Sampla 3

Soláthraíonn fiontar beag earraí ó Bhallstát 1 do thomhaltóirí deiridh atá lonnaithe i mBallstát 2. I mBallstát 2 atá áit an tsoláthair sin lonnaithe ⁽³⁵⁾.

Tá feidhm ag an gcóras caighdeánach CBL mura n-úsáideann an fiontar beag an scéim FBM trasteorann i mBallstát 2. Faoin gcás seo, bheadh ar an bhfiontar beag clárú le haghaidh CBL i mBallstát 2 agus ba cheart dó an CBL is infheidhme i mBallstát 2 a ghearradh ar thomhaltóirí deiridh. D'fhéadfaí scéim ionaid ilfhreastail an Aontais (OSS) a chur i bhfeidhm mar mhalairt ar an gcóras caighdeánach CBL (féach roinn 7). Ba cheart ceart a oscailt leis an soláthar sin don fhiontar beag (an soláthróir) CBL ar ionchur a bhaineann leis an soláthar sin a asbhaint.

Dá gcuirfeadh an fiontar beag an scéim FBM trasteorann i bhfeidhm i mBallstát 2, bheadh an soláthar díolmhaithe ó CBL, mar sin ní ghearrfaí aon CBL don chustaiméir i mBallstát 2. Ní osclófaí ceart leis an soláthar sin chun CBL ar ionchur a asbhaint. Ní bheadh aon cheangal ar an bhfiontar beag clárú i mBallstát 2 mar tá sé cláraithe cheana féin tríd an scéim FBM trasteorann.



Fíor 13: Ciandiól earraí le tomhaltóirí deiridh


⁽³⁵⁾ Airteagail 33 agus 139 den Treoir maidir le CBL.

Sampla 4

Soláthraíonn fiontar beag earraí a iompraítear ó Bhallstát 1 go tír nach bhfuil san Aontas.

Faoin gcóras caighdeánach CBL, tá an easpórtáil earraí díolmhaithe ó CBL de réir Airteagal 146 den Treoir maidir le CBL agus osclaítear leis ceart don soláthróir (an fiontar beag) CBL ar ionchur a bhaineann leis an easpórtáil earraí sin lasmuigh den Aontas a asbhaint.

Má dhéanann an fiontar beag an soláthar céanna earraí faoin scéim FBM, bíonn tús áite ag rialacha na scéime sin ar an gcóras caighdeánach CBL. Tá an soláthar earraí díolmhaithe ó CBL de réir Airteagal 284 den Treoir maidir le CBL agus ní osclaítear leis ceart don soláthróir (an fiontar beag) CBL ar ionchur a asbhaint.



Fíor 14: Soláthairtí earraí a iompraítear nó a sheoltar lasmuigh den Aontas

2.3. An tairseach bhliantúil náisiúnta i gcomparáid le tairseacha earnála

Leagtar síos i gcomhchreat ⁽³⁶⁾ le haghaidh na díolúine uasmhéid na **tairsí láimhdeachais bhliantúil náisiúnta ag EUR 85 000** le haghaidh na mBallstát uile (nó a choibhéis in airgeadra náisiúnta). Ní cheadaítear sa Treoir maidir le CBL do na Ballstáit tairseach bhliantúil náisiúnta níos airde ná sin a leagan síos. Ní mór do na Ballstáit an leibhéal céanna tairsí bliantúla náisiúnta a chur i bhfeidhm maidir le FBManna atá bunaithe ina ndlínse agus maidir le FBManna atá bunaithe i mBallstát eile seachas ina ndlínse féin. An tairseach bhliantúil náisiúnta a leagtar síos, ba cheart í a dhíolmhú ó CBL.

D'fhéadfadh níos mó ná aon tairseach amháin a bheith ag na Ballstáit. Is féidir leis na Ballstáit tairseacha éagsúla a leagan síos d'earnálacha éagsúla gnó. Is eisceacht ar an riail ghinearálta é níos mó ná aon tairseach amháin a bheith ann. Más ann do thairseacha earnála, ní mór iad a bheith bunaithe ar chritéir oibiachtúla agus ní féidir aon cheann de na tairseacha sin a bheith níos mó ná EUR 85 000 (nó a choibhéis in airgeadra náisiúnta). Mar sin féin, fiontair bheaga atá incháilithe le tairbhe a bhaint as tairseach earnála amháin i mBallstát ar leith, ní féidir leo úsáid a bhaint ach as **aon cheann amháin de na tairseacha sin le haghaidh a soláthairtí uile sa Bhallstát sin**. Sa chás sonrach sin, faoi fhreagracht aon Bhallstáit a chuireann níos mó ná aon tairseach amháin i bhfeidhm atá sé treoraíocht shoiléir a thabhairt don fhiontar beag faoin tairseach ba cheart dó a úsáid. Tá eolas faoi na tairseacha atá á gcur i bhfeidhm ag na Ballstáit le fáil ar an tairseach ghréasáin le haghaidh FBManna ⁽³⁷⁾. Chun éiginnteacht dhlíthiúil a sheachaint le haghaidh fiontar beag a bhféadfadh a ghníomhaíochtaí, a chomhfhreagraíonn do níos mó ná aon tairseach amháin, athrú le linn na bliana, níor cheart don Bhallstát lena mbaineann ach an t-aistriú ó aon tairseach amháin chuig tairseach eile a cheangal ach uair amháin sa bhliain ag tús gach bliana féilire bunaithe ar ghníomhaíochtaí a thuairiscigh an fiontar beag le linn na bliana féilire roimhe sin.

2.4. Ríomh an láimhdeachais bhliantúil

Cuimsítear na méideanna seo a leanas, ar leith ó CBL, leis an láimhdeachas bliantúil atá mar thagairt chun an scéim FBM a chur i bhfeidhm ⁽³⁸⁾:

⁽³⁶⁾ Airteagal 284(1) den Treoir maidir le CBL.

⁽³⁷⁾ <https://sme-vat-rules.ec.europa.eu>

⁽³⁸⁾ Airteagal 288 den Treoir maidir le CBL.

- a) Luach na soláthairtí earraí agus seirbhísí a ngearrtar cáin orthu mura ndéantar faoin scéim FBM iad
Sampla: soláthairtí seirbhísí gruagaireachta, soláthairtí éadaí a dhíoltar ar líne, srl.
- b) Luach na n-idirbheart atá díolmhaithe, lena ngabhann in-asbhainteacht CBL a íoctar ag an gcéim roimhe sin, de bhun Airteagal 98(2) nó Airteagal 105a den Treoir maidir le CBL
Sampla: soláthairtí ticéad ceolchoirme, seirbhísí glantacháin i dteaghlaigh phríobháideacha, srl.
- c) Luach na n-idirbheart a bhaineann le heaspórtálacha díolmhaithe, iompar idirnáisiúnta agus na soláthairtí gaolmhara seirbhísí ag idirghabhálaithe ⁽³⁹⁾
Sampla: soláthairtí earraí a iompraítear nó a sheoltar chuig custaiméirí atá lonnaithe i dtír nach bhfuil san Aontas.
- d) Luach soláthairtí díolmhaithe earraí laistigh den Chomhphobal ⁽⁴⁰⁾
Sampla: soláthairtí earraí a iompraítear nó a sheoltar chuig custaiméirí atá lonnaithe i mBallstát seachas Ballstát imeachta na n-earraí.
- e) Luach idirbheart eastáit réadaigh, idirbheart airgeadais mar a thagraítear dóibh in Airteagal 135(1), pointí (b) go (g) den Treoir maidir le CBL, agus seirbhísí árachais agus athárachais, murab idirbhearta coimhdeacha na hidirbhearta sin
Sampla: léasú maoine dochorraithe, soláthairtí crannchur agus cearrbhachais, srl.

An **t-aistriú earraí** ar cuid de shócmhainní gnó fiontair bhig iad chuig Ballstát eile, déileálfar leis mar sholáthar earraí ar comaoin ⁽⁴¹⁾. Cuirfear luach na n-earraí a aistrítear san áireamh i ríomh láimhdeachas bliantúil an FBM i mBallstát imeachta an stoic. Comhfhreagraíonn sé sin don phraghas ceannaigh, nó in éagmais praghas ceannaigh, costphraghas na n-earraí sin ⁽⁴²⁾.

Idirbhearta nach gcuirfear san áireamh sa láimhdeachas bliantúil:

- Aistrithe earraí chuig tír nach bhfuil san Aontas: má easpórtáiltear earraí gan soláthar a bheith ann, rud a d'fhéadfadh a bheith ann i gcás ina mbogtar iad chuig **stoc i dtír nach bhfuil san Aontas**, ní ghinfear aon láimhdeachas. Níor cheart, mar sin, méideanna na n-earraí a aistrítear a chur san áireamh i ríomh an láimhdeachais sa chás sonrach sin.

⁽³⁹⁾ Airteagail 146 go 149, agus Airteagail 151, 152 agus 153 den Treoir maidir le CBL.

⁽⁴⁰⁾ Airteagal 138 den Treoir maidir le CBL.

⁽⁴¹⁾ Airteagal 17 den Treoir maidir le CBL.

⁽⁴²⁾ Airteagal 76 den Treoir maidir le CBL.

Sampla: bogann fiontar beag san Aontas cuid dá stoc amhábhair san Aontas chuig stóras i dtír nach bhfuil san Aontas.

- **Diúscairtí sócmhainní caipitiúla inláimhsithe nó doláimhsithe FBM:** níor cheart iad a chur san áireamh chun an láimhdeachas bliantúil a ríomh.

Sampla: d'fhéadfadh, mar shampla, ríomhaire nó meaisín a úsáideann an fiontar beag chun a ghníomhaíocht eacnamaíoch a dhéanamh a bheith ina shócmhainn chaipitiúil inláimhsithe. Luach sócmhainne caipitiúla inláimhsithe nó doláimhsithe ó ghnó an fhiontair bhig a bhaintear, ní chuirtear san áireamh é i ríomh an láimhdeachais bhliantúil.

- **Soláthairtí díolmhaithe le haghaidh gníomhaíochtaí áirithe a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail ⁽⁴³⁾**

Sampla: soláthairtí díolmhaithe a dhéanann ollscoileanna nó ospidéal, ní chuirtear san áireamh é i ríomh an láimhdeachais bhliantúil.

Mar riail ghinearálta, cuimsítear leis an láimhdeachas luach na soláthairtí uile. Méideanna a bhaineann le ceannacháin, ní chuirfear san áireamh iad. Earraí a fhaightear laistigh den Aontas agus easpórtálacha earraí a dhéanann an FBM, níl siad in ainm is a bheith san áireamh sa ríomh sin. Níl an luach seirbhísí dá bhfuil an FBM faoi dhliteanas cuntas a thabhairt in CBL faoin sásra aistrithe táille in ainm is a bheith san áireamh ach an oiread ⁽⁴⁴⁾.

⁽⁴³⁾ Airteagal 132 den Treoir maidir le CBL.

⁽⁴⁴⁾ Airteagal 196 den Treoir maidir le CBL.

Sampla 5

Tá fiontar beag bunaithe i mBallstát 1 agus táirgeann sé earraí criadóireachta (plátaí, cupáin, srl) a bhíonn á ndíol aige le custaiméirí gnó i mBallstát 1 agus i mBallstát 2. Cuireann sé an scéim FBM i bhfeidhm i mBallstát 1 ach ní chuireann sé an scéim i bhfeidhm i mBallstát 2. Níl aon ghníomhaíocht eacnamaíoch aige in aon Bhallstát eile. Uaireanta, díolann sé earraí le tomhaltóirí deiridh atá lonnaithe i dtír nach bhfuil san Aontas. Chun críocha a ghnó, bhog sé stoc ó Bhallstát 1 go Ballstát 2. I mbliana, bhain sé óna shócmhainní gnó meaisín a bhíodh in úsáid aige chun na hearraí criadóireachta a tháirgeadh agus chuir sé meaisín nua, a cheannaigh sé ó sholáthróir atá bunaithe i mBallstát 1, ina áit. Ceannaíonn sé amhábhair a sholáthraítear dó i mBallstát 1 ó sholáthróir atá bunaithe i mBallstát 3 (earraí a fháil laistigh den Chomhphobal). Léirítear sa tábla thíos conas láimhdeachas an fhiontair bhig i mBallstát 1 a ríomh.

Ríomh láimhdeachais bhliantúil i mBallstát 1	
Idirbhearta	Ar áireamh leis an láimhdeachas bliantúil?
Soláthairtí intíre earraí do chustaiméirí gnó i mBallstát 1	Ar áireamh
Soláthairtí earraí do chustaiméirí gnó i mBallstát 2	Ar áireamh
Soláthairtí earraí do thomhaltóirí deiridh i dtír nach bhfuil san Aontas	Ar áireamh
Aistriú stoic dhílis ó Bhallstát 1 go Ballstát 2	Ar áireamh
Diúscairt an mheaisín chaite	Gan bheith ar áireamh
Ceannach meaisín nua ó sholáthróir i mBallstát 1	Gan bheith ar áireamh
Ceannach amhábhair ó sholáthróir i mBallstát 3	Gan bheith ar áireamh

Fíor 15: Ríomh an láimhdeachais bhliantúil – tábla achoimreach

Sampla 6

Déanann ollscoil soláthairtí díolmhaithe seirbhísí (soláthar oideachais ollscoile) agus soláthairtí seirbhísí a ngearrtar cáin orthu (soláthar taighde). Cé nach gcuirfear luach na soláthairtí díolmhaithe san áireamh i láimhdeachas bliantúil na hollscoile, d'fhéadfaí a soláthairtí seirbhísí a ngearrtar cáin orthu a chumhdach leis an scéim FBM agus, dá bhrí sin, ba cheart a luach a chur san áireamh i ríomh an láimhdeachais bhliantúil. Dá gcinnfeadh an ollscoil an scéim FBM a chur i bhfeidhm, ní bheadh sé ar a cumas aici CBL ar ionchur a asbhaint, mar a shonraítear i roinn 5.

3. Scéim FBM ‘intíre’

Mínítear sa roinn seo an chaoi a bhfeidhmíonn an **scéim FBM intíre** agus na hoibleagáidí comhlíontachta atá ann. Baineann an roinn le FBManna ar mian leo an scéim FBM a chur i bhfeidhm ina mBallstát bunaíochta **amháin**.

Más mian le FBM an scéim FBM a chur i bhfeidhm ina Bhallstát bunaíochta agus i mBallstát nó i mBallstáit eile, ba cheart dó féachaint ar roinn 4 maidir leis an scéim FBM trasteorann mar is iad na rialacha agus na hoibleagáidí comhlíontachta is infheidhme maidir leis an scéim FBM trasteorann atá i gceist sa chás sin.

3.1. Coinníollacha chun an scéim sin a chur i bhfeidhm

3.1.1. Ballstát bunaíochta

Mar a shonraítear i roinn 2.1, ní infheidhme an scéim FBM intíre ach sa Bhallstát bunaíochta amháin. Is é sin an Ballstát ina bhfuil **suíomh a ghníomhaíochta eacnamaíche lonnaithe** ag an FBM ⁽⁴⁵⁾: an áit an dtugtar faoi fheidhmeanna riarachán lárnach an ghnólachta. I gcás duine nádúrtha, is féidir le seoladh buan an duine sin a bheith mar an áit bhunaíochta. Chun feidhmiú éifeachtach na scéime a chinntiú, ní féidir ach **aon Bhallstát bunaíochta amháin** a bheith ann. Dá bhrí sin, an coincheap de FBM a bheith bunaithe i mBallstát ar leith, ní chumhdaítear leis buanbhunaíochtaí gnó ná uimhir CBL a bheith aige ⁽⁴⁶⁾ (féach Fíor 10).

Toisc go bhfuil an rogha ag na Ballstáit an scéim FBM a chur chun feidhme, ní infheidhme an scéim FBM intíre ach sna Ballstáit sin a chuir an scéim FBM i bhfeidhm ina ndlínse. I gcás nár chuir Ballstát an scéim FBM i bhfeidhm, ní infheidhme an scéim FBM intíre, rud a fhágann nach mbeidh sé ar a chumas ag an bhfiontar beag a sholáthairtí earraí agus seirbhísí sa Bhallstát sin a dhíolmhú ó CBL. Mar sin féin, fiontar beag atá bunaithe i mBallstát den sórt sin, is féidir leis an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm i

⁽⁴⁵⁾ Airteagal 10(2) agus (3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 an 15 Márta 2011 lena leagtar síos bearta cur chun feidhme do Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (athmhúnlú) (IO L 77, 23.3.2011, lch. 1).

⁽⁴⁶⁾ Mar a pléadh ag an gCoiste um CBL ag a 121^ú cruinniú bunaithe ar Dhoiciméad Oibre Uimh. 1051 An scéim speisialta nua le haghaidh fiontair bheaga agus buanbhunaíochtaí gnó.

mBallstáit eile a chuir i bhfeidhm í (Ballstát nó Ballstáit díolúine) ar choinníoll go gcomhlíonann an fiontar beag na coinníollacha (féach roinn 4).

3.1.2. Idirbhearta a chumhdaítear

Is féidir le FBM an scéim FBM intíre a chur i bhfeidhm maidir lena sholáthairtí uile a thagann faoi raon feidhme scéime FBM (roinn 2.2). Ní bheidh feidhm ag an scéim FBM maidir leis na hidirbhearta a eisiatar ón scéim FBM (roinn 2.2.2). Tiocfaidh na hidirbhearta sin faoin gcóras caighdeánach CBL nó faoi phróisis shimplithe más infheidhme iad sa Bhallstát díolúine.

Sampla 7

Soláthraíonn FBM seirbhísí dearaidh intí ar líne. Is leis píosa talún freisin agus ba mhaith leis an talamh sin a dhíol. Cé go mbeidh feidhm ag an scéim FBM intíre maidir leis na seirbhísí dearaidh intí ar líne, beidh feidhm ag an gcóras caighdeánach CBL maidir le díol na talún.

3.1.3. An tairseach bhliantúil náisiúnta i gcomparáid le tairseacha earnála

Chun an scéim FBM intíre a chur i bhfeidhm, ní mór nach mó láimhdeachas bliantúil FBM ina Bhallstát bunaíochta ná **an tairseach bhliantúil náisiúnta ná an tairseach earnála is infheidhme** atá leagtha síos sa Bhallstát sin, sa bhliain féilire reatha agus sa bhliain féilire roimhe sin (roinn 2.3).

Sampla 8

Is é EUR 65 000 an tairseach bhliantúil náisiúnta atá leagtha síos ag Ballstát bunaíochta. I gcás FBM atá bunaithe sa Bhallstát sin agus nach mó a láimhdeachas bliantúil sa bhliain féilire reatha agus sa bhliain féilire roimhe sin ná EUR 65 000, ciallaíonn sé sin go bhféadfadh sé an scéim FBM intíre a chur i bhfeidhm. Os a choinne sin, dá mba mhó a láimhdeachas bliantúil ná EUR 65 000 sa bhliain féilire reatha agus/nó sa bhliain féilire roimhe sin, ní fhéadfadh sé an scéim FBM intíre a chur i bhfeidhm ina Bhallstát bunaíochta.

Cás	Tairseach bhliantúil náisiúnta (EUR)	Láimhdeachas bliantúil sa bhliain féilire roimhe sin (B-1) (EUR)	Láimhdeachas bliantúil sa bhliain féilire reatha (B) (EUR)	Incháilitheacht leis an scéim FBM intíre a chur i bhfeidhm
Cás 1	65 000	55 000	61 000	Incháilithe
Cás 2		67 000	52 000	Gan bheith incháilithe
Cás 3		40 000	75 000	Gan bheith incháilithe
Cás 4		70 000	66 000	Gan bheith incháilithe

Fíor 16: Tairseach bhliantúil náisiúnta – blianta féilire reatha agus roimhe sin

I gcás 1, ní mó an láimhdeachas bliantúil sa bhliain féilire reatha (B) agus sa bhliain féilire roimhe sin (B-1) ná an tairseach bhliantúil náisiúnta de EUR 65 000. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh an FBM an scéim FBM intíre a chur i bhfeidhm ina Bhallstát bunaíochta.

I gcásanna 2, 3 agus 4, is mó an láimhdeachas bliantúil ná an tairseach bhliantúil náisiúnta, sa bhliain féilire roimhe sin (B-1) (cás 2), sa bhliain féilire reatha (B) (cás 3) nó sa bhliain féilire reatha agus sa bhliain féilire roimhe sin (B-1 agus B) (cás 4). Dá bhrí sin, ní fhéadfadh an FBM in aon cheann de na cásanna sin an scéim FBM intíre a chur i bhfeidhm ina Bhallstát bunaíochta sa bhliain féilire reatha (B).

Maidir le FBManna ar mian leo an scéim FBM a chur i bhfeidhm, d'fhéadfadh roinnt Ballstát a cheangal orthu láimhdeachas bliantúil a bheith acu nach mó é ná an tairseach bhliantúil náisiúnta sa bhliain féilire reatha agus sa **2 bhliain féilire roimhe sin** ⁽⁴⁷⁾.

⁽⁴⁷⁾ Airteagal 288a(1) den Treoir maidir le CBL.

Sampla 9

Chun bheith incháilithe leis an scéim FBM a chur i bhfeidhm, ní mór láimhdeachas bliantúil a bheith ag fiontar beag nach mó é ná an tairseach bhliantúil náisiúnta sa bhliain féilire reatha (B) agus sa 2 bhliain féilire roimhe sin (B-1 agus B-2), faoi mar atá i gcás 1.

Cás	Tairseach bhliantúil náisiúnta (EUR)	Láimhdeachas bliantúil sa bhliain roimh an mbliain féilire roimhe sin (B-2) (EUR)	Láimhdeachas bliantúil sa bhliain féilire roimhe sin (B-1) (EUR)	Láimhdeachas bliantúil sa bhliain féilire reatha (B) (EUR)	Incháilitheacht leis an scéim FBM intíre a chur i bhfeidhm
Cás 1	65 000	55 000	61 000	56 000	Incháilithe
Cás 2		64 000	52 000	67 000	Gan bheith incháilithe
Cás 3		40 000	75 000	63 000	Gan bheith incháilithe
Cás 4		66 000	70 000	68 000	Gan bheith incháilithe
Cás 5		70 000	56 000	60 000	Gan bheith incháilithe

Fíor 17: Tairseach bhliantúil náisiúnta – an bhliain féilire reatha agus an 2 bhliain féilire roimhe sin

Tá eolas breise faoi na rialacha is infheidhme i do Bhallstát bunaíochta le fáil ar an tairseach ghréasáin le haghaidh FBManna ⁽⁴⁸⁾.

FBM a thosaíonn a ghníomhaíocht eacnamaíoch, is féidir leis an scéim FBM intíre a chur i bhfeidhm ina Bhallstát bunaíochta freisin. Sa chás sin, is é nialas '0' a láimhdeachas bliantúil sa bhliain féilire reatha agus/nó sa bhliain féilire roimhe sin (nó sa 2 bhliain féilire roimhe sin).

3.2. Simplithe faoin scéim seo

3.2.1. Clárú

Is féidir leis na Ballstáit FBManna atá bunaithe ar a gcríoch a scaoileadh ón oibleagáid tús a ghníomhaíochta a shonrú, clárú agus a bheith sainaitheanta le huimhir CBL sa Bhallstát bunaíochta **mura gcuireann siad i bhfeidhm ach an scéim FBM intíre amháin** ⁽⁴⁹⁾.

⁽⁴⁸⁾ <https://sme-vat-rules.ec.europa.eu>

⁽⁴⁹⁾ Airteagal 292b den Treoir maidir le CBL.

Dá gcinnfeadh an Ballstát bunaíochta gan FBManna a scaoileadh ón oibleagáid chun cláraithe, ba cheart dó a chinntiú nach faide ná 15 lá oibre an próiseas sainaitheantais. Is féidir leis an tréimhse sin a bheith níos faide i gcásanna sonracha ina dteastaíonn am breise ón mBallstát bunaíochta chun imscrúduithe a dhéanamh chun cosc a chur ar imghabháil cánach nó ar sheachaint cánach. D'fhéadfadh sé go mbeadh an próiseas agus na hoibleagáidí éagsúil ag brath ar chás an FBM agus ar na rialacha is infheidhme sa Bhallstát bunaíochta. Tá eolas breise faoi na ceanglais atá leagtha síos ag na Ballstáit le fáil ar an tairseach ghréasáin le haghaidh FBManna ⁽⁵⁰⁾.

Mar sin féin, toisc go gcumhdaítear soláthairtí seachas ceannacháin leis an scéim FBM, d'fhéadfadh sé go mbeadh FBM faoi dhliteanas an córas caighdeánach CBL nó próisis shimplithe a chur i bhfeidhm maidir leis na ceannacháin dá bhfuil sé faoi dhliteanas CBL a dhearbhu agus a íoc (féach roinn 6). Má dhéanann FBM idirbhearta a eisiatar ó chur i bhfeidhm na scéime FBM (féach roinn 2.2.2), beidh air an córas caighdeánach CBL a chur i bhfeidhm maidir leis na hidirbhearta sin.

3.2.2. Tuairisceáin CBL

Maidir le FBManna atá bunaithe ar a gcríoch agus a chuireann an scéim FBM i bhfeidhm ar leibhéal intíre **amháin**, is féidir leis na Ballstáit iad a scaoileadh ón oibleagáid tuairisceán CBL a chur isteach ⁽⁵¹⁾.

I gcás nach bhfeidhmíonn an Ballstát bunaíochta an rogha sin agus, ina ionad sin, i gcás ina gceanglaíonn sé ar FBM tuairisceán CBL a chur isteach, ní mór don tuairisceán CBL sin a bheith simplithe agus ní mór tréimhse bliana féilire a chumhdach ann. Mar sin féin, is féidir le FBManna tréimhse chánach dhifriúil a roghnú freisin ⁽⁵²⁾. Tá eolas breise faoi na rialacha is infheidhme i do Bhallstát bunaíochta le fáil ar an tairseach ghréasáin le haghaidh FBManna ⁽⁵³⁾.

3.2.3. Cuntasaíocht

Maidir le FBManna atá bunaithe ar a gcríoch agus a chuireann an scéim FBM i bhfeidhm ar leibhéal intíre, is féidir leis na Ballstáit iad a scaoileadh ón oibleagáid cuntais a choimeád ⁽⁵⁴⁾. Tá eolas breise faoi na rialacha is infheidhme i do Bhallstát bunaíochta le fáil ar an tairseach ghréasáin le haghaidh FBManna ⁽⁵⁵⁾.

⁽⁵⁰⁾ <https://sme-vat-rules.ec.europa.eu>

⁽⁵¹⁾ Airteagal 292c den Treoir maidir le CBL.

⁽⁵²⁾ Ba cheart an tréimhse chánach a leagan síos i gcomhréir le hAirteagal 252 den Treoir maidir le CBL.

⁽⁵³⁾ <https://sme-vat-rules.ec.europa.eu>

⁽⁵⁴⁾ Airteagal 292d den Treoir maidir le CBL.

⁽⁵⁵⁾ <https://sme-vat-rules.ec.europa.eu>

3.2.4. Sonraisc

Maidir le FBManna atá bunaithe ar a gcríoch agus a chuireann an scéim FBM i bhfeidhm ar leibhéal intíre, is féidir leis na Ballstáit iad a scaoileadh ón oibleagáid sonraisc a eisiúint ⁽⁵⁶⁾. Má fhorchuireann an Ballstát bunaíochta an oibleagáid sonraisc a eisiúint, ba cheart a chur ar a chumas don FBM sonraisc shimplithe a eisiúint ⁽⁵⁷⁾. Tá eolas breise faoi na rialacha is infheidhme i do Bhallstát bunaíochta le fáil ar an tairseach ghréasáin le haghaidh FBManna ⁽⁵⁸⁾.

3.2.5. Oibleagáidí riaracháin eile

Maidir le FBManna atá bunaithe ar a gcríoch agus a chuireann an scéim FBM i bhfeidhm ar leibhéal intíre, is féidir leis na Ballstáit iad a scaoileadh ó oibleagáidí riaracháin eile ⁽⁵⁹⁾. Tá eolas breise faoi na rialacha is infheidhme i do Bhallstát bunaíochta le fáil ar an tairseach ghréasáin le haghaidh FBManna ⁽⁶⁰⁾.

Má chuireann fiontar beag **an scéim FBM i bhfeidhm ar leibhéal intíre amháin**, is féidir leis an mBallstát bunaíochta é a scaoileadh ó roinnt oibleagáidí CBL nó ó na hoibleagáidí uile. Tá eolas breise faoi na rialacha is infheidhme i do Bhallstát bunaíochta le fáil ar an tairseach ghréasáin le haghaidh FBManna.

3.3. Éirí as an scéim

3.3.1. Aistriú chuig an scéim FBM trasteorann

Maidir le fiontar beag a chuireann an scéim FBM intíre i bhfeidhm, más mian leis cur i bhfeidhm na scéime FBM a leathnú chun Ballstáit eile a chumhdach agus an díolúine thrasteorann a chur i bhfeidhm, ní mór dó na coinníollacha a chomhlíonadh agus cloí leis na rialacha a mhínítear i roinn 4.

⁽⁵⁶⁾ Airteagal 292d den Treoir maidir le CBL.

⁽⁵⁷⁾ Airteagal 220a(1)(c) agus Airteagal 226b den Treoir maidir le CBL.

⁽⁵⁸⁾ <https://sme-vat-rules.ec.europa.eu>

⁽⁵⁹⁾ Airteagal 292d den Treoir maidir le CBL.

⁽⁶⁰⁾ <https://sme-vat-rules.ec.europa.eu>

Sampla 10

Cuireann fiontar beag an scéim intíre i bhfeidhm ina Bhallstát bunaíochta (MSEST) agus sa Bhallstát sin amháin: Ballstát 1. Ag pointe áirithe, cinneann sé an scéim FBM a chur i bhfeidhm i mBallstát 2 freisin. Beidh ar an bhfiontar beag réamhfhógra a chomhdú ina n-iarrfar cur i bhfeidhm na scéime FBM i mBallstát 2. Tá tuilleadh eolais le fáil i roinn 4.

3.3.2. Athlonnú shuíomh na gníomhaíochta eacnamaíche

I gcás ina ndéanann FBM suíomh a ghníomhaíochta eacnamaíche (nó a sheoladh buan i gcás duine nádúrtha) a athlonnú chuig Ballstát eile nó chuig tír nach bhfuil san Aontas, ní bheidh feidhm ag an scéim FBM intíre a thuilleadh sa Bhallstát bunaíochta ‘bunaidh’.

Sampla 11

Aistríonn fiontar beag suíomh a ghníomhaíochta eacnamaíche (nó a sheoladh buan) óna Bhallstát bunaíochta (Ballstát 1) chuig Ballstát eile (Ballstát 2). Sa chás sin, níl feidhm ag an scéim FBM intíre i mBallstát 1 a thuilleadh.

Más mian leis an FBM an scéim FBM intíre a chur i bhfeidhm ina Bhallstát bunaíochta ‘nua’ (Ballstát 2), ní mór dó na rialacha is infheidhme sa Bhallstát sin a chomhlíonadh.

3.3.3. Scor toilteanach

FBManna a chuireann an scéim FBM intíre i bhfeidhm, is féidir leo éirí as an scéim go toilteanach. An toradh díreach a bheidh air sin ná cur i bhfeidhm an chórais chaighdeánaigh CBL ⁽⁶¹⁾ nó próisis shimplithe ⁽⁶²⁾.

Na rialacha is infheidhme ina Bhallstát bunaíochta maidir leis an bpróiseas chun éirí as an scéim FBM intíre go toilteanach (más ann dóibh) agus na hoibleagáidí CBL le comhlíonadh tar éis dó éirí as an scéim, ní mór don fhiontar beag iad a cheadú.

Cé nach oibleagáid atá ann, is féidir le Ballstáit tréimhse choraintín a fhorchur ar FBManna a éiríonn as an scéim go toilteanach ⁽⁶³⁾. Ní mór don FBM teagmháil a dhéanamh lena Bhallstát bunaíochta i gcás, tar éis dó éirí as an scéim FBM intíre go toilteanach, inar mian leis an scéim a chur i bhfeidhm arís.

⁽⁶¹⁾ Airteagal 290 den Treoir maidir le CBL.

⁽⁶²⁾ Airteagal 281 den Treoir maidir le CBL.

⁽⁶³⁾ Airteagal 290 den Treoir maidir le CBL.

3.3.4. Eisiamh

Má sháraítear an tairseach bhliantúil náisiúnta (nó an tairseach earnála is infheidhme) le linn bliain féilire, eisiafar an FBM ón scéim FBM intíre. Na rialacha is infheidhme ina mBallstát bunaíochta maidir leis an bpróiseas (más ann dóibh), ní mór d'fhiontair bheaga iad a cheadú i gcás ina n-eisiatar iad ón scéim FBM intíre.

Is féidir leis na Ballstáit cinneadh a dhéanamh cibé acu a bheidh nó nach mbeidh feidhm ag idirthréimhse i gcás ina sárófar an tairseach bhliantúil náisiúnta nó an tairseach earnála is infheidhme. Mura bhfuil feidhm ag aon idirthréimhse, beidh éifeacht ag an eisiamh ón scéim FBM intíre ón bpointe a shárófar an tairseach bhliantúil náisiúnta nó an tairseach earnála is infheidhme. Ó thaobh na praitice de, comhfhreagraíonn an pointe sin don idirbheart lena sáraíonn an láimhdeachas bliantúil an tairseach.

Dá gcuirfí idirthréimhse i bhfeidhm, d'fhéadfadh na Ballstáit ceann de na huasteorainneacha seo a leanas a roghnú:

- a) Ligean don FBM leanúint den díolúine ó CBL a chur i bhfeidhm faoin scéim FBM intíre fad is nach sáraítear an tairseach bhliantúil náisiúnta (ná an tairseach earnála is infheidhme) le níos mó ná 10 % ach tráth nach déanaí ná deireadh na bliana féilire, nó
- b) Ligean don FBM leanúint den díolúine ó CBL a chur i bhfeidhm faoin scéim FBM intíre fad is nach sáraítear an tairseach bhliantúil náisiúnta (ná an tairseach earnála is infheidhme) le níos mó ná 25 % ach tráth nach déanaí ná deireadh na bliana féilire, nó
- c) I gcás nach gcuirtear aon uasteorainn shonrach i bhfeidhm, ligean don FBM leanúint den díolúine a chur i bhfeidhm faoin scéim FBM intíre go dtí go mbaintear amach teorainn EUR 100 000 leis an láimhdeachas bliantúil ach tráth nach déanaí ná deireadh na bliana féilire.

Sampla 12

Is é EUR 65 000 an tairseach bhliantúil náisiúnta is infheidhme sa Bhallstát bunaíochta. Léirítear sa tábla thíos, le haghaidh gach rogha a bhaineann le hidirthréimhsí, an cás ina bhféadfadh an FBM leanúint den díolúine ó CBL a chur i bhfeidhm agus an cás nach mór dó éirí as an díolúine a chur i bhfeidhm.

Roghanna maidir le cur i bhfeidhm na hidirthréimhse	Láimhdeachas bliantúil ar faoina bhun is féidir leis an FBM leanúint den díolúine ó CBL a chur i bhfeidhm faoin scéim speisialta le haghaidh fiontair bheaga le linn na bliana féilire (EUR)	Láimhdeachas bliantúil arb os a chionn is gá don FBM leanúint den díolúine ó CBL a chur i bhfeidhm faoin scéim speisialta le haghaidh fiontair bheaga le linn bliain féilire (EUR)
Gan idirthréimhse	65 000	65 001
Uasteorainn 10 %	71 500	71 501
Uasteorainn 25 %	81 250	81 251
Láimhdeachas bliantúil nach mó é ná EUR 100 000	100 000	100 001

Fíor 18: Cur i bhfeidhm na hidirthréimhse – sampla A

Mar shampla, cuireann Ballstát bunaíochta uasteorainn 25 % i bhfeidhm. Má tá láimhdeachas bliantúil an FBM sa bhliain féilire reatha (B) os cionn EUR 65 000 ach nach mó é ná EUR 81 250 faoin 31/12/B, is féidir leis an FBM an scéim FBM a chur i bhfeidhm go dtí deireadh na bliana féilire reatha (B) agus eisiafar é ón scéim FBM intíre ón 1 Eanáir den chéad bhliain féilire eile (B+1).

Más mó láimhdeachas bliantúil an FBM ná EUR 81 250 an 01/09/B, eisiatar an FBM ón scéim FBM an lá sin, ag tosú ón soláthar lenar sháraigh an láimhdeachas bliantúil uasteorainn 25 %.

Sampla 13

Is é EUR 85 000 an tairseach bhliantúil náisiúnta is infheidhme sa Bhallstát bunaíochta. Léirítear sa tábla thíos, le haghaidh gach rogha, an cás ina bhféadfadh an FBM leanúint den díolúine ó CBL a chur i bhfeidhm agus an cás nach mór dó éirí as an díolúine a chur i bhfeidhm.

Roghanna maidir le cur i bhfeidhm na hidirthréimhse	Láimhdeachas bliantúil ar faoina bhun is féidir leis an FBM leanúint den díolúine ó CBL a chur i bhfeidhm faoin scéim speisialta le haghaidh fiontair bheaga le linn na bliana féilire (EUR)	Láimhdeachas bliantúil arb os a chionn is gá don FBM leanúint den díolúine ó CBL a chur i bhfeidhm faoin scéim speisialta le haghaidh fiontair bheaga le linn bliain féilire (EUR)
Gan idirthréimhse	85 000	85 001
Uasteorainn 10 %	93 500	93 501
Uasteorainn 25 %	100 000*	100 001
Láimhdeachas bliantúil nach mó é ná EUR 100 000	100 000	100 001

Fíor 19: Cur i bhfeidhm na hidirthréimhse – sampla B

* EUR 106 250 a bheadh i gceist le huasteorainn 25 %. Mar sin féin, is é EUR 100 000 an láimhdeachas bliantúil uasta san Aontas a cheadaítear leis an Treoir maidir le CBL ⁽⁶⁴⁾ le bheith in ann tairbhe a bhaint as an díolúine ó CBL faoin scéim FBM. Dá bhrí sin, fiú i gcás ina bhfuil tairseach ard ag Ballstát agus ina gcuireann sé idirthréimhse le huasteorainn 25 % i bhfeidhm, eisiafar FBM ón scéim FBM nuair a sháróidh a láimhdeachas bliantúil EUR 100 000.

An toradh díreach a bheidh ar eisiadh ón scéim FBM ná cur i bhfeidhm an chórais chaighdeánaigh CBL nó próiseas simplithe. Na rialacha is infheidhme maidir le CBL ina mBallstát bunaíochta, ní mór d'fhiontair bheaga iad a cheadú chun eolas a chur ar a n-oibleagáidí i gcás ina n-eisiatar iad ón scéim FBM intíre.

An pointe óna n-eisiatar an fiontar beag ón scéim FBM intíre, comhfhreagraíonn sé don phointe a sháraíonn an láimhdeachas bliantúil an tairseach bhliantúil náisiúnta (nó an tairseach earnála is infheidhme) nó – i gcás ina gcuireann Ballstát bunaíochta idirthréimhse i bhfeidhm – an uasteorainn a chuirtear i bhfeidhm.

⁽⁶⁴⁾ Airteagal 284(2)(a) den Treoir maidir le CBL.

Sampla 14

Is é EUR 65 000 an tairseach bhliantúil náisiúnta is infheidhme. Ní chuireann an Ballstát bunaíochta aon idirthréimhse i bhfeidhm, mar sin eisiatar an FBM ón scéim FBM a luaithe a sháraíonn a láimhdeachas bliantúil EUR 65 000.

Ón 01/01/B go dtí an 26/09/BB, tá láimhdeachas bliantúil EUR 64 800 ag an bhfiontar beag. Déanann an fiontar beag an chéad soláthar dar luach EUR 100 agus an dara soláthar dar luach EUR 300 an 27/09/B.

Eisiatar an fiontar beag ón scéim FBM an 27/09/B ón dara soláthar dar luach EUR 300 mar is leis an soláthar sin a sháraíonn an láimhdeachas bliantúil an tairseach.

Tá soláthar 1 díolmhaithe ó CBL i gcónaí faoin scéim FBM intíre. Ní mór do sholáthar 2 na rialacha cánachais faoin gcóras caighdeánach CBL (nó próisis shimplithe) a chomhlíonadh.

Tréimhsí	Méid an láimhdeachais bhliantúil sa bhliain reatha (EUR)	Toradh
Soláthairtí iomlána ón 01/01/B go dtí an 26/09/B	64 800	Dáta eisiaimh: 27/09/B, ó Sholáthar 2
Soláthar 1 an 27/09/B	100	
Soláthar 2 an 27/09/B	300	
Móriomlán	65 200	

Fíor 20: Dáta an eisiaimh ón scéim FBM – cás A

Sampla 15

Is é EUR 65 000 an tairseach bhliantúil náisiúnta sa Bhallstát bunaíochta agus cuireann sé idirthréimhse le huasteorainn 25 % i bhfeidhm. Sa chás sin, eisiatar an FBM ón scéim FBM intíre a luaithe a sháraíonn a láimhdeachas bliantúil EUR 81 250.

An 26/09/B, is é EUR 81 100 láimhdeachas bliantúil an fhiontair bhig, rud a fhágann gur mó é ná an tairseach bhliantúil náisiúnta (EUR 65 000) ach go bhfuil sé faoi bhun uasteorainn 25 % (EUR 81 250) i gcónaí. Déanann an fiontar beag soláthar eile dar luach EUR 300 an 27/09/B. Toisc gur mó an láimhdeachas bliantúil ná EUR 81 250 an 27/09/B, eisiatar an FBM ón scéim FBM intíre an 27/09/B, ón soláthar dar luach EUR 300 agus ní mór dó an córas caighdeánach CBL a chur i bhfeidhm ón bpointe sin (nó próisis shimplithe).

Tréimhsí	Méid an láimhdeachais bhliantúil sa bhliain reatha (EUR)	Toradh
Soláthairtí iomlána ón 01/01/B go dtí an 26/09/B	81 100	Dáta eisiaimh: 27/09/B, ón soláthar dar luach EUR 300
Soláthar an 27/09/B	300	
Móriomlán	81 400	

Fíor 21: Dáta an eisiaimh ón scéim FBM – cás B

Sampla 16

Is é EUR 65 000 an tairseach bhliantúil náisiúnta sa Bhallstát bunaíochta agus cuireann sé idirthréimhse le huasteorainn 25 % i bhfeidhm. Eisiatar an FBM ón scéim FBM intíre a luaithe a sháraíonn a láimhdeachas bliantúil EUR 81 250. Sáraíonn an FBM an tairseach bhliantúil náisiúnta EUR 65 000 an 20/10/B ach ní sháraíonn sé EUR 81 250 go dtí deireadh na bliana an 31/12/B.

Sa chás sin, is féidir leis an FBM an scéim FBM intíre a chur i bhfeidhm go dtí deireadh bhliain féilire B, is é sin go dtí an 31/12/B. D'eisiafaí é ón scéim FBM ón 01/01/B+1 agus ba cheart dó an córas caighdeánach CBL nó próisis shimplithe a chur i bhfeidhm ón dáta sin amach.


Tréimhsí	Méid an láimhdeachais bhliantúil sa bhliain reatha (EUR)	Toradh
Soláthairtí iomlána ón 01/01/B go dtí an 19/10/B	64 800	Dáta eisiaimh: 01/01/B+1 Soláthairtí ón 20/10/B go dtí an 31/12/B, tá siad díolmhaithe ó CBL i gcónaí
Soláthar an 27/10/B	300	
Soláthairtí ón 21/10/B go dtí an 31/12/B	10 000	
Móriomlán an 31/12/B	75 100	

Fíor 22: Dáta an eisiaimh ón scéim FBM – cás C

3.3.5. Tréimhse choraintín


FBM a eisiatar ón scéim FBM intíre, **ní féidir leis an scéim FBM intíre a chur i bhfeidhm arís ar feadh thréimhse 1 bhliana féilire (B+1).**

I dtéarmaí praiticiúla, i gcás inar mian leis an bhfiontar beag dul isteach sa scéim FBM intíre arís, beidh air fanacht go dtí an 01/01/B+2 lena cur i bhfeidhm agus an próiseas (más ann dó) a chomhlíonadh ina Bhallstát bunaíochta. Pé scéal é, ba cheart don fhiontar beag teagmháil a dhéanamh le húdaráis chánach a Bhallstáit bunaíochta chun eolas a fháil ar aon fhoirmiúlacht a d'fhéadfadh a bheith ann agus ar gá í a chomhlíonadh chun dul isteach sa scéim FBM arís.



Fíor 23: Tréimhse choraintín ar feadh thréimhse 1 bhliana féilire

Is féidir leis na Ballstáit síneadh a chur leis an tréimhse eisiaimh sin go 2 bhliain féilire ⁽⁶⁵⁾ (B+1 agus B+2). Sa chás sin, bheadh ar an bhfiontar beag fanacht go dtí an 01/01/B+3 chun an scéim a chur i bhfeidhm arís ar choinníoll go gcomhlíonfadh sé na coinníollacha.



Fíor 24: Tréimhse choraintín ar feadh thréimhse 2 bhliain féilire

⁽⁶⁵⁾ Airteagal 288a(1) den Treoir maidir le CBL.

4. Scéim FBM ‘trasteorann’

Mínítear sa roinn seo an chaoi a bhfeidhmíonn an **scéim FBM trasteorann** agus na hoibleagáidí comhlíontachta atá ann. Baineann an roinn seo le:

- a) FBManna ar mian leo an scéim FBM a chur i bhfeidhm i mBallstáit eile seachas sa Bhallstát bunaíochta amháin, agus
- b) FBManna ar mian leo an scéim FBM a chur i bhfeidhm ina mBallstát bunaíochta agus i mBallstáit eile araon.

Fiontar beag ar mian leis an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm, ní mór dó a bheith **incháilithe** lena dhéanamh ar dtús. Chun bheith incháilithe, ní mór **láimhdeachas bliantúil san Aontas** nach mó ná EUR 100 000 a bheith ag FBM sa bhliain féilire reatha agus sa bhliain féilire roimhe sin (féach roinn 4.1).

Ina theannta sin, ní mór don FBM na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh:

1. Tá **suíomh a ghníomhaíochta eacnamaíche (nó seoladh buan i gcás duine nádúrtha) lonnaithe i mBallstát** (féach roinn 2.1),
2. Déanann sé **idirbhearta a thagann faoi raon feidhme na scéime FBM** (féach roinn 2). Is féidir le fiontar beag soláthairtí a gcumhdaítear iad leis an scéim FBM agus soláthairtí eile a n-eisiatar iad ón scéim FBM a dhéanamh,
3. Ní mó **luach na soláthairtí a dhéantar sa Bhallstát nó sna Ballstáit inar mian leis tairbhe a bhaint as an díolúine thrasteorann ó CBL** ná an tairseach bhliantúil náisiúnta nó earnála is infheidhme sa Bhallstát nó sna Ballstáit lena mbaineann, sa bhliain féilire reatha ná sa bhliain féilire roimhe sin (nó sa 2 bhliain féilire roimhe sin más é sin atá leagtha síos ag an mBallstát lena mbaineann) (féach roinn 4.2).

Ar deireadh, ní mór don FBM ceanglas foirmiúil a chomhlíonadh:

4. Ní mór dó réamhfhógra a thabhairt ina Bhallstát bunaíochta (roinn 4.3) ina sonrú na Ballstáit inar mian leis an díolúine FBM thrasteorann a chur i bhfeidhm.

Is féidir leis an FBM tosú ar a sholáthairtí a dhíolmhú ó CBL sna Ballstáit atá ar áireamh ina réamhfhógra nuair a thabharfaidh a Bhallstát bunaíochta – tar éis dó a incháilitheacht leis an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm – **uimhir aitheantais aonair** (‘uimhir ‘EX’) dó chun críoch na scéime FBM agus nuair a dheimhneoidh sé gur

bhailíochtaigh an Ballstát nó na Ballstáit lena mbaineann an rochtain ar an scéim ina dhlínse nó ina ndlínse faoi seach.

4.1. Láimhdeachas bliantúil san Aontas: seiceáil incháilitheachta

Chun bheith incháilithe don díolúine thrasteorann faoin scéim FBM, ní mór **láimhdeachas bliantúil san Aontas nach mó ná EUR 100 000** a bheith ag FBM sa bhliain féilire reatha (B) agus sa bhliain féilire roimhe sin (B-1) ⁽⁶⁶⁾. Is é atá sa láimhdeachas bliantúil san Aontas **suim na láimhdeachas bliantúil ⁽⁶⁷⁾ i ngach ceann de na 27 mBallstát**: an Ballstát bunaíochta (MSEST), an Ballstát nó na Ballstáit inar mian leis an FBM an scéim FBM a chur i bhfeidhm ('Ballstát nó Ballstáit díolúine' nó 'MSEXE') agus gach Ballstát eile.

Is é atá sa **láimhdeachas bliantúil san Aontas suim a láimhdeachas bliantúil i ngach ceann de na 27 mBallstát**, cibé acu is mian leis an bhfiontar beag an scéim FBM a chur i bhfeidhm i ngach Ballstát nó nach mian. **Cosaint** atá sa bheart sin lena chinntiú nach mbíonn an scéim FBM á cur i bhfeidhm ach ag fiontair bheaga amháin. Is fiontair iad sin nach mó ná EUR 100 000 a láimhdeachas bliantúil iomlán san Aontas Eorpach.

Más mó ná EUR 100 000 an láimhdeachas bliantúil san Aontas, ní féidir leis an bhfiontar beag an díolúine thrasteorann ó CBL a chur i bhfeidhm in aon Bhallstát, seachas ina Bhallstát bunaíochta. Ansin, is féidir leis an scéim FBM intíre a chur i bhfeidhm, ar choinníoll nach mó a láimhdeachas bliantúil ná an tairseach bhliantúil náisiúnta atá leagtha síos ag a Bhallstát bunaíochta (féach roinn 3).

Eisiatar FBM ón scéim FBM trasteorann má sháraíonn sé tairseach bhliantúil an Aontais. Mar sin féin, is féidir leis an FBM an scéim FBM intíre a chur i bhfeidhm i gcónaí más rud é nach mó a láimhdeachas bliantúil ná tairseach bhliantúil náisiúnta a Bhallstáit bunaíochta.

⁽⁶⁶⁾ Airteagal 284(2)(a) den Treoir maidir le CBL.

⁽⁶⁷⁾ Féach roinn 2.4. de na Nótaí Míniúcháin maidir le ríomh an láimhdeachais bhliantúil.

Sampla 17

Ballstáit	Láimhdeachas bliantúil (EUR) don bhliain féilire roimhe sin (B-1)	Láimhdeachas bliantúil (EUR) don bhliain féilire reatha (B)	Toradh
Ballstát bunaíochta	30 000	15 000	PAS Ní mó an láimhdeachas bliantúil san Aontas sa bhliain féilire reatha agus sa bhliain féilire roimhe sin ná EUR 100 000.
Ballstát díolúine 1	35 000	30 000	
Ballstát díolúine 2	15 000	20 000	
Na 24 Bhallstát eile nach gcuirtear aon scéim FBM i bhfeidhm iontu	15 000	17 000	
Iomlán sna 27 mBallstát	95 000	82 000	

Fíor 25: Cur i bhfeidhm chosaint an láimhdeachais bhliantúil san Aontas – cás A

Sa chás seo, bheadh an FBM incháilithe leis an scéim trasteorann a chur i bhfeidhm mar ní mó an láimhdeachas bliantúil san Aontas ná an chosaint de EUR 100 000.

Sampla 18

Ballstáit	Láimhdeachas bliantúil (EUR) don bhliain féilire roimhe sin (B-1)	Láimhdeachas bliantúil (EUR) don bhliain féilire reatha (B)	Toradh
Ballstát bunaíochta	30 000	20 000	TEIP Níl an FBM incháilithe leis an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm sa bhliain féilire reatha B mar is mó an láimhdeachas bliantúil san Aontas ná EUR 100 000 sa bhliain féilire reatha (B).
Ballstát díolúine 1	35 000	30 000	
Ballstát díolúine 2	15 000	40 000	
Na 24 Bhallstát eile nach gcuirtear aon scéim FBM i bhfeidhm iontu	15 000	17 000	
Iomlán sna 27 mBallstát	95 000	107 000	

Fíor 26: Cur i bhfeidhm chosaint an láimhdeachais bhliantúil san Aontas – cás B

Sa chás seo, níl an FBM incháilithe leis an scéim trasteorann a chur i bhfeidhm. D'fhéadfadh an FBM an scéim FBM intíre a chur i bhfeidhm i gcónaí dá mba rud é nár mhó a láimhdeachas bliantúil ná tairseach bhliantúil náisiúnta a Bhallstáit bunaíochta.

Sampla 19

Ballstáit	Láimhdeachas bliantúil (EUR) don bhliain féilire roimhe sin (B-1)	Láimhdeachas bliantúil (EUR) don bhliain féilire reatha (B)	Toradh
Ballstát bunaíochta	30 000	15 000	TEIP Ní féidir leis an FBM an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm sa bhliain féilire reatha B mar is mó an láimhdeachas bliantúil san Aontas ná EUR 100 000 sa bhliain féilire roimhe sin (B-1).
Ballstát díolúine 1	35 000	30 000	
Ballstát díolúine 2	15 000	20 000	
Na 24 Bhallstát eile nach gcuirtear aon scéim FBM i bhfeidhm iontu	35 000	17 000	
Iomlán sna 27 mBallstát	115 000	82 000	

Fíor 27: Cur i bhfeidhm chosaint an láimhdeachais bhliantúil san Aontas – cás C

Sa chás seo, d'fhéadfadh an FBM an scéim FBM intíre a chur i bhfeidhm i gcónaí dá mba rud é nár mhó a láimhdeachas bliantúil ná tairseach bhliantúil náisiúnta a Bhallstáit bunaíochta.

4.2. Tairseach bhliantúil náisiúnta

Anuas ar láimhdeachas bliantúil san Aontas nach mó é ná EUR 100 000, ní mór láimhdeachas bliantúil a bheith ag an bhfiontar beag sa Bhallstát nó sna Ballstáit inar mian leis tairbhe a bhaint as an díolúine thrasteorann nach mó é ná an tairseach bhliantúil náisiúnta (nó an tairseach earnála is infheidhme) sa Bhallstát lena mbaineann sa bhliain féilire reatha (B) agus sa bhliain féilire roimhe sin (B-1).

Is féidir leis na Ballstáit síneadh a chur leis an gcoinníoll sin chun an bhliain roimh an mbliain féilire roimhe sin a chumhdach freisin (B-2) ⁽⁶⁸⁾. Ní mór do na Ballstáit an coinníoll céanna – cibé acu an bhliain féilire roimhe sin (B-1) nó an 2 bhliain féilire roimhe sin (B-1 agus B-2) – a chur i bhfeidhm go cothrom maidir le FBManna atá bunaithe ar a gcríoch agus leo siúd nach bhfuil.

⁽⁶⁸⁾ Féach an tairseach ghréasáin le haghaidh FBManna chun eolas a fháil faoi na Ballstáit a iarrann an coinníoll sin ar FBManna.

Sampla 20

Leagtar amach thíos sampla praiticiúil d'incháilitheacht FBM leis an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm. Is é seo a leanas cás an FBM i gcónaí:

Is mian leis an FBM tairbhe a bhaint as an díolúine thrasteorann ó CBL ina Bhallstát bunaíochta agus in dhá Bhallstát eile – Ballstát díolúine 1 agus Ballstát díolúine 2. Ina theannta sin, tá gníomhaíocht eacnamaíoch ag an FBM sa cheathrú Ballstát, mar atá Ballstát 4, nach mian leis tairbhe a bhaint as an díolúine ó CBL ann. Níl aon ghníomhaíocht eacnamaíoch ag an FBM in aon cheann eile de na 23 Bhallstát eile.

Ballstáit / Aontas	Tairseach bhliantúil (EUR)	Láimhdeachas bliantúil (EUR) sa bhliain féilire roimhe sin (B-1)	Láimhdeachas bliantúil (EUR) sa bhliain féilire reatha (B)	Incháilitheacht leis an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm
Ballstát bunaíochta	85 000	30 000	10 000	Incháilithe
Ballstát díolúine 1	20 000	15 000	5 000	Incháilithe
Ballstát díolúine 2	30 000	20 000	10 000	Incháilithe
Ballstát 4	neamhbhainteach	20 000	10 000	-
Na 23 Bhallstát eile	neamhbhainteach	0	0	-
Aontas	100 000	85 000	35 000	Incháilithe

Fíor 28: Cur i bhfeidhm na tairsí bliantúla náisiúnta – cás A

Sa chás seo, cinneann an FBM an scéim FBM a chur i bhfeidhm ó lár na bliana féilire reatha. Ní mó an láimhdeachas bliantúil san Aontas sa bhliain féilire reatha (EUR 35 000) agus sa bhliain féilire roimhe sin (EUR 85 000) ná EUR 100 000. Maidir leis na láimhdeachais bhliantúla náisiúnta sa Bhallstát bunaíochta, i mBallstát díolúine 1 agus i mBallstát díolúine 2 sa bhliain féilire reatha agus sa bhliain féilire roimhe sin, ní mó iad ná na tairseacha náisiúnta sna Ballstáit sin. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh an FBM an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm sa Bhallstát bunaíochta, i mBallstát díolúine 1 agus i mBallstát díolúine 2.

Sampla 21

Ballstát / Aontas	Tairseach náisiúnta (EUR)	Láimhdeachas bliantúil (EUR) sa bhliain féilire roimhe sin (B-1)	Láimhdeachas bliantúil (EUR) sa bhliain féilire reatha (B)	Incháilitheacht leis an scéim FBM a chur i bhfeidhm
Ballstát bunaíochta	35 000	36 000	0	Gan bheith incháilithe
Ballstát díolúine 1	85 000	20 000	0	Incháilithe
Ballstát díolúine 2	60 000	10 000	0	Incháilithe
Ballstát 4	neamhbhainteach	15 000	0	-
Na 23 Bhallstát eile	neamhbhainteach	0	0	-
Aontas	100 000	81 000	0	-

Fíor 29: Cur i bhfeidhm na tairsí bliantúla náisiúnta – cás B

Sa chás seo, cuireann an FBM isteach a réamhfhógra chun an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm an 1 Eanáir den bhliain féilire reatha (B). Ní féidir leis an FBM an scéim FBM a chur i bhfeidhm sa Bhallstát bunaíochta toisc gur mó a láimhdeachas bliantúil sa bhliain féilire roimhe sin (EUR 36 000) ná an tairseach bhliantúil náisiúnta sa Bhallstát bunaíochta (EUR 35 000). Mar sin féin, is féidir leis an FBM an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm i mBallstát díolúine 1 agus i mBallstát díolúine 2 i gcónaí toisc nach sáraítear an tairseach bhliantúil san Aontas sa bhliain féilire reatha (EUR 0) ná sa bhliain féilire roimhe sin (EUR 81 000) agus toisc nach mó a láimhdeachais bhliantúla i mBallstát díolúine 1 agus i mBallstát díolúine 2 ná tairseacha bliantúla náisiúnta na mBallstát sin sa bhliain féilire reatha ná sa bhliain féilire roimhe sin.

Sampla 22

Ballstáit / Aontas	Tairseach náisiúnta (EUR)	Láimhdeachas bliantúil (EUR) sa bhliain féilire roimhe sin (B-1)	Láimhdeachas bliantúil (EUR) sa bhliain féilire reatha (B)	Incháilitheacht leis an scéim FBM a chur i bhfeidhm
Ballstát bunaíochta	35 000	30 000	20 000	Incháilithe
Ballstát díolúine 1	85 000	20 000	25 000	Incháilithe
Ballstát díolúine 2	15 000	15 000	30 000	Gan bheith incháilithe
Ballstát 4	neamhbhainteach	15 000	20 000	-
Na 23 Bhallstát eile	neamhbhainteach	0	0	-
Aontas	100 000	80 000	95 000	-

Fíor 30: Cur i bhfeidhm na tairsí bliantúla náisiúnta – cás C

Sa chás seo, cinneann an FBM an scéim FBM a chur i bhfeidhm i lár na bliana féilire reatha (B). Ní féidir leis an FBM an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm i mBallstát díolúine 2 toisc gur mó a láimhdeachas bliantúil sa bhliain féilire reatha (EUR 30 000) ná an tairseach bhliantúil náisiúnta i mBallstát díolúine 2 (EUR 15 000). Mar sin féin, is féidir leis an FBM an scéim FBM a chur i bhfeidhm sa Bhallstát bunaíochta agus i mBallstát díolúine 1 i gcónaí toisc nach sáraítear an tairseach bhliantúil san Aontas sa bhliain féilire reatha (EUR 95 000) ná sa bhliain féilire roimhe sin (EUR 80 000) agus toisc nach mó a láimhdeachais bhliantúla i mBallstát díolúine 1 ná tairseacha bliantúla náisiúnta na mBallstát sin sa bhliain féilire reatha ná sa bhliain féilire roimhe sin.

Sampla 23

Ballstáit / Aontas	Tairseach náisiúnta (EUR)	Láimhdeachas bliantúil (EUR) sa bhliain féilire roimhe sin (B-1)	Láimhdeachas bliantúil (EUR) sa bhliain féilire reatha (B)	Incháilitheacht leis an scéim FBM a chur i bhfeidhm
Ballstát bunaíochta	35 000	30 000	0	Incháilithe
Ballstát díolúine 1	85 000	50 000	0	Gan bheith incháilithe
Ballstát díolúine 2	60 000	15 000	0	Gan bheith incháilithe
Ballstát 4	neamhbhainteach	15 000	0	-
Na 23 Bhallstát eile	neamhbhainteach	0	0	-
Aontas	100 000	110 000	0	-

Fíor 31: Cur i bhfeidhm na tairisí bliantúla náisiúnta – cás D

Sa chás seo, ní féidir leis an FBM an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm i mBallstát díolúine 1 ná i mBallstát díolúine 2 mar sáraítear tairseach bhliantúil an Aontais sa bhliain féilire roimhe sin (EUR 110 000). Cosaint atá sa tairseach sin den Aontas lena chinntiú nach mbíonn rochtain ar an díolúine thrasteorann ach ag fiontair bheaga amháin. **Eisiatar an fiontar beag ón díolúine thrasteorann i ngach Ballstát seachas a Bhallstát bunaíochta má sháraítear tairseach bhliantúil an Aontais**, fiú i gcás inar lú na láimhdeachais bhliantúla sna Ballstáit inar mian leis an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm (Ballstát díolúine 1 agus Ballstát díolúine 2) ná an tairseach bhliantúil náisiúnta.

Is é a Bhallstát bunaíochta an t-aon Bhallstát amháin ina bhféadfadh an FBM an scéim FBM a chur i bhfeidhm, ar choinníoll go gcomhlíonfaí na coinníollacha le haghaidh na díolúine intíre (féach roinn 3). Go deimhin, ní eisiatar an FBM ó chur i bhfeidhm na scéime FBM ina Bhallstát bunaíochta (scéim FBM intíre) mar thoradh ar shárú thairseach bhliantúil an Aontais. Ní féidir FBM a eisiadh ón scéim FBM intíre ach amháin i gcás ina sáraítear an tairseach bhliantúil náisiúnta atá leagtha síos ag an mBallstát bunaíochta.

Sampla 24

Ceanglaíonn Ballstát díolúine 1 agus Ballstát 4 ar fhiontair bheaga sa chás seo eolas a sholáthar faoina láimhdeachas bliantúil a chomhfhreagraíonn don bhliain féilire reatha (B) agus don 2 bhliain féilire roimhe sin (B-1 agus B-2). Ní mian leis an bhfiontar beag i gcónaí an scéim FBM a chur i bhfeidhm i mBallstát 4.

Ballstát / Aontas	Tairseach náisiúnta (EUR)	Láimhdeachas bliantúil (EUR) sa bhliain roimh an mbliain féilire roimhe sin (B-2)	Láimhdeachas bliantúil (EUR) sa bhliain féilire roimhe sin (B-1)	Láimhdeachas bliantúil (EUR) sa bhliain féilire reatha (B)	Incháilitheacht leis an scéim FBM a chur i bhfeidhm
Ballstát bunaíochta	35 000	neamhbhainteach	30 000	20 000	Incháilithe
Ballstát díolúine 1	85 000	80 000	20 000	25 000	Incháilithe
Ballstát díolúine 2	15 000	neamhbhainteach	15 000	12 000	Incháilithe
Ballstát 4	neamhbhainteach	13 000	15 000	20 000	-
Na 23 Bhallstát eile	neamhbhainteach	neamhbhainteach	0	0	-
Aontas	100 000	neamhbhainteach	80 000	77 000	-

Fíor 32: Cur i bhfeidhm na tairisí bliantúla náisiúnta – cás E

Sa chás seo, tá an FBM incháilithe leis an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm sa Bhallstát bunaíochta, i mBallstát díolúine 1 agus i mBallstát díolúine 2 mar ní sháraítear tairseach bhliantúil an Aontais sa bhliain féilire reatha (EUR 77 000) ná sa bhliain féilire roimhe sin (EUR 80 000). Is féidir leis an FBM an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm sa Bhallstát bunaíochta agus i mBallstát díolúine 2 toisc nach mó a láimhdeachais bhliantúla ná tairseach bhliantúil náisiúnta na mBallstát sin faoi seach sa bhliain féilire reatha ná sa bhliain féilire roimhe sin.

Sa sampla seo, is féidir leis an FBM an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm i mBallstát díolúine 1 toisc nach mó a láimhdeachas bliantúil san Aontas le haghaidh na bliana féilire reatha agus le haghaidh na bliana féilire roimhe sin ná tairseach bhliantúil an Aontais agus toisc nach mó a láimhdeachas bliantúil sa bhliain féilire reatha agus sa 2 bhliain féilire roimhe sin ná tairseach bhliantúil náisiúnta Bhallstát díolúine 1.


D'ainneoin nach mian leis an bhfiontar beag an scéim FBM a chur i bhfeidhm i mBallstát 4, ní mór dó a láimhdeachas bliantúil a chomhfhreagraíonn don bhliain roimh an mbliain féilire roimhe sin (B-2) a chur in iúl freisin sa réamhfhógra mar teastaíonn an t-eolas sin ó Bhallstát 4.

Is féidir le fiontar bheaga a sheiceáil ar an tairseach ghréasáin le haghaidh FBManna cibé acu is féidir nó nach féidir an scéim FBM a chur i bhfeidhm, ach úsáid a bhaint as an bhfeidhm ionsamhlóra ⁽⁶⁹⁾. Eolas táscach amháin a sholáthraítear leis an ionsamhlóir agus dá bhrí sin ní bhronntar leis ceart chun rochtain ar an scéim FBM a éileamh in aon cheann de na Ballstáit.

4.3. Réamhfhógra

Chun dul isteach sa **scéim FBM trasteorann**, ní mór don fhiontar beag clárú ar dtús trí **réamhfhógra** a chur isteach chuig a Bhallstát bunaíochta ⁽⁷⁰⁾.

Chun na hoibleagáidí riaracháin a shimpliú, ní gá don fhiontar beag ach **aon fhoirm chláirúcháin amháin** – an **réamhfhógra** – a chomhdú ina Bhallstát bunaíochta, agus gníomhaíonn an Ballstát sin mar **phointe teagmhála aonair**. Déanann an Ballstát bunaíochta teagmháil leis na húdaráis chánach sna Ballstáit eile inar mian leis an FBM an díolúine ó CBL a chur i bhfeidhm, mar a léirítear thíos.



Fíor 33: An Ballstát bunaíochta, pointe teagmhála aonair idir an FBM agus na Ballstáit eile

Fíoraíonn an Ballstát bunaíochta go bhfuil an fiontar beag incháilithe leis an scéim trasteorann a chur i bhfeidhm trí sheiceáil a dhéanamh nach mó an láimhdeachas bliantúil san Aontas ná EUR 100 000. Seiceálfaidh an Ballstát nó na Ballstáit díolúine

⁽⁶⁹⁾ [Ionsamhlóir – An Coimisiún Eorpach \(europa.eu\)](https://ec.europa.eu/economy_finance/ionsamhlóir)

⁽⁷⁰⁾ <https://sme-vat-rules.ec.europa.eu>

coinníollacha eile, mar shampla nach mó láimhdeachas bliantúil an fhiontair bhig ná a dtairseach bhliantúil náisiúnta.

Is é an Ballstát díolúine lena mbaineann a chinneann i gcónaí cibé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an fiontar beag na coinníollacha chun an scéim FBM a chur i bhfeidhm ina dhlínse.

Má chomhlíontar na coinníollacha le haghaidh díolúine, cuirfidh údaráis chánach an Bhallstáit díolúine an t-eolas sin in iúl d'údaráis chánach an Bhallstáit bunaíochta. Tabharfaidh an Ballstát bunaíochta uimhir aitheantais aonair amháin ⁽⁷¹⁾ lena ngabhann an iarmhír 'EX' (an uimhir 'EX' anseo feasta) don fhiontar beag ansin. Beidh an uimhir 'EX' sin bailí sna Ballstáit sin uile a roghnaigh an FBM ina gcomhlíonann sé na coinníollacha ar fad chun an scéim FBM a chur i bhfeidhm. Ní féidir an díolúine ó CBL a chur i bhfeidhm go dtí go bhfaigheann an fiontar beag an deimhniú ón mBallstát bunaíochta gur féidir leis an uimhir 'EX' a úsáid sa Bhallstát díolúine lena mbaineann. Déantar an deimhniú sin ar leithligh le haghaidh gach Ballstáit inar mian leis an bhfiontar beag an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm.

I gcás ina gcuireann fiontar beag an scéim FBM trasteorann i bhfeidhm cheana féin ina Bhallstát bunaíochta (scéim FBM intíre) agus inar mian leis síneadh a chur le cur i bhfeidhm na scéime chun Ballstáit eile a chumhdach (scéim FBM trasteorann), beidh ar an bhfiontar beag réamhfhógra a chomhdú ina Bhallstát bunaíochta. Mura sainaithníonn an Ballstát bunaíochta fiontair bheaga nach gcuireann ach an scéim FBM intíre, agus í sin amháin, i bhfeidhm, beidh ina thoradh ar shíneadh a chur leis an scéim chun Ballstáit eile a chumhdach an tsainaithint chun críoch na scéime FBM i ngach Ballstát ina bhfuil feidhm ag an scéim, an Ballstát bunaíochta ina measc. Ciallaíonn sé sin go gcumhdófar leis an uimhir 'EX' freisin soláthairtí a dhéantar sa Bhallstát bunaíochta i gcomhthéacs na scéime FBM trasteorann.

4.3.1. Comhthéacs

Ní mór an réamhfhógra a chur isteach sa Bhallstát bunaíochta amháin agus ba cheart an t-eolas seo a leanas ar a laghad a bheith ann ⁽⁷²⁾:

- a) ainm, gníomhaíocht, foirm dhlíthiúil agus seoladh an fhiontair bhig,
- b) an Ballstát nó na Ballstáit inar mian leis an bhfiontar beag an díolúine ó CBL a chur i bhfeidhm faoin scéim FBM trasteorann,

⁽⁷¹⁾ Airteagal 284(3) den Treoir maidir le CBL.

⁽⁷²⁾ Airteagal 284a(1) den Treoir maidir le CBL.

- c) luach iomlán na soláthairtí earraí agus/nó seirbhísí a rinneadh sa Bhallstát bunaíochta agus i ngach ceann de na Ballstáit eile le linn na bliana féilire reatha agus le linn na bliana féilire roimhe sin (nó le linn an 2 bhliain féilire roimhe sin, má cheanglaíonn Ballstát áirithe é sin).

Seachas an t-eolas chun an duine inchánach lena mbaineann a shainaithint (pointe a) thuas), is gá **a shonrú sa réamhfhógra an Ballstát nó na Ballstáit ina nglacfar an díolúine** (pointe b) thuas). Faoi réir an fiontar beag a bheith incháilithe don díolúine agus coinníollacha uile na díolúine a chomhlíonadh, ní bheidh feidhm ag an díolúine ach sa Bhallstát nó sna Ballstáit sin amháin.

Thairis sin, i gcás ina sainaithnítear an fiontar beag cheana féin chun críoch CBL i mBallstát inar mian leis an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm, cuirfidh sé aon uimhir aitheantais CBL den sórt sin in iúl sa réamhfhógra.

Sampla 25

Ní chuireann FBM an scéim FBM i bhfeidhm in aon Bhallstát. An 1 Eanáir 2025, cinneann sé an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm i mBallstát 1 agus i mBallstát 2 áit nach bhfuil sé bunaithe. Ní mian leis an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm ina Bhallstát bunaíochta.

Ní mór don FBM réamhfhógra a thabhairt ina Bhallstát bunaíochta le cur in iúl gur mian leis an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm i mBallstáit 1 agus 2. Maidir le láimhdeachas bliantúil an fhiontair bhig san Aontas, seiceálfaidh an Ballstát bunaíochta nach mó an láimhdeachas sin sna 27 mBallstát ná EUR 100 000 sa bhliain féilire reatha agus sa bhliain féilire roimhe sin. Más rud é nach mó an láimhdeachas bliantúil san Aontas ná EUR 100 000, aistreoidh an Ballstát bunaithe an iarraidh chuig Ballstáit 1 agus 2. I gcás inar mó an láimhdeachas bliantúil san Aontas ná EUR 100 000, diúltófar d'iarraidh an FBM.

I gcás nach mó an láimhdeachas bliantúil san Aontas ná EUR 100 000, seiceálfaidh Ballstáit 1 agus 2 cibé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar na coinníollacha chun an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm ina ndlínse faoi seach, mar shampla nach mó láimhdeachas bliantúil an FBM ná an tairseach bhliantúil náisiúnta. Mar thoradh air sin, cuirfidh siad an Ballstát bunaíochta ar an eolas maidir le cibé acu atá nó nach bhfuil an fiontar beag incháilithe leis an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm ina ndlínse faoi seach. Cuirfidh an Ballstát bunaíochta cinneadh gach Ballstáit in iúl don fhiontar beag. I gcás ina bhfuil sé incháilithe, tabharfar uimhir EX aonair don fhiontar beag agus deimhneofar gur féidir leis an uimhir sin a úsáid i mBallstáit 1 agus 2. I gcás nach gcomhlíonann an fiontar beag na coinníollacha chun an scéim FBM trasteorann a chur i

bhfeidhm i mBallstát 1 agus/nó i mBallstát 2, cuirfidh an Ballstát bunaíochta é sin in iúl don FBM.

Bíonn an Ballstát bunaíochta páirteach i gcónaí sa phróiseas clárúcháin agus sna seiceálacha maidir le hincháilitheacht FBM fiú i gcás nach mian leis an FBM an scéim a chur i bhfeidhm ina Bhallstát bunaíochta.

Sampla 26

Ní chuireann FBM an scéim FBM i bhfeidhm in aon Bhallstát. An 1 Eanáir 2025, cinneann sé an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm i mBallstát 1 agus i mBallstát 2 áit nach bhfuil sé bunaithe, agus ina Bhallstát bunaíochta freisin.

Ní mór don FBM réamhfhógra a thabhairt ina Bhallstát bunaíochta le cur in iúl gur mian leis an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm i mBallstáit 1 agus 2 agus ina Bhallstát bunaíochta. Maidir le láimhdeachas bliantúil an fhiontair bhig san Aontas, seiceálfaidh an Ballstát bunaíochta nach mó an láimhdeachas sin sna 27 mBallstát ná EUR 100 000 sa bhliain féilire reatha agus sa bhliain féilire roimhe sin. Más rud é nach sáraítear an láimhdeachas bliantúil san Aontas, aistreoidh an Ballstát bunaithe an iarraidh chuig Ballstáit 1 agus 2.

I gcás ina sáraítear an láimhdeachas bliantúil san Aontas, diúltófar d'iarraidh an FBM le haghaidh Bhallstáit 1 agus 2. I gcás ina bhfuil an FBM incháilithe leis an scéim FBM a chur i bhfeidhm ina Bhallstát bunaíochta, cloífidh sé leis na rialacha agus na próisis atá leagtha síos ag an mBallstát bunaíochta le haghaidh na scéime FBM intíre (féach roinn 3).

I gcás nach sáraítear an láimhdeachas bliantúil san Aontas, seiceálfaidh Ballstáit 1 agus 2 comhlíonadh na gcoinníollacha chun an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm ina ndlínse faoi seach, mar shampla nach mó láimhdeachas bliantúil an FBM ná an tairseach bhliantúil náisiúnta. Cuirfidh siad an Ballstát bunaíochta ar an eolas maidir le cibé acu atá nó nach bhfuil an fiontar beag incháilithe leis an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm ina ndlínse faoi seach. Cuirfidh an Ballstát bunaíochta cinneadh gach Ballstáit in iúl don fhiontar beag. Déanfaidh sé roinnt seiceálacha freisin maidir le cur i bhfeidhm na scéime FBM sa Bhallstát bunaíochta freisin. I gcás ina bhfuil sé incháilithe, tabharfar uimhir EX aonair don fhiontar beag agus deimhneofar gur féidir leis an uimhir sin a úsáid i mBallstáit 1 agus 2 agus ina Bhallstát bunaíochta. I gcás nach gcomhlíonann an fiontar beag na coinníollacha chun an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm i mBallstát 1 agus/nó i mBallstát 2, cuirfidh an Ballstát bunaíochta é sin in iúl don FBM.

Ní mór a chuimsiú leis an réamhfhógra freisin eolas faoi **luach iomlán na soláthairtí earraí agus seirbhísí, idir sholáthairtí reatha agus soláthairtí roimhe sin**, a rinneadh i **ngach ceann de na Ballstáit eile** seachas iad sin a rinneadh sa Bhallstát bunaíochta agus sa Bhallstát nó sna Ballstáit inar mian leis an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm, agus iontu sin amháin (pointe c) thuas). Déantar é sin le cur ar a chumas don Bhallstát bunaíochta a fhíorú nach sáraítear tairseach láimhdeachais bhliantúil an Aontais sa bhliain féilire reatha ná nár sáraíodh é sa bhliain féilire roimhe sin.

4.3.2. Méideanna le tuairisciú

Is iad na méideanna atá le tuairisciú sa réamhfhógra na méideanna a chomhfhreagraíonn do láimhdeachas bliantúil an fhiontair bhig, mar a shonraítear i roinn 2.4. Ba cheart dóibh a bheith **ar leith ó CBL** ⁽⁷³⁾:

- a) Luach na soláthairtí earraí agus seirbhísí a ngearrfaí cáin orthu faoin gcóras caighdeánach CBL murach sin,
- b) Luach na n-idirbheart atá díolmhaithe, lena ngabhann in-asbhainteacht CBL a íoctar ag an gcéim roimhe sin, de bhun Airteagal 98(2) nó Airteagal 105a den Treoir maidir le CBL,
- c) Luach na n-idirbheart a bhaineann le heaspórtálacha díolmhaithe, iompar idirnáisiúnta agus na soláthairtí gaolmhara seirbhísí ag idirghabhálaithe ⁽⁷⁴⁾,
- d) Luach soláthairtí díolmhaithe earraí laistigh den Aontas ⁽⁷⁵⁾,
- e) Luach idirbheart eastáit réadaigh, idirbheart airgeadais mar a thagraítear dóibh in Airteagal 135(1), pointí (b) go (g) den Treoir maidir le CBL, agus seirbhísí árachais agus atharachais, murab idirbhearta coimhdeacha na hidirbhearta sin,

An t-aistriú earraí ar cuid de shócmhainní gnó fiontair bhig iad chuig Ballstát eile, déileálfar leis mar sholáthar earraí ar comaoin ⁽⁷⁶⁾. Comhfhreagraíonn luach na n-earraí a aistrítear don phraghas ceannaigh, nó in éagmais praghas ceannaigh, costphraghas na n-earraí sin ⁽⁷⁷⁾. Ba cheart an luach sin a chuimsiú sa mhéid a thuairiscítear do sholáthairtí earraí.

Is iad seo idirbhearta nach gcuirfear san áireamh sa réamhfhógra:

⁽⁷³⁾ Airteagal 288 den Treoir maidir le CBL.

⁽⁷⁴⁾ Airteagail 146 go 149, agus Airteagail 151, 152 agus 153 den Treoir maidir le CBL.

⁽⁷⁵⁾ Airteagal 138 den Treoir maidir le CBL.

⁽⁷⁶⁾ Airteagal 17 den Treoir maidir le CBL.

⁽⁷⁷⁾ Airteagal 76 den Treoir maidir le CBL.

- Aistrithe earraí chuig tír nach bhfuil san Aontas: má easpórtáiltear earraí gan soláthar a bheith ann, rud a d'fhéadfadh a bheith ann i gcás ina mbogtar iad chuig **stoc i dtír nach bhfuil san Aontas**, ní ghinfear aon láimhdeachas agus dá bhrí sin níor cheart méid na n-earraí a chuimsiú.
- **Diúscairtí sócmhainní caipitiúla inláimhsithe nó doláimhsithe** FBM: níor cheart iad a chur san áireamh chun an láimhdeachas bliantúil a ríomh.
- **Soláthairtí díolmhaithe le haghaidh gníomhaíochtaí áirithe a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail** ⁽⁷⁸⁾.

4.3.3. An réamhfhógra a líonadh isteach: láimhdeachas bliantúil agus tairseacha

Bíonn aon tairseach bhliantúil náisiúnta amháin ag na Ballstáit mar riail ghinearálta, agus ní féidir leis an tairseach a bheith os cionn EUR 85 000. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé gur chuir Ballstát tairseacha bliantúla éagsúla i bhfeidhm le haghaidh earnálacha gnó éagsúla ⁽⁷⁹⁾. I gcás ina bhfuil níos mó ná aon tairseach bhliantúil náisiúnta amháin ag Ballstát, meastar gur tairseacha earnála iad na tairseacha sin. Ní mór iad a bheith bunaithe ar chritéir oibiachtúla agus ní féidir aon cheann díobh a bheith níos mó ná EUR 85 000.

Tugtar roinnt samplaí praiticiúla anseo thíos maidir le conas ba cheart do FBM a láimhdeachas bliantúil a thuairisciú sa réamhfhógra, ag brath ar cibé acu a chuireann na Ballstáit aon tairseach bhliantúil náisiúnta amháin nó tairseacha earnála i bhfeidhm.

⁽⁷⁸⁾ Airteagal 132 den Treoir maidir le CBL.

⁽⁷⁹⁾ Airteagal 284(1) den Treoir maidir le CBL.

Sampla 27

Cuirtear an réamhfhógra isteach sa Bhallstát bunaíochta an 1 Meán Fómhair 2025. Is mian leis an bhfiontar beag an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm ina Bhallstát bunaíochta agus i mBallstát 1. Ceanglaíonn an Ballstát bunaíochta ar fhiontair bheaga eolas a sholáthar faoin láimhdeachas bliantúil a chomhfhreagraíonn don bhliain féilire reatha (B) agus don bhliain féilire roimhe sin (B-1). Ceanglaíonn Ballstát 1 ar fhiontair bheaga eolas a sholáthar faoin láimhdeachas bliantúil a chomhfhreagraíonn don bhliain féilire reatha (B) agus don 2 bhliain féilire roimhe sin (B-1 agus B-2).

As na 25 Bhallstát eile nach mian leis an bhfiontar beag an scéim FBM a chur i bhfeidhm iontu agus ar gá dó eolas ar a láimhdeachas bliantúil a sholáthar ina leith sa réamhfhógra, is é Ballstát 4 an t-aon Bhallstát a chuireann an riail chéanna le Ballstát 1 i bhfeidhm agus ceanglaíonn sé ar fhiontair bheaga eolas a sholáthar ar an láimhdeachas bliantúil a chomhfhreagraíonn don bhliain féilire reatha (B) agus don 2 bhliain féilire roimhe sin (B-1 agus B-2).

Le haghaidh Bhallstát 1 agus Bhallstát 4, ní mór don fhiontar beag luach iomlán na soláthairtí a rinneadh i rith bhliain iomlán 2023 (B-2) agus bhliain iomlán 2024 (B-1) agus luach iomlán na soláthairtí a rinneadh idir an 1 Eanáir agus an 31 Lúnasa 2025 (B) a shonrú ina réamhfhógra. Mura ngintear aon láimhdeachas i gcás aon bhliain amháin díobh sin nó ceachtar díobh, is é '0' an luach iomlán atá le sonrú.

Le haghaidh an Bhallstáit bunaíochta agus le haghaidh na 24 Bhallstát eile, ní mór don fhiontar beag luach iomlán na soláthairtí a rinneadh i rith bhliain iomlán 2024 (B-1) agus luach iomlán na soláthairtí a rinneadh idir an 1 Eanáir agus an 31 Lúnasa 2025 (B) a shonrú. Mura ngintear aon láimhdeachas i gcás aon bhliain amháin díobh sin nó ceachtar díobh, is é '0' an luach iomlán atá le sonrú.

Sampla 28

Is mian le fiontar beag an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm i mBallstát 1. Cuireann an Ballstát sin aon tairseach bhliantúil náisiúnta amháin dar luach EUR 60 000 i bhfeidhm. Cuireann Ballstát 2 tairseach bhliantúil náisiúnta EUR 30 000 i bhfeidhm ach níl aon ghníomhaíocht eacnamaíoch ag an bhfiontar beag sa Bhallstát sin agus mar sin ní gá dó tairbhe a bhaint as an scéim FBM ann.

Tá láimhdeachas bliantúil EUR 10 000 le haghaidh na bliana féilire reatha (B) agus láimhdeachas bliantúil EUR 55 000 le haghaidh na bliana féilire roimhe sin (B-1) ag an FBM i mBallstát 1. Ba cheart don FBM a láimhdeachais bhliantúil a thuairisciú sa réamhfhógra mar a leanas*:

Réamhfhógra			
<i>Ballstáit</i>	<i>Tairseach bhliantúil náisiúnta (EUR)</i>	<i>Láimhdeachas bliantúil (EUR) sa bhliain féilire roimhe sin (B-1)</i>	<i>Láimhdeachas bliantúil (EUR) sa bhliain féilire reatha (B)</i>
Ballstát 1	60 000	55 000	10 000
Ballstát 2	30 000	0	0

Fíor 34: Réamhfhógra – aon tairseach náisiúnta amháin

* Ní léirítear sa sampla seo ach cás Bhallstáit 1 agus 2 agus iad sin amháin. Cuimseofar sa réamhfhógra freisin an láimhdeachas bliantúil – nó nialas ‘0’ mura ndéantar aon ghníomhaíocht eacnamaíoch – i ngach ceann de na 25 Bhallstát eile.

I gcás aon Bhallstát a chuireann níos mó ná aon tairseach i bhfeidhm, an luach iomlán atá le tuairisciú sa réamhfhógra le haghaidh an Bhallstáit sin, ní mór é a mhiondealú de réir na dtairseach sin ⁽⁸⁰⁾. An chúis atá le tuairisciú an láimhdeachais bhliantúil de réir tairseí earnála ná chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an tairseach earnála a úsáidfídh an fiontar beag agus chun monatóireacht a dhéanamh ar a húsáid.

⁽⁸⁰⁾ Airteagal 284c(c) den Treoir maidir le CBL.

Sampla 29

Cuireann Ballstát 2 tairseacha éagsúla i bhfeidhm le haghaidh na n-earnálacha gnó seo a leanas: tairseach le haghaidh na hearnála tógála (EUR 30 000) agus tairseach le haghaidh gach earnála gníomhaíochta eile (EUR 40 000). Tá láimhdeachas bliantúil iomlán EUR 30 000 sa bhliain féilire reatha (B) agus EUR 33 000 sa bhliain féilire roimhe sin (B-1) i mBallstát 2 ag FBM. Ní mór don fhiontar beag a láimhdeachas bliantúil a chomhfhreagraíonn do gach earnáil a shonrú ar leithligh sna boscaí den réamhfhógra, mar a léirítear thíos.

Cás 1

Faoin gcás sin, is san earnáil tógála a ghintear láimhdeachas bliantúil iomlán an FBM le haghaidh na bliana féilire reatha (EUR 30 000) agus na bliana féilire roimhe sin (EUR 33 000). Sa chás sin, ba cheart iomlán an láimhdeachais bhliantúil a shonrú sa bhosca a chomhfhreagraíonn don tairseach sin le haghaidh ‘tógáil’ agus ba cheart nialas ‘0’ a shonrú sa bhosca a chomhfhreagraíonn do ghníomhaíochtaí eacnamaíocha eile ‘eile’.

Réamhfhógra			
Ballstát	Tairseach bhliantúil náisiúnta (EUR)	Láimhdeachas bliantúil (EUR) sa bhliain féilire roimhe sin (B-1)	Láimhdeachas bliantúil (EUR) sa bhliain féilire reatha (B)
Ballstát 2			
– Tógáil	30 000	30 000	33 000
– Eile	40 000	0	0

Fíor 35: Réamhfhógra – tairseacha earnála éagsúla, cás 1

Cás 2

Faoin gcás sin, is san earnáil tógála a ghintear cuid de láimhdeachas bliantúil an FBM (EUR 15 000 le haghaidh na bliana féilire reatha agus EUR 10 000 le haghaidh na bliana féilire roimhe sin) agus baineann cuid eile le gníomhaíochtaí eacnamaíocha eile (EUR 18 000 le haghaidh na bliana féilire reatha agus EUR 20 000 le haghaidh na bliana féilire roimhe sin). Ní mór don FBM a láimhdeachas bliantúil a dheighilt de réir tairsí, mar a léirítear thíos.

Réamhfhógra			
<i>Ballstát</i>	<i>Tairseach bhliantúil náisiúnta (EUR)</i>	<i>Láimhdeachas bliantúil (EUR) sa bhliain féilire roimhe sin (B-1)</i>	<i>Láimhdeachas bliantúil (EUR) sa bhliain féilire reatha (B)</i>
Ballstát 2			
– Tógáil	30 000	10 000	15 000
– Eile	40 000	20 00	18 000

Fíor 36: Réamhfhógra – tairseacha eárnála éagsúla, cás 2

I gcás ina measann Ballstát 2 gur féidir leis an FBM an scéim FBM a chur i bhfeidhm ina dhlínse, cuirfidh sé an Ballstát bunaíochta ar an eolas agus sonrúidh sé an tairseach eárnála nach mór don FBM a úsáid ⁽⁸¹⁾ mar, i gcás FBM lena mbaineann soláthairtí a d'fhéadfadh teacht faoi roinnt tairseacha eárnála, ní féidir leis ach aon tairseach eárnála amháin a úsáid. Aistireoidh an Ballstát bunaíochta an t-eolas a fhaightear ón mBallstát díolúine chuig an bhfiontar beag dá réir sin.

Is féidir le gach Ballstát bunaíochta cinneadh a dhéanamh faoin gcaoi a gcuirfear isteach an réamhfhógra ina dhlínse. Is é sin, ba cheart an réamhfhógra a chur isteach trí mheán leictreonach i bprionsabal, ach níl ceangal ar an mBallstát bunaíochta oibleagáid den sórt sin a fhorchur ⁽⁸²⁾. I gcás ina gceanglaíonn an Ballstát bunaíochta go gcuirtear isteach an réamhfhógra go leictreonach, beidh an cur isteach leictreonach faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha síos ag an mBallstát lena mbaineann.

4.3.4. Teanga

Is féidir leis an mBallstát bunaíochta cinneadh a dhéanamh maidir leis an teanga inar gá do FBManna atá bunaithe ar a chríoch an réamhfhógra a chomhdú.

4.3.5. Airgeadra

Is in EURO a thuairisceofar sa réamhfhógra an láimhdeachas atá comhdhéanta de luachanna na n-idirbheart a dhéantar ⁽⁸³⁾.

Ballstáit nach bhfuil an euro glactha acu, d'fhéadfaidís a cheangal go dtabharfaí na luachanna ina n-airgeadra náisiúnta. Má rinneadh na soláthairtí in airgeadraí eile,

⁽⁸¹⁾ Airteagal 284(1) den Treoir maidir le CBL.

⁽⁸²⁾ Airteagal 284c(2) den Treoir maidir le CBL.

⁽⁸³⁾ Airteagal 284c(1)(b) den Treoir maidir le CBL.

déanfar an comhshó tríd an ráta malairte a fhoilsíonn an Banc Ceannais Eorpach ar an gcéad lá den bhliain féilire a chur i bhfeidhm nó, murab ann d'aon fhoilsiú an lá sin, ar an gcéad lá eile a fhoilsítear é ⁽⁸⁴⁾.

Sampla 30

Is mian le FBM an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm ina Bhallstát bunaíochta arb é 'YYY' an t-airgeadra náisiúnta agus i mBallstát 1 arb é EUR an t-airgeadra náisiúnta. Ní gá don FBM an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm sna 25 Bhallstát eile mar níl aon ghníomhaíocht eacnamaíoch aige in aon cheann díobh.

Cuireann an FBM a réamhfhógra isteach ina Bhallstát bunaíochta an 1 Eanáir 20XX. Tá láimhdeachas bliantúil aige sa Bhallstát bunaíochta arb ionann é agus 'YYY' 200 000 le haghaidh na bliana féilire roimhe seo 20XX-1 agus láimhdeachas bliantúil nialas '0' le haghaidh na bliana féilire reatha 20XX. Tá láimhdeachas bliantúil aige i mBallstát 1 arb ionann é agus EUR 20 000 le haghaidh na bliana féilire roimhe seo 20XX-1 agus láimhdeachas bliantúil nialas '0' le haghaidh na bliana féilire reatha 20XX.

Ceanglaíonn an Ballstát bunaíochta ar an FBM na luachanna a chur isteach in airgeadra 'YYY' sa réamhfhógra. Ba é YYY 1 = EUR 0.25 an ráta malairte an 1 Eanáir 20XX-1. Ní gá aon comhshó a dhéanamh le haghaidh na bliana féilire reatha mar is ionann an láimhdeachas bliantúil agus nialas '0' agus ní gá aon chomhshó a dhéanamh le haghaidh na mBallstát eile ach an oiread mar is é nialas '0' an méid atá le tuairisciú le haghaidh gach ceann díobh le haghaidh gach bliana féilire.

Ba cheart don FBM an réamhfhógra a chomhdú mar a leanas:


<i>Ballstát</i>	<i>Luach (YYY) don bhliain féilire roimhe sin (B-1)</i>	<i>Luach (YYY) don bhliain féilire reatha (B)</i>
Ballstát bunaíochta	200 000	0
Ballstát 1	80 000	0
Na 25 Bhallstát eile	0	0

Fíor 37: Réamhfhógra – airgeadra náisiúnta seachas an Euro

⁽⁸⁴⁾ Airteagal 284c(1)(c) den Treoir maidir le CBL.

4.4. Uimhir aitheantais aonair ar leith (uimhir ‘EX’)

Ceanglaítear ar an mBallstát bunaíochta ⁽⁸⁵⁾ aon fhiontar beag a shainaithint a meastar é, tar éis dó réamhfhógra a chur isteach, mar a bheith incháilithe leis an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm agus a chomhlíonann na coinníollacha díolúine. Ní gá an tsainaithint ach le haghaidh na scéime FBM trasteorann amháin, seachas le haghaidh na scéime FBM intíre. Beidh an iarmhír ‘EX’ ag gabháil leis an uimhir aitheantais aonair a thabharfar don FBM. Tabharfaidh an Ballstát bunaíochta uimhir EX don fhiontar beag ar féidir leis an bhfiontar beag í a úsáid i ngach Ballstát inar féidir leis an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm. Ní uimhir aitheantais CBL í an uimhir EX le fírinne. Ní úsáidtear í ach amháin chun críoch fheidhmiú na scéime FBM trasteorann.



Fíor 38: An uimhir aitheantais aonair ar leith (uimhir ‘EX’)

Beidh an uimhir EX bailí sna Ballstáit ina gcuireann an fiontar beag an scéim FBM trasteorann i bhfeidhm. San fhíor thuas, beidh an uimhir EX bailí sa Bhallstát bunaíochta, i mBallstát 1, i mBallstát 2 agus i mBallstát 3.

I gcás ina dtugtar rochtain don fhiontar beag ar an scéim FBM i mBallstát inar aithníodh é chun críocha CBL cheana féin, déanfaidh an Ballstát díolúine lena mbaineann gach beart is gá lena chinntiú nach n-aithneofar an fiontar beag a thuilleadh chun críocha CBL i leith soláthairtí earraí agus seirbhísí a dhéanfar sa Bhallstát sin a thiocfaidh faoin scéim FBM.

⁽⁸⁵⁾ Airteagal 284(3)(b) den Treoir maidir le CBL.

4.5. Próiseas clárúcháin

4.5.1. Tráthchlár

Cuirtear tús leis an bpróiseas clárúcháin nuair a chuireann an fiontar beag an réamhfhógra isteach ina Bhallstát bunaíochta. Idir an Ballstát bunaíochta agus an Ballstát nó na Ballstáit inar mian leis an bhfiontar beag tairbhe a bhaint as an díolúine ó CBL, déanfaidh siad roinnt seiceálacha le deimhniú cibé acu is féidir nó nach féidir leis an bhfiontar beag rochtain a fháil ar an scéim FBM trasteorann agus an díolúine ó CBL a chur i bhfeidhm. **Níl sé ceaptha go mbeidh níos mó ná 35 lá oibre** ⁽⁸⁶⁾ i gceist leis an bpróiseas clárúcháin iomlán tar éis an dáta a fhaigheann an Ballstát bunaíochta an réamhfhógra.

Tá 15 lá oibre ag an mBallstát bunaíochta a sheiceálacha a dhéanamh. Má tá an fiontar beag incháilithe leis an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm – ní mó an láimhdeachas bliantúil san Aontas sa bhliain féilire reatha agus sa bhliain féilire roimhe sin ná EUR 100 000 – cuirfidh sé an iarraidh ar aghaidh chuig an mBallstát nó na Ballstáit díolúine. Mura bhfuil an fiontar beag incháilithe, seolfaidh an Ballstát bunaíochta fógra diúltaithe chuig an bhfiontar beag. Ciallaíonn an diúltú ón scéim FBM trasteorann nach féidir leis an bhfiontar beag a sholáthairtí a dhíolmhú ó CBL in aon cheann de na Ballstáit ina bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch aige agus beidh air oibleagáidí CBL a chomhlíonadh faoin gcóras caighdeánach CBL – nó an próiseas simplithe. D'fhéadfaí scéim ionaid ilfhreastail an Aontais (OSS) a chur i bhfeidhm mar mhalairt ar an gcóras caighdeánach CBL ⁽⁸⁷⁾ (féach roinn 7). Is é a Bhallstát bunaíochta an t-aon Bhallstát ina bhféadfadh an fiontar beag an scéim FBM a chur i bhfeidhm dá gcomhlíonadh sé na coinníollacha chun an scéim FBM intíre a chur i bhfeidhm.

Tá 15 lá oibre ag na Ballstáit díolúine ón dáta a fhaigheann siad an iarraidh ón mBallstát bunaíochta chun a seiceálacha a dhéanamh: mar shampla, fíorú nach mó an láimhdeachas ná an tairseach náisiúnta nó an tairseach earnála is infheidhme. Má chomhlíonann an fiontar beag na coinníollacha chun an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm, cuirfidh an Ballstát nó na Ballstáit díolúine Ballstát bunaíochta ar an eolas agus cuirfidh Ballstát bunaíochta an fiontar beag ar an eolas gur féidir leis an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm sa Bhallstát nó sna Ballstáit lena mbaineann. Mura gcomhlíonann an fiontar beag na coinníollacha, cuirfidh an Ballstát nó na Ballstáit díolúine an Ballstát bunaíochta ar an eolas faoi sin agus seolfaidh an Ballstát bunaíochta fógra diúltaithe chuig an bhfiontar beag ar a sheal. Ciallaíonn an diúltú nach féidir leis

⁽⁸⁶⁾ Airteagal 284(5) den Treoir maidir le CBL.


⁽⁸⁷⁾ Teideal XII, Caibidil 6 den Treoir maidir le CBL.

an bhfiontar beag a sholáthairtí earraí agus seirbhísí a dhíolmhú ó CBL sa Bhallstát nó sna Ballstáit nach gcomhlíonann sé na coinníollacha díolúine ann nó iontu agus, ina áit sin, beidh air oibleagáidí CBL a chomhlíonadh sa Bhallstát nó sna Ballstáit sin. D'fhéadfadh an fiontar beag an scéim OSS a chur i bhfeidhm mar mhalairt air sin (féach roinn 7).

Is féidir leis an bpróiseas sin a bheith níos faide más rud é, i gcásanna sonracha, go dteastaíonn am breise ó Bhallstát chun seiceálacha a dhéanamh chun cosc a chur ar imghabháil cánach nó ar sheachaint cánach. Sa chás sin, ní mór don Bhallstát díolúine an Ballstát bunaíochta a chur ar an eolas go bhfuil am breise ag teastáil. Cuireann sé sin ar a chumas don Bhallstát bunaíochta an fiontar beag a chur ar an eolas faoin moill.

Más rud é nach bhfaigheann an Ballstát bunaíochta aon eolas nach gcomhlíonann an fiontar beag na coinníollacha chun an díolúine thrasteorann a chur i bhfeidhm agus nach gcuireann Ballstát díolúine in iúl dó go bhfuil am breise ag teastáil, is féidir leis an mBallstát bunaíochta glacadh leis go bhfuil an fiontar beag incháilithe do dhíolúine ach ní féidir é sin a dhéanamh ach amháin chun an sprioc-am 35 lá oibre ó dháta cur isteach an réamhfhógra a chomhlíonadh.

Tagraíonn laethanta oibre ⁽⁸⁸⁾ do gach lá seachas laethanta saoire poiblí, Sathairn agus Domhnaí ⁽⁸⁹⁾. Is iad na laethanta oibre is infheidhme na laethanta oibre ón mBallstát bunaíochta le haghaidh na tréimhse 15 lá oibre ar cheart dó an t-eolas a chuirtear isteach sa réamhfhógra a sheiceáil lena linn. Maidir leis an tréimhse 15 lá oibre a ndéanann an Ballstát nó na Ballstáit díolúine seiceálacha lena linn, is iad na laethanta oibre atá i gceist na laethanta oibre is infheidhme i ngach Ballstát díolúine lena mbaineann.



Fíor 39: Amlíne an ghnáthphróisis clárúcháin

4.5.2. Dáta tosaithe

Is féidir leis an bhfiontar beag tosú ar a sholáthairtí a dhíolmhú ó CBL faoin scéim FBM i mBallstát ar leith ón dáta a chuireann an Ballstát bunaíochta in iúl don fiontar beag nó a dheimhníonn gur féidir a uimhir 'EX' aonair a úsáid sa Bhallstát sin. Tugtar don fiontar

⁽⁸⁸⁾ Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 1182/71 ón gComhairle an 3 Meitheamh 1971 lena gcinntear na rialacha is infheidhme maidir le tréimhsí, dátaí agus teorainneacha ama (IO L 124, 8.6.1971, Ich. 1).

⁽⁸⁹⁾ Féach mar a shainmhínítear le hAirteagal 2(2) de Rialachán 1182/71.

beag uimhir 'EX' aonair atá le fáil sna Ballstáit uile inar mian leis an scéim FBM a chur i bhfeidhm agus a dheimhnigh rochtain ar an scéim FBM trasteorann. Ní mór do gach Ballstát lena mbaineann a dheimhniú go gcomhlíonann an fiontar beag na coinníollacha chun an scéim a chur i bhfeidhm ina dhlínse agus ní mór dó an Ballstát bunaíochta a chur ar an eolas faoi sin. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh an dáta tosaithe a bheith éagsúil ó Bhallstát go chéile. Ní mór don fhiontar beag fanacht go bhfaighidh gach Ballstát deimhniú sular féidir leis tosú ar an scéim a chur i bhfeidhm sa Bhallstát sin.

Tá sé d'oibleagáid ar na Ballstáit inar mian leis an FBM an scéim FBM a chur i bhfeidhm an Ballstát bunaíochta a chur ar an eolas maidir le cibé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an FBM na coinníollacha chun an díolúine thrasteorann a chur i bhfeidhm ina ndlínse. Mura bhfaigheann an Ballstát bunaíochta aon fhreagra ó Bhallstát díolúine féideartha laistigh de na 15 lá oibre tar éis don Bhallstát bunaíochta iarraidh an FBM a chur ar aghaidh chuig Ballstát nó Ballstáit díolúine fhéideartha, ba cheart a thuiscint gur féidir leis an mBallstát bunaíochta rochtain a thabhairt don fhiontar beag ar an scéim FBM sa Bhallstát sin tar éis dhul in éag an sprioc-ama de 35 lá oibre le haghaidh an phróisis clárúcháin iomláin.

Is eisceacht ar an riail sin nuair a iarrann Ballstát bunaíochta am breise ar an mBallstát bunaíochta chun seiceálacha breise a dhéanamh i gcás amhras maidir le himghabháil cánach nó seachaint cánach. Sa chás sin, tugann an Ballstát bunaíochta fógra don fhiontar beag go bhfuil am breise ag teastáil chun a rochtain ar an scéim FBM trasteorann a dheimhniú.

Ionas nach gcuirfear moill ar an díolúine thrasteorann, ba cheart don Bhallstát bunaíochta an uimhir 'EX' a eisiúint nó a thabhairt cothrom le dáta a luaithe a fhaigheann sé deimhniú ó aon Bhallstát díolúine, le nuashonruithe ina dhiaidh sin, agus ba cheart dó an fiontar beag a chur ar an eolas faoin rochtain ar an díolúine sa Bhallstát díolúine ábhartha, mar a mhínítear sa sampla thíos. Má chuireann Ballstát díolúine an Ballstát bunaíochta ar an eolas nach gcomhlíontar na coinníollacha le haghaidh na díolúine, ba cheart don Bhallstát bunaíochta an cur chuige céanna a ghlacadh agus an cinneadh diúltaithe a chur in iúl don fhiontar beag.

Sampla 31

Ní chuireann FBM an scéim FBM i bhfeidhm faoi láthair. Is mian leis tairbhe a bhaint as an díolúine thrasteorann ó CBL faoin scéim FBM trasteorann ina Bhallstát bunaíochta agus in dhá Bhallstát díolúine: Ballstát díolúine 1 agus Ballstát díolúine 2. Cuireann an FBM an réamhfógra isteach ina Bhallstát bunaíochta an 3 Feabhra 2025. Measann an Ballstát bunaíochta, Ballstát díolúine 1 agus Ballstát díolúine 2 gur féidir leis an FBM an scéim FBM a chur i bhfeidhm.

Deimhníonn an Ballstát bunaíochta an uimhir aitheantais aonair 'EX' don FBM a luaithé a fhaigheann sé na cinntí ó gach ceann de na Ballstáit lena mbaineann. Sa sampla seo, ciallaíonn sé gurb é an 15 Feabhra an dáta tosaithe sa Bhallstát bunaíochta, an 24 Feabhra i mBallstát díolúine 2 agus an 5 Márta i mBallstát díolúine 1.

	Dáta cur isteach an réamhfógra	An dáta a fhaigheann an Ballstát bunaíochta toradh na seiceálacha ó na Ballstáit lena mbaineann	Eolas/deimhniú na huimhreach 'EX' don FBM	Dáta tosaithe
Ballstát bunaíochta	03/02/2025	***	15/02/2025	15/02/2025
Ballstát díolúine 1	neamhbhainteach	04/03/2025	05/03/2025	05/03/2025
Ballstát díolúine 2	neamhbhainteach	20/02/2025	24/02/2025	24/02/2025

Fíor 40: An dáta tosaithe

*** Déanann an Ballstát bunaíochta a sheiceálacha féin.

4.6. Nuashonrú ar réamhfógra

Ní mór don FBM a Bhallstát bunaíochta a chur ar an eolas roimh ré maidir le haon athrú ar an eolas a soláthraíodh sa réamhfógra ⁽⁹⁰⁾. D'fhéadfadh sé go mbainfeadh an nuashonrú le haon chuid den eolas a cuireadh in iúl sa réamhfógra.

4.6.1. Athrú ar an eolas a bhaineann leis an FBM

Fiontair bheaga a chuir réamhfógra isteach, is féidir leo nuashonrú ar réamhfógra a chur isteach chun aon athrú maidir lena n-ainm, a bhfoirm dhlíthiúil, a ngníomhaíocht,

⁽⁹⁰⁾ Airteagal 284(4) den Treoir maidir le CBL.

a seoladh, srl. a chur in iúl. An t-eolas a chuirtear isteach sa nuashonrú ar réamhfhógra, cuirfear é in ionad an eolais a tugadh sa réamhfhógra ar dtús.

4.6.2. Leathnú chun Ballstát nó Ballstáit eile a chumhdach

I gcás inar mian le fiontar beag tairbhe a bhaint as an díolúine ó CBL faoin scéim FBM i mBallstát nó i mBallstáit seachas iad sin a shonraítear sa réamhfhógra, ba cheart dó nuashonrú ar an réamhfhógra a chur isteach. Níor cheart eolas a tugadh cheana féin i dtuarascálacha ⁽⁹¹⁾ a cuireadh isteach roimhe sin a bheith sa nuashonrú; cé is moite den uimhir aitheantais aonair 'EX' a tugadh don FBM má tugadh í roimh chur isteach an nuashonraithe ar an réamhfhógra.

An iarraidh chun an scéim FBM trasteorann a leathnú chun Ballstáit bhreise a chumhdach tríd an nuashonrú ar an réamhfhógra, ní dhéanfar í a phróiseáil go dtí go ndéileálfar leis an réamhfhógra bunaidh. Ciallaíonn sé sin, fiú i gcás ina gcuirtear isteach nuashonrú ar réamhfhógra sula dtugtar uimhir 'EX' don fhiontar beag, nach bpróiseálfar an nuashonrú ar an réamhfhógra go dtí go ndéileálfar leis an réamhfhógra bunaidh. Maidir leis an bpróiseas, is ionann é agus an próiseas le haghaidh an réamhfhógra: níl sé ceaptha go mbeidh níos mó ná 35 lá oibre i gceist leis an bpróiseas iomlán. Tugann an Ballstát bunaíochta fógra don fhiontar beag maidir le glacadh lena iarraidh nó diúltú di. Má ghlactar leis an iarraidh chun tairbhe a bhaint as an díolúine ó CBL i mBallstát breise nó i mBallstáit bhreise, beidh feidhm ag an díolúine ó CBL sna Ballstáit sin ón dáta a fhaigheann an fiontar beag an deimhniú gur féidir leis úsáid a bhaint as an uimhir aitheantais aonair 'EX' atá aige cheana féin sa Bhallstát breise nó sna Ballstáit bhreise sin.

4.6.3. Earráidí ábhartha a bhraitear sula dtugtar uimhir 'EX'

I gcás ina mbraitheann an fiontar beag earráidí ábhartha san eolas a cuireadh isteach sa réamhfhógra sula dtugtar uimhir 'EX' dó, is féidir leis an bhfiontar beag an réamhfhógra a cheartú tríd an dara réamhfhógra a chur isteach. Is mar cheartúchán a dhéileálfar leis an dara réamhfhógra sin. An t-eolas a sholáthraítear sa cheartúchán ar an réamhfhógra, cuirtear é in ionad an eolais a soláthraíodh sa réamhfhógra tosaigh. Sa chás sin, cuirtear tús leis an tréimhse 35 lá oibre ó dháta cur isteach an cheartúcháin ar an réamhfhógra.

⁽⁹¹⁾ Airteagal 284a(2) den Treoir maidir le CBL.

Cumhdaítear le hearráidí ábhartha an t-eolas a bhaineann leis an bhfiontar beag (ainm, srl.), luachanna na soláthairtí a tuairiscíodh agus an tarraingt siar as an scéim trasteorann a chur i bhfeidhm in aon Bhallstát amháin nó níos mó.

4.6.4. Ceartúcháin agus earráidí a bhraitear tar éis an uimhir ‘EX’ a thabhairt

Ba cheart ceartúcháin a dhéanamh trí nuashonrú ar an réamhfhógra a chur isteach. Cuimsítear leis sin earráidí a bhraitear tar éis fiontar beag a ghlacadh isteach sa scéim FBM.

Ba cheart an uimhir aitheantais aonair ‘EX’ a tugadh don FBM cheana féin a shonrú sa nuashonrú i gcónaí agus ba cheart eolas a chuimsiú ann nár tugadh sa réamhfhógra cheana féin. An t-eolas a sholáthraítear sa nuashonrú ar an réamhfhógra, cuirtear é in ionad an eolais a soláthraíodh sa réamhfhógra tosaigh. Ní mheasfar an nuashonrú ar an réamhfhógra mar a bheith faighte go dtí go bpróiseálfar an réamhfhógra i leith gach Ballstáit díolúine lena mbaineann agus go dtí go gcuirfear an fiontar beag ar an eolas faoin toradh.

Más rud é, bunaithe ar an eolas nua a sholáthraítear i nuashonrú ar an réamhfhógra, gurb é an toradh atá air nach bhfuil an fiontar beag incháilithe nó nár chomhlíon sé na coinníollacha riamh chun dul isteach sa scéim FBM trasteorann, diúltófar an fiontar beag ón scéim FBM le héifeacht chúlghabhálach. Ciallaíonn sé sin go measfar nach bhfuil rochtain ar an scéim FBM trasteorann ag an bhfiontar beag ón dáta a cuireadh isteach an réamhfhógra bunaidh agus go bhfuil oibleagáid air an córas caighdeánach CBL – nó próisis shimplithe – a chur i bhfeidhm maidir lena sholáthairtí ón dáta sin. I gcás inar dhíolmhaigh an fiontar beag a sholáthairtí ó CBL in aon cheann amháin nó níos mó de na Ballstáit tar éis thoradh an réamhfhógra bunaidh, beidh air teagmháil a dhéanamh leis na Ballstáit lena mbaineann chun a staid CBL a thabhairt chun rialtacha.

4.7. Tuairisc ráithiúil

Simplítear na hoibleagáidí comhlíontachta: ní mór don fhiontar beag tuairisc ráithiúil aonair a chur isteach ina Bhallstát bunaíochta le haghaidh na soláthairtí a dhéantar sna **Ballstáit uile**.

Dhá chuspóir atá leis an tuairisc ráithiúil: a) cuireann sí ar a chumas don Bhallstát bunaíochta monatóireacht a dhéanamh ar láimhdeachas bliantúil an fhiontair bhig san Aontas agus b) cuireann sí ar a chumas do gach Ballstát díolúine a fhíorú go leantar de

na coinníollacha díolúine a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, ní mór don FBM a **láimhdeachas** a thuairisciú (féach roinn 2.4) le haghaidh gach ráithe féilire ⁽⁹²⁾ sna Ballstáit uile. Cuimsítear leis sin freisin na Ballstáit nach gcuireann an fiontar beag an scéim FBM i bhfeidhm iontu cibé acu atá nó nach bhfuil aon ghníomhaíocht eacnamaíoch aige iontu.

Ní mór an tuairisc ráithiúil a chur isteach sa Bhallstát bunaíochta laistigh de mhí tar éis dheireadh na ráithe féilire.

Ráithí féilire		Tréimhse cur isteach na tuairisce ráithiúla
R1	Eanáir, Feabhra, Márta	Aibreán
R2	Aibreán, Bealtaine, Meitheamh	Iúil
R3	Iúil, Lúnasa, Meán Fómhair	Deireadh Fómhair
R4	Deireadh Fómhair, Samhain, Nollaig	Eanáir

Fíor 41: Tréimhsí tuairiscithe agus sprioc-am chun tuairiscí a chur isteach

Ba cheart don fhiontar beag an tuairisciú a dhéanamh faoina uimhir aitheantais aonair 'EX'. Tá an luach soláthairtí le tuairisciú Ballstát ar Bhallstát agus ba cheart an tuairisciú a dhéanamh in euro ⁽⁹³⁾. Mar sin féin, Ballstáit nach bhfuil an euro glactha acu, d'fhéadfaidís a cheangal go dtabharfaí an luach ina n-airgeadra náisiúnta. Sa chás sin, le haghaidh an chomhshó, is é an ráta malairte a úsáidfí an fiontar beag an ráta malairte a fhoilsíonn an Banc Ceannais Eorpach ar an gcéad lá den bhliain féilire nó, murab ann d'aon fhoilsiú an lá sin, ní mór úsáid a bhaint as an ráta malairte ar an gcéad lá eile a fhoilsítear é.

Maidir leis an mBallstát a cheadaíonn an díolúine, i gcás ina gcuireann sé níos mó ná aon tairseach amháin i bhfeidhm, ba cheart don FBM an luach soláthairtí a chomhfhreagraíonn do gach tairseach a thuairisciú ar leithligh. Déantar é sin chun monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm ceart na tairisí earnála.

⁽⁹²⁾ Airteagal 284b den Treoir maidir le CBL.

⁽⁹³⁾ Airteagal 284c(1) den Treoir maidir le CBL.

Sampla 32

Fiontar beag a ghabhann do chiandíol earraí le tomhaltóirí deiridh, cuireann sé an scéim FBM trasteorann i bhfeidhm ina Bhallstát bunaíochta agus i mBallstát 1. Níl aon ghníomhaíocht eacnamaíoch aige sna Ballstáit eile. Cuireann an Ballstát bunaíochta tairseach bhliantúil náisiúnta amháin i bhfeidhm ach cuireann Ballstát 1 dhá thairseach earnála i bhfeidhm: ceann amháin le haghaidh na hearnála tógála agus ceann eile le haghaidh gach earnála gnó eile. Le haghaidh gach ráithe féilire, ní mór don FBM luach na soláthairtí a dhéantar i ngach Ballstát a shonrú. I gcás ina bhfuil tairseacha earnála leagtha síos ag Ballstát, ní mór luachanna na soláthairtí a dheighilt de réir tairseach earnála nó ní mór nialas '0' a shonrú mura ndearnadh aon soláthar.

In R2, luach EUR 6 000 atá ar na soláthairtí a rinneadh sa Bhallstát bunaíochta agus luach EUR 10 000 atá ar na soláthairtí a rinneadh i mBallstát 1 a chomhfhreagraíonn don earnáil 'eile'. Níl baint ag an bhfiontar beag leis an earnáil tógála agus dá bhrí sin ní dhearna sé aon soláthar a tháinig faoin tairseach earnála sin. Ba cheart na soláthairtí a thuairisciú sa tuairisc ráithiúil mar a léirítear thíos:

Tuairisc ráithiúil R2	
<i>Ballstát</i>	<i>Luach (EUR)</i>
Ballstát bunaíochta	6 000
Ballstát 1: – Tógáil – Eile	0 10 000
Na 25 Bhallstát eile:	0

Fíor 42: Tuairisc ráithiúil – sampla den tuairisciú

Ba cheart don fhiontar beag luach na soláthairtí a thuairisciú ar leithligh maidir le gach tairseach ⁽⁹⁴⁾. Más rud é nach bhfuil aon soláthar ag an bhfiontar beag le linn ráithe féilire le haghaidh aon tairseach amháin nó le haghaidh na dtairseach uile, ba cheart dó nialas '0' a thuairisciú.

Is féidir le gach Ballstát bunaíochta cinneadh a dhéanamh faoin gcaoi a ndéanfar an tuairisciú ina dhlínse. D'fhéadfadh sé gur ghá eolas a chur isteach trí mheán leictreonach, ach níl ceangal ar an mBallstát bunaíochta oibleagáid den sórt sin a fhorchur ⁽⁹⁵⁾. I gcás

⁽⁹⁴⁾ Airteagal 284c(c) den Treoir maidir le CBL.

⁽⁹⁵⁾ Airteagal 284c(2) den Treoir maidir le CBL.

ina gceanglaíonn an Ballstát bunaíochta go gcuirtear isteach an tuairisc ráithiúil go leictreonach, beidh an cur isteach leictreonach faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha síos ag an mBallstát sin.

4.7.1. Luachanna le cur san áireamh

Is iad na luachanna atá le cur san áireamh sa tuairisc ráithiúil na luachanna céanna atá le cur san áireamh sa réamhfhógra (féach roinn 4.3, ina dtagraítear freisin do roinn choiteann 2.4 maidir leis an láimhdeachas bliantúil). Ba cheart do na luachanna a bheith ar leith ó CBL ⁽⁹⁶⁾.

Ba cheart don FBM luach iomlán na soláthairtí earraí agus seirbhísí a rinneadh sna Ballstáit uile a sholáthar in aon tuairisc ráithiúil amháin. I gcás nach ndearnadh aon soláthar i mBallstát, ba cheart don FBM nialas '0' a thuairisciú.

4.7.2. Cás speisialta – an chéad tuairisc ráithiúil

Idir dáta cur isteach an réamhfhógra agus dáta tosaithe na díolúine ó CBL (nuair a thugtar a uimhir 'EX' don FBM), d'fhéadfadh bearna nó dúbailt a bheith sa láimhdeachas atá le tuairisciú sa chéad tuairisc ráithiúil i gcomparáid lena bhfuil san áireamh sa réamhfhógra. Chun é sin a leigheas, ba cheart na soláthairtí seo a leanas a chur san áireamh sa chéad tuairisc ráithiúil, mar a léirítear sna samplaí thíos:

Sampla 33

Cuireann an FBM réamhfhógra isteach an 4 Márta 2025. Cuimsítear leis an réamhfhógra an láimhdeachas bliantúil a chomhfhreagraíonn don bhliain féilire reatha (B) agus an láimhdeachas bliantúil a chomhfhreagraíonn don bhliain féilire roimhe sin (B-1), is é sin idir an 1 Eanáir agus an 3 Márta sa sampla seo. Faigheann an FBM an uimhir aitheantais aonair 'EX' óna Bhallstát bunaíochta an 11 Aibreán. Is féidir leis an bhfiontar beag tosú ar a sholáthairtí a dhíolmhú ó CBL ón 11 Aibreán.

Comhfhreagraíonn an chéad tuairisc ráithiúil iomlán atá le cur isteach ag an FBM do R2 agus cumhdaítear léi idirbhearta a rinneadh i mí Aibreáin, i mí na Bealtaine agus i mí an Mheithimh. Ba cheart í a chomhdú idir an 1 agus an 31 Iúil.

Chun bearna a sheachaint agus chun na hidirbhearta a rinneadh idir dáta cur isteach an réamhfhógra (4 Márta) agus deireadh na chéad ráithe féilire (31 Márta) a chuirtear san áireamh le haghaidh an láimhdeachais bhliantúil a ghabháil, déanfaidh an FBM tuairisc

⁽⁹⁶⁾ Airteagal 288 den Treoir maidir le CBL.

ráithiúil a chomhdú freisin a chomhfhreagróidh do R1 nach gcumhdófar léi ach na hidirbhearta a rinneadh idir an 4 Márta agus an 31 Márta. Na hidirbhearta a rinneadh idir an 1 Eanáir agus an 3 Márta, cuimsítear iad sa réamhfhógra cheana féin.

Sampla 34

Cuireann an FBM réamhfhógra isteach an 15 Iúil. Cuimsítear leis an réamhfhógra an láimhdeachas bliantúil a chomhfhreagraíonn don bhliain féilire reatha (B) agus an láimhdeachas bliantúil a chomhfhreagraíonn don bhliain féilire roimhe sin (B-1), is é sin idir an 1 Eanáir agus an 14 Iúil sa sampla seo. Tugtar uimhir 'EX' don FBM an 7 Lúnasa.

Comhfhreagraíonn an chéad tuairisc ráithiúil atá le cur isteach ag an FBM do R3 agus cumhdaítear léi hidirbhearta a rinneadh i mí Iúil, i mí Lúnasa agus i mí Mheán Fómhair. Ba cheart í a chomhdú idir an 1 agus an 31 Deireadh Fómhair.

Chun dubailt a sheachaint ó thaobh an láimhdeachais bhliantúil a sonraíodh sa réamhfhógra a gcuimsítear leis cheana féin hidirbhearta a rinneadh roimh an 14 Iúil nó ar an dáta sin, níor cheart a chur san áireamh leis an gcéad tuairisc ráithiúil ach na hidirbhearta a rinneadh idir an 15 Iúil agus an 30 Meán Fómhair.

Sampla 35

Cuireann an FBM réamhfhógra isteach an 20 Nollaig 20BB. Cuimsítear leis an réamhfhógra an láimhdeachas bliantúil a chomhfhreagraíonn don bhliain féilire reatha (B) agus an láimhdeachas bliantúil a chomhfhreagraíonn don bhliain féilire roimhe sin (B-1), is é sin idir an 1 Eanáir agus an 19 Nollaig sa sampla seo. Tugtar uimhir 'EX' don FBM an 16 Eanáir 20BB+1.

Comhfhreagraíonn an chéad tuairisc ráithiúil iomlán atá le cur isteach ag an FBM do R1 20BB+1 agus cumhdaítear léi hidirbhearta a rinneadh i mí Eanáir, i mí Feabhra agus i mí an Mhárta 20BB+1. Ba cheart í a chomhdú idir an 1 agus an 30 Aibreán.

Chun na hidirbhearta a rinneadh idir dáta cur isteach an réamhfhógra (20 Nollaig 20BB) agus deireadh an cheathrú ráithe féilire 20BB (31 Nollaig) a ghabháil, déanfaidh an FBM tuairisc ráithiúil a chomhdú freisin a chomhfhreagróidh do R4 nach gcumhdófar léi ach na hidirbhearta a rinneadh idir an 20 Nollaig agus an 31 Nollaig 20BB.

4.7.3. Cás speisialta – sáraítear tairseach láimhdeachais bhliantúil an Aontais: tuairisc chríochnaitheach

I gcás ina sáraítear tairseach bhliantúil an Aontais dar luach EUR 100 000, tá 15 lá oibre ag an FBM tar éis an lá a sháraítear tairseach bhliantúil an Aontais chun a Bhallstát bunaíochta a chur ar an eolas. Déantar é sin trí **thuaisc chríochnaitheach** a chur isteach ina bhfuil an t-eolas seo a leanas:

- Luach iomlán na soláthairtí earraí agus seirbhísí a rinneadh sa Bhallstát bunaíochta ó thús na ráithe féilire go dtí an lá a sáraíodh tairseach láimhdeachais bhliantúil an Aontais;
- Luach iomlán na soláthairtí earraí agus seirbhísí a rinneadh sna Ballstáit uile eile ó thús na ráithe féilire go dtí an lá a sáraíodh tairseach láimhdeachais bhliantúil an Aontais.

Murab ionann agus an tairseach bhliantúil náisiúnta, ní ann d'aon **lamháltas ná idirthréimhse** idir sárú thairseach bhliantúil an Aontais agus eisiamh an fhiontair bhig ó chur i bhfeidhm na scéime FBM trasteorann. Féach roinn 4.8 chun tuilleadh eolais a fháil.

Sampla 36

Sáraíonn an FBM tairseach bhliantúil an Aontais an 1 Meán Fómhair 2025 agus cuireann sé a Bhallstát bunaíochta ar an eolas faoin staid sin laistigh de 15 lá oibre trí thuairisc chríochnaitheach a chur isteach. Ní mór don FBM éirí as an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm go héifeachtach an 1 Meán Fómhair 2025, ón idirbheart lenar sháraigh an láimhdeachas bliantúil tairseach an Aontais. Ba cheart luach na soláthairtí a rinneadh idir an 1 Iúil agus an 1 Meán Fómhair 2025, agus an dá dháta sin san áireamh (go dtí an t-idirbheart lenar sháraigh an láimhdeachas bliantúil san Aontas tairseach bhliantúil an Aontais), a bheith sa tuairisc chríochnaitheach agus tá an tuairisc le cur isteach laistigh de 15 lá oibre tar éis an 1 Meán Fómhair 2025.

Mar thoradh ar shárú thairseach bhliantúil an Aontais dar luach EUR 100 000, eisiatar an FBM ón scéim FBM trasteorann i ngach Ballstát a cheadaíonn an díolúine. Is féidir leis an FBM fanacht faoin scéim FBM intíre sa Bhallstát bunaíochta má chomhlíonann sé na coinníollacha díolúine sa Bhallstát sin (féach roinn 4.8 chun tuilleadh eolais a fháil).

D'fhéadfadh an fiontar beag cuimhneamh i gcónaí – dá gcomhlíonadh sé na coinníollacha – ar an scéim speisialta ionaid ilfhreastail a chur i bhfeidhm maidir le soláthairtí a dhéantar i mBallstáit seachas an Ballstát bunaíochta ina bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch aige chun CBL a dhearbhu agus a íoc ⁽⁹⁷⁾.

⁽⁹⁷⁾ [Ionad Ilfhreastail CBL – An Coimisiún Eorpach \(europa.eu\)](https://ec.europa.eu/economy_finance/)

Mar thoradh ar shárú thairseach bhliantúil an Aontais dar luach EUR 100 000, eisiatar an fiontar beag ón scéim FBM i ngach Ballstát, cé is moite dá Bhallstát bunaíochta. Is é sárú thairseach bhliantúil náisiúnta an Bhallstáit bunaíochta is cúis leis an eisiamh ón scéim FBM sa Bhallstát bunaíochta. Féach roinn 4.8 chun tuilleadh sonraí a fháil.

4.7.4. Ceartúcháin

Mar phrionsabal ginearálta, beifear in ann ceartúcháin a dhéanamh le haon oibleagáid tuairiscithe. Cé nach dtugtar aghaidh air sin go sonrach sa Treoir maidir le FBManna, is féidir le fiontair bheaga tuairiscí ráithiúla a cheartú. Is féidir earráidí a chumhdach le ceartúcháin nó is féidir gur ann dóibh mar thoradh ar chealuithe idirbheart, mar shampla athsheoladh earraí.

Chun tuairisc ráithiúil atá curtha isteach cheana féin a cheartú, ní mór an tuairisc ráithiúil bhunaidh a chur isteach arís. An t-eolas atá sa tuairisc ráithiúil a chuirtear isteach arís, cuirfear é in ionad an eolais a bhí sa leagan bunaidh ⁽⁹⁸⁾. Is é 3 bliana an sprioc-am chun tuairisc ráithiúil a cheartú.

4.7.5. Oibleagáidí simplithe eile

Is féidir leis na Ballstáit fiontair bheaga a scaoileadh ón oibleagáid roinnt oibleagáidí a chomhlíonadh ⁽⁹⁹⁾, mar shampla chun sonraisc a eisiúint. I gcás in gceanglaíonn Ballstát ar FBM sonrasc a eisiúint, ba cheart **sonrasc simplithe** ⁽¹⁰⁰⁾ a bheith ann. Ní mór na gnéithe seo a leanas a bheith i sonrasc simplithe:

- a) Dáta eisiúna an tsonraisc shimplithe,
- b) Uimhir EX an fhiontair bhig,
- c) Sainaitheint na gcineálacha earraí nó seirbhísí a sholáthraítear,
- d) An líon earraí nó seirbhísí a sholáthraítear,
- e) Trácht go bhfuil an soláthar díolmhaithe ó CBL faoin scéim FBM,

⁽⁹⁸⁾ Treoirlínte a d'éascair ón 123ú cruinniú an 20 Samhain 2023, Doiciméad D – taxud.c.1(2024)4333871 – 1078.

⁽⁹⁹⁾ Airteagal 292d den Treoir maidir le CBL.

⁽¹⁰⁰⁾ Airteagal 220a(1)(c) den Treoir maidir le CBL agus Airteagal 226b den Treoir maidir le CBL.

- f) Tagairt don sonrasc simplithe tosaigh sin i gcás ina gceartaítear sonrasc simplithe tosaigh.

Tá eolas breise faoi na rialacha is infheidhme i do Bhallstát bunaíochta agus i ngach Ballstát eile le fáil ar an tairseach ghréasáin le haghaidh FBManna ⁽¹⁰¹⁾.

4.7.6. Iarmhairtí an neamhchomhlíonta

I gcás ina gcuireann fiontar beag an tuairisc ráithiúil isteach níos mó ná 30 lá déanach nó i gcás ina ndéantar dhá thuairisc ráithiúla i ndiaidh a chéile a chur isteach go déanach ⁽¹⁰²⁾, is féidir le haon cheann de na Ballstáit díolúine a cheangal ar an bhfiontar sin oibleagáidí CBL a chomhlíonadh mar shampla clárú le haghaidh CBL agus tuairisceáin thréimhsiúla CBL ⁽¹⁰³⁾ a chur isteach ina Bhallstát, mar mhaolú ar an bpríomhriail. Má chuireann an FBM an scéim FBM i bhfeidhm ina Bhallstát bunaíochta, is féidir leis an mBallstát bunaíochta i gcásanna den sórt sin an oibleagáid maidir le clárú le haghaidh CBL agus tuairisceáin thréimhsiúla CBL a chur isteach a fhorchur ar an FBM.

Cé go mbaintear aon simpliú CBL a cuireadh i bhfeidhm mar thoradh ar neamhchomhlíonadh, ní féidir cosc a chur ar an duine inchánach an díolúine féin a chur i bhfeidhm. Dá mba rud é nach bhféadfaí díolúine an FBM ó CBL a chur i bhfeidhm mar thoradh ar neamhchomhlíonadh ceanglas foirmiúil, ní bheadh sé sin ag teacht leis na bunphrionsabail ghinearálta atá mar bhonn agus mar thaca ag an gcóras CBL.

⁽¹⁰¹⁾ <https://sme-vat-rules.ec.europa.eu/>

⁽¹⁰²⁾ Treoirlínte a d’eascair ón 123ú cruinniú an 20 Samhain 2023, Doiciméad D – taxud.c.1(2024)4333871 – 1078.

⁽¹⁰³⁾ Airteagal 284d(3) den Treoir maidir le CBL.

Sampla 37

Cuireann FBM an scéim FBM trasteorann i bhfeidhm i mBallstát 1 agus i mBallstát 2. Cailleann sé an sprioc-am chun an tuairisc ráithiúil a chomhfhreagraíonn do R3 a chur isteach sa Bhallstát bunaíochta.

Ag brath ar an gcaoi a ndéileálann an Ballstát bunaíochta le moilleanna ar chur isteach tuairiscí nó tuairisceán eile laistigh dá dhlínse, mar chéad chéim, is féidir leis an mBallstát bunaíochta meabhrú a sheoladh chuig an FBM ina dtugtar sprioc-am breise chun an tuairisc ráithiúil a chur isteach.

I gcás ina gcuireann an FBM an tuairisc ráithiúil isteach níos mó ná 30 lá déanach nó i gcás ina ndéantar dhá thuairisc ráithiúla i ndiaidh a chéile a chur isteach go déanach, is féidir le Ballstát 2 cinneadh a dhéanamh – cé nach bhfuil oibleagáid air é sin a dhéanamh – an simpliú CBL a bhaineann leis an scéim FBM a chur ar fionraí go sealadach trí iarraidh ar an FBM clárú le haghaidh CBL ina dhlínse agus tuairisceán CBL a chur isteach.

Faoin gcás sin:

- Bheadh cead ag an FBM i gcónaí a sholáthairtí i mBallstát 2 a dhíolmhú ó CBL faoin scéim FBM trasteorann,
- Bheadh ceangal ar an FBM i gcónaí tuairiscí ráithiúla a chomhdú ina Bhallstát bunaíochta lena gcumhdaítear soláthairtí a dhéantar i ngach Ballstát,
- Ina theannta sin, ceanglaítear ar an FBM clárú le haghaidh CBL agus tuairisceáin CBL a chomhdú i mBallstát 2, mar mhaolú ar an bpríomhriail. Toisc go mbeidh na hidirbhearta díolmhaithe ó CBL, tabharfaidh an Ballstát díolúine treoraíocht don fhiontar beag maidir le conas tuairisceáin CBL a chomhdú, más gá.

Más rud é nach gcláraíonn an FBM le haghaidh CBL agus nach gcuireann sé tuairisceán CBL isteach i mBallstát 2 toisc nár chomhdaigh sé an tuairisc ráithiúil le haghaidh R3, is féidir le Ballstát 2 cinneadh a dhéanamh pionóis nó smachtbhannaí a ghearradh toisc nár cláraíodh le haghaidh CBL agus toisc nár cuireadh isteach tuairisceáin thréimhsiúla CBL i mBallstát 2. Ní féidir smachtbhannaí nó pionóis den sórt sin a chur i bhfeidhm ach amháin má chuir Ballstát 2 d'oibleagáid ar an bhfiontar beag roimhe sin clárú le haghaidh CBL agus tuairisceáin CBL a chur isteach i mBallstát 2 agus má thug an fiontar beag neamhaird ar an oibleagáid sin.

Nuair a léireoidh an FBM go gcomhlíonann sé na hoibleagáidí tuairiscithe – trí thuairiscí ráithiúla a chur isteach go tráthúil – ba cheart do Bhallstát 2 an FBM a scaoileadh ón oibleagáid clárú le haghaidh CBL agus tuairisceáin CBL a chur isteach ina dhlínse.

I gcás ina sáraítear tairseach bhliantúil an Aontais dar luach EUR 100 000 agus nach gcuireann an fiontar beag a Bhallstát bunaíochta ar an eolas trí thuairisc chríochnaitheach a chur isteach laistigh de 15 lá oibre, is féidir leis an mBallstát bunaíochta smachtbhannaí a ghearradh ar an bhfiontar beag.

4.8. Éirí as an scéim FBM trasteorann

4.8.1. Scor toilteanach

Tarlaíonn scor sna cásanna seo a leanas:

- Cinneann an FBM éirí as an díolúine ó CBL a chur i bhfeidhm faoin scéim FBM i roinnt Ballstát nó iontu uile,
- Cinneann an FBM éirí as an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm ach leanúint den scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm ina Bhallstát bunaíochta amháin,
- D'éirigh an FBM as a ghníomhaíocht eacnamaíoch.

Le haghaidh gach ceann de na cásanna thuasluaite, tá oibleagáid ar an bhfiontar beag a Bhallstát bunaíochta a chur ar an eolas trí nuashonrú ar an réamhfhógra a chur isteach ⁽¹⁰⁴⁾. **Beidh feidhm ag an scor ón gcéad lá den chéad ráithe féilire eile** tar éis fháil an nuashonraithe ón FBM.

Sampla 38

Cuireann an FBM an scéim trasteorann i bhfeidhm ina Bhallstát bunaíochta, i mBallstát 1 agus i mBallstát 2. Cinneann sé éirí as an scéim FBM chur i bhfeidhm i mBallstát 2 mar ní bheidh aon soláthar á dhéanamh aige sa Bhallstát sin a thuilleadh. An 15 Bealtaine (an dara mí de R2), cuireann sé nuashonrú ar an réamhfhógra isteach ina Bhallstát bunaíochta lena chur ar an eolas faoin staid nua seo. Ní bheidh feidhm leis an díolúine i mBallstát 2 a thuilleadh an 1 Iúil (an chéad mhí de R3) agus ní bheidh an uimhir 'EX' bailí i mBallstát 2 ón dáta sin amach.

I gcás ina **bhfaightear eolas faoin scor le linn na míosa deiridh de ráithe féilire**, beidh éifeacht leis an scor ón **gcéad lá den dara mí den chéad ráithe féilire eile**.

⁽¹⁰⁴⁾ Airteagal 284(4) den Treoir maidir le CBL.

Sampla 39

Cuireann an FBM an scéim trasteorann i bhfeidhm ina Bhallstát bunaíochta, i mBallstát 1 agus i mBallstát 2. Cinneann sé éirí as an scéim FBM chur i bhfeidhm i mBallstát 2 mar ní bheidh aon soláthar á dhéanamh aige sa Bhallstát sin a thuilleadh. An 15 Meitheamh (an tríú mí de R2), cuireann sé nuashonrú ar an réamhfhógra isteach ina Bhallstát bunaíochta lena chur ar an eolas faoin staid nua seo. Ní bheidh feidhm leis an díolúine i mBallstát 2 a thuilleadh an 1 Lúnasa (an dara mí de R3) agus ní bheidh an uimhir 'EX' bailí i mBallstát 2 ón dáta sin amach.

I gcás ina gcinneann an FBM gan an scéim FBM a chur i bhfeidhm a thuilleadh in aon Bhallstát, ba cheart dó a Bhallstát bunaíochta a chur ar an eolas trí nuashonrú ar an réamhfhógra. Déanfaidh an Ballstát bunaíochta, gan mhoill, an uimhir 'EX' a dhíghníomhachtú i ngach Ballstát.

4.8.2. Eisiamh

Eisiatar an fiontar beag ón scéim FBM trasteorann sna cásanna seo a leanas:

- sáraítear tairseach bhliantúil an Aontais dar luach EUR 100 000, nó
- sáraítear an tairseach bhliantúil náisiúnta i mBallstát a cheadaíonn an díolúine (nó téann an idirthréimhse in éag),
- i gcás inar éirigh an FBM as a ghníomhaíocht eacnamaíoch, de réir dealraimh, ach nár chuir sé é sin in iúl don Bhallstát bunaíochta,
- i gcás ina gcuireann féimheacht deireadh láithreach le gníomhaíochtaí inchánach a dhéanann an fiontar beag.

4.8.2.1. Sáraítear tairseach láimhdeachais bhliantúil an Aontais

I gcás, le linn bliain féilire, ina sáraítear tairseach láimhdeachais bhliantúil an Aontais dar luach EUR 100 000, eisiatar an fiontar beag ón scéim FBM trasteorann ón bpointe sin i ngach Ballstát, ach amháin an Ballstát bunaíochta más rud é nach sáraítear an tairseach bhliantúil náisiúnta sa Bhallstát sin. Ó thaobh na praiticiúlachta, comhfhreagraíonn *'ón bpointe sin'* don dáta a sháraítear tairseach bhliantúil an Aontais, **ón soláthar lena sáraítear tairseach bhliantúil an Aontais dar luach EUR 100 000**. Contrártha le sárú na tairisí bliantúla náisiúnta atá leagtha síos ag na Ballstáit, ní ann d'aon idirthréimhse nuair a sháraítear tairseach bhliantúil an Aontais.

Tá sárú thairseach bhliantúil an Aontais ina chúis le díghníomhachtú na huimhreach EX i ngach Ballstát díolúine agus leis an oibleagáid ar an bhfiontar beag oibleagáidí CBL a chomhlíonadh (CBL a íoc, clárú le haghaidh CBL, tuairisceáin thréimhsiúla CBL a chur isteach, srl.) i ngach Ballstát ina bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch ag an FBM (ach amháin ina Bhallstát bunaíochta mura sáraítear an tairseach bhliantúil náisiúnta sa Bhallstát sin). D'fhéadfaí an scéim OSS a chur i bhfeidhm mar mhalairt ar an gcóras caighdeánach CBL nó ar phróisis shimplithe (féach roinn 7).

Sampla 40

Cuireann an FBM an scéim FBM trasteorann i bhfeidhm ina Bhallstát bunaíochta, i mBallstát 1 agus i mBallstát 2. Déanann sé soláthairtí i mBallstát 3 freisin, áit nach gcuireann sé an scéim FBM i bhfeidhm. Tagann méadú mór ar an líon soláthairtí i mBallstát 3 in R3 2028. Go dtí an 2 Meán Fómhair 2028, tá láimhdeachas bliantúil EUR 99 900 ag an FBM san Aontas. An 3 Meán Fómhair, déanann sé soláthar eile dar luach EUR 105 i mBallstát 1. Mar sin, is mó an láimhdeachas bliantúil san Aontas ná EUR 100 000 an 3 Meán Fómhair 2028 (EUR 100 005).

	Tairseach bhliantúil (EUR)	Tuairisc ráithiúil R1 (EUR)	Tuairisc ráithiúil R2 (EUR)	Idirbhearta idir an 01/07 agus an 02/09 (EUR)	Iomlán bliantúil (go dtí an 03/09) (EUR)
Ballstát bunaíochta	32 000	5 000	7 000	6 000	18 000
Ballstát 1	40 000	5 000	5 000	3 000	13 105*
Ballstát 2	85 000	10 000	7 000	3 000	20 000
Ballstát 3	neamhbhainteach	15 000	5 000	28 900	48 900
Na 23 Bhallstát eile	neamhbhainteach	0	0	0	0
Aontas (iomlán)	100 000	35 000	24 000	40 900	100 005


Fíor 43: Eisiámh – sáraítear tairseach bhliantúil an Aontais

*(5 000 + 5 000 + 3 000 + 105 = 13 105)

Sa sampla seo, eisiatar an FBM ón scéim FBM trasteorann an 3 Meán Fómhair 2028 i ngach Ballstát díolúine: Ballstát 1 agus Ballstát 2 sa sampla seo. An toradh atá ar an eisiámh is ea gur cheart don FBM an córas caighdeánach CBL nó próisis shimplithe (nó an scéim OSS mar mhalairt air sin) a chur i bhfeidhm sna Ballstáit. D'fhéadfadh an FBM an scéim FBM intíre a chur i bhfeidhm i gcónaí sa Bhallstát bunaíochta, ar choinníoll nach mó an láimhdeachas bliantúil sa Bhallstát bunaíochta ná an tairseach bhliantúil náisiúnta is infheidhme sa Bhallstát sin.

I gcás ina sáraítear tairseach bhliantúil an Aontais, leathnaítear an t-eisiámh ón scéim FBM trasteorann chun na Ballstáit uile ina bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch ag an FBM a chumhdach. Ciallaíonn sé sin nach mbeidh rochtain ag an FBM ar an scéim FBM trasteorann in aon cheann de na Ballstáit (seachas an Ballstát bunaíochta) le linn na tréimhse coraintín de 1 bhliain tar éis an eisiámh (féach Fíor 44).

I gcás ina n-eisiatar FBM ón scéim FBM trasteorann, tá feidhm ag tréimhse choraintín sular féidir leis an FBM tairbhe a bhaint as an díolúine thrasteorann arís. I gcás ina sáraítear tairseach bhliantúil an Aontais, tá feidhm ag an tréimhse choraintín maidir le gach Ballstát; ach amháin an Ballstát bunaíochta má chomhlíontar na coinníollacha chun an scéim FBM intíre a chur i bhfeidhm sa dlínse sin. Is é 1 bhliain féilire an tréimhse choraintín i gcás ina sáraítear tairseach bhliantúil an Aontais. Le linn na tréimhse coraintín sin, ní féidir leis an bhfiontar beag nuashonrú ar an réamhfhógra a chur isteach chun tairbhe a bhaint as an scéim FBM trasteorann in aon Bhallstát.



Fíor 44: Tréimhse choraintín i gcás sárú ar thairseach láimhdeachais bhliantúil an Aontais

I dtéarmaí praiticiúla, bheadh ar an bhfiontar beag fanacht go dtí an 1 Eanáir B+2 chun nuashonrú ar an réamhfhógra a chur isteach chun an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm arís.

Sampla 41

Cuireann an FBM an scéim FBM trasteorann i bhfeidhm ina Bhallstát bunaíochta, i mBallstát 1 agus i mBallstát 2. Eisiatar an FBM ón scéim FBM trasteorann i mBallstáit 1 agus 2 an 3 Meán Fómhair 2028 (Bliain B). Tá feidhm ag tréimhse choraintín i rith bhliain féilire iomlán 2029 (B+1). Dá mba mhian leis an FBM dul isteach sa scéim FBM trasteorann arís am éigin ina dhiaidh sin, ciallaíonn an tréimhse choraintín nach bhféadfadh an FBM rochtain ar an scéim FBM trasteorann a iarraidh ach trí réamhfhógra a chur isteach tar éis an 1 Eanáir 2030 (Bliain B+2). Ba cheart iar-uimhir 'EX' an fhiontair bhig a lua sa réamhfhógra.

D'fhéadfaí rochtain a cheadú dá mba rud é nach mó láimhdeachas bliantúil an FBM san Aontas sa bhliain féilire reatha (2030) agus sa bhliain féilire roimhe sin (2029) ná tairseach bhliantúil an Aontais agus ar choinníoll go gcomhlíonann an FBM na coinníollacha eile chun an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm.

Ciallaíonn an tréimhse choraintín nach féidir leis an FBM rochtain ar an scéim FBM trasteorann a iarraidh in aon Bhallstát le linn Bhliain B+1 (2029). Dá mba mhian leis an FBM an scéim FBM a chur i bhfeidhm i mBallstát 3 – Ballstát nár chuir sé an scéim FBM trasteorann i bhfeidhm ann roimhe sin – ciallaíonn an tréimhse choraintín go mbeadh air fanacht go dtí an 1 Eanáir 2030 freisin chun réamhfhógra a chomhdú chun rochtain ar an scéim FBM trasteorann a iarraidh i mBallstát 3.

4.8.2.2. Sáraítear an tairseach láimhdeachais bhliantúil náisiúnta

I gcás, le linn bliain féilire, nach sáraítear tairseach láimhdeachais bhliantúil an Aontais ach go sáraítear an tairseach láimhdeachais bhliantúil náisiúnta in aon Bhallstát díolúine amháin nó níos mó, eisiatar an fiontar beag ó chur i bhfeidhm na scéime FBM sa Bhallstát nó sna Ballstáit sin ach is féidir leis leanúint den díolúine ó CBL a chur i bhfeidhm i mBallstát nó i mBallstáit díolúine eile. Ní bheidh a uimhir 'EX' bailí a thuilleadh sa Bhallstát nó sna Ballstáit ina sáraítear an tairseach bhliantúil náisiúnta ach beidh an uimhir bailí i gcónaí sna Ballstáit díolúine eile.

Sampla 42

Cuireann an FBM an scéim FBM trasteorann i bhfeidhm ina Bhallstát bunaíochta, i mBallstát 1, nach ndéantar foráil ann maidir le hidirthréimhse, agus i mBallstát 2. Déanann sé soláthairtí i mBallstát 3 freisin, áit nach gcuireann sé an scéim FBM i bhfeidhm. Tagann méadú mór ar an líon soláthairtí i mBallstát 1 in R3 2028. An 3 Meán Fómhair, déanann sé soláthar dar luach EUR 1 000, rud a fhágann gur mó an láimhdeachas bliantúil sa Bhallstát sin ná an tairseach bhliantúil náisiúnta. Mar sin féin, ní mó an láimhdeachas bliantúil san Aontas ná tairseach bhliantúil an Aontais.

	Tairseach bhliantúil (EUR)	Tuairisc ráithiúil R1 (EUR)	Tuairisc ráithiúil R2 (EUR)	Idirbhearta idir an 01/07 agus an 02/09 (EUR)	Iomlán bliantúil (go dtí an 03/09) (EUR)
Ballstát bunaíochta	32 000	5 000	7 000	4 000	16 000
Ballstát 1	40 000	5 000	5 000	30 000	41 000*
Ballstát 2	85 000	10 000	7 000	3 000	20 000
Ballstát 3	neamhbhainteach	5 000	0	5 000	10 000
Na 23 Bhallstát eile	neamhbhainteach	0	0	0	0
Aontas (iomlán)	100 000	25 000	19 000	42 000	87 000

Fíor 45: Eisiámh – sáraítear an tairseach bhliantúil náisiúnta

* (5 000 + 5 000 + 30 000 + 1 000 = 41 000)

Sa sampla seo, ní féidir leis an FBM an díolúine ó CBL a chur i bhfeidhm i gcónaí i mBallstát 1 mar is mó a láimhdeachas bliantúil sa Bhallstát sin (EUR 41 000) ná an tairseach bhliantúil náisiúnta i mBallstát 1 (EUR 40 000). Ba cheart dó féachaint ar a oibleagáidí CBL i mBallstát 1 i dtéarmaí clárú le haghaidh CBL agus tuairisceáin CBL. Mar sin féin, toisc nach mó an láimhdeachas bliantúil san Aontas (EUR 87 000) ná tairseach bhliantúil an Aontais (EUR 100 000), is féidir leis an FBM leanúint den scéim FBM a chur i bhfeidhm sa Bhallstát bunaíochta agus i mBallstát 2.


Maidir leis an dáta éifeachtach ónar gá don FBM éirí as an scéim FBM a chur i bhfeidhm i mBallstát i gcás sárú ar an tairseach bhliantúil náisiúnta, braitheann sé ar an rogha a chuireann gach Ballstát i bhfeidhm. Is féidir leis na Ballstáit idirthréimhse a chur i bhfeidhm, mar a mhínítear i roinn 3.3.4 a bhfuil cóip de anseo thíos:

- a) Ligean don FBM leanúint den díolúine ó CBL a chur i bhfeidhm faoin scéim FBM más rud é nach sáraítear an tairseach bhliantúil náisiúnta le níos mó ná 10 % ach tráth nach déanaí ná deireadh na bliana féilire, nó
- b) Ligean don FBM leanúint den díolúine ó CBL a chur i bhfeidhm faoin scéim FBM más rud é nach sáraítear an tairseach bhliantúil náisiúnta le níos mó ná 25 % ach tráth nach déanaí ná deireadh na bliana féilire, nó
- c) I gcás nach gcuirtear aon uasteorainn shonrach i bhfeidhm, ligean don FBM leanúint den díolúine a chur i bhfeidhm faoin scéim FBM laistigh de theorainn EUR 100 000 ach tráth nach déanaí ná deireadh na bliana féilire.

Mar mhalairt air sin, tá sé de rogha ag na Ballstáit freisin gan aon idirthréimhse (0 %) a chur i bhfeidhm. Sa chás sin, tiocfaidh deireadh leis an díolúine ó CBL nuair a shárófar an tairseach bhliantúil náisiúnta. I dtéarmaí praiticiúla, comhfhreagraíonn sé sin don lá a sháraítear an tairseach bhliantúil náisiúnta, **ón soláthar lena sáraítear an tairseach bhliantúil náisiúnta (nó an tairseach earnála is infheidhme)**. Tá samplaí de chur i bhfeidhm na hidirthréimhse le fáil i roinn 3.3.4.


Tá feidhm ag an idirthréimhse náisiúnta ar choinníoll nach sáraítear an láimhdeachas bliantúil san Aontas. Ón uair gur mó an láimhdeachas bliantúil san Aontas ná EUR 100 000, eisiatar an FBM ó chur i bhfeidhm na scéime FBM trasteorann i ngach Ballstát díolúine gan aon idirthréimhse, mar a mhínítear i roinn 4.8.2.1.

FBM a eisiatar ó chur i bhfeidhm na scéime FBM i mBallstát, ní féidir leis dul isteach sa scéim arís le haghaidh an Bhallstáit sin ar feadh thréimhse 1 bhliana féilire. I dtéarmaí praiticiúla, ba cheart don fhiontar beag fanacht go dtí an 1 Eanáir B+2 chun nuashonrú ar an réamhfhógra a chur isteach chun an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm sa Bhallstát sin arís.



Fíor 46: Tréimhse choraintín ar feadh thréimhse 1 bhliana féilire

Is féidir leis na Ballstáit tréimhse choraintín 2 bhliain féilire a chur i bhfeidhm i gcás ina sáraítear an tairseach bhliantúil náisiúnta ach nach sáraítear tairseach bhliantúil an Aontais.



Fíor 47: Tréimhse choraintín ar feadh thréimhse 2 bhliain féilire

4.8.2.3. Tuairim go bhfuil deireadh leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch

I gcás nach bhfuil an fiontar beag comhlíontach agus nach gcuireann sé tuairiscí ráithiúla isteach, déanfaidh an Ballstát bunaíochta gach beart is gá chun an staid gnóthaí a fhíorú cibé acu leis an bhfiontar beag nó ar bhealaí eile. Más é an toradh atá air go bhfuil deireadh tagtha leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch agus nár chuir an fiontar beag a staid in iúl don Bhallstát bunaíochta nó gur féidir leis an mBallstát bunaíochta glacadh leis go bhfuil deireadh tagtha leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch, eisíafar an fiontar beag ón scéim FBM trasteorann agus díghníomhachtófar a uimhir 'EX' gan mhoill.

Más rud é, le linn tréimhse 8 ráithe féilire i ndiaidh a chéile, nach dtuairiscítear aon soláthar earraí agus seirbhísí in aon Bhallstát amháin nó níos mó, glacfar leis – ceal eolais dá mhalairt – gur éirigh an fiontar beag as a ghníomhaíocht sa Bhallstát nó sna Ballstáit lena mbaineann. Ní bheidh a uimhir ‘EX’ bailí a thuilleadh sa Bhallstát nó sna Ballstáit sin. Más rud é nár tuairiscíodh soláthairtí le haghaidh aon cheann de na Ballstáit díolúine, díghníomhachtófar uimhir ‘EX’ an fhiontair bhig.

4.8.2.4. Cás féimheachta

I gcás ina gcuireann féimheacht deireadh láithreach le gníomhaíochtaí inchánach a dhéanann an fiontar beag, eisiatar an fiontar beag ón scéim FBM trasteorann nuair a dhearbhaítear an fhéimheacht. I gcás ina leantar de ghníomhaíochtaí inchánach ar feadh thréimhse na féimheachta, ní thiocfaidh deireadh leis an scéim FBM trasteorann go dtí go gcuirfear isteach nuashonrú ar an réamhfhógra ⁽¹⁰⁵⁾. Sa chás sin, ní bheidh feidhm ag an scéim FBM trasteorann a thuilleadh ón gcéad lá den chéad ráithe féilire tar éis fháil an eolais ón bhfiontar beag (nó a ionadaí) nó, i gcás ina bhfaightear an t-eolas sin le linn na míosa deiridh de ráithe féilire, ón gcéad lá den dara mí den ráithe féilire ina dhiaidh sin.

4.9. Achomhairc

Ceist náisiúnta atá i gceist le hachomhairc ⁽¹⁰⁶⁾. Faoi gach Ballstát atá sé a rialacha agus a phróisis féin a leagan síos. Maidir le cur i bhfeidhm na scéime FBM, fiontar beag ar diúltaíodh rochtain dó ar dhíolúine faoin scéim FBM – nó ar eisiadh é ón scéim – ba cheart dó a ghearán a chur faoi bhráid an eintitis dhlítheanaigh a d’eisigh an cinneadh riaracháin. Is é sin, i gcás inarb ann do dhiúltú nó d’eisiamh den sórt sin toisc gur sháraigh an fiontar beag tairseach láimhdeachais an Aontais, ní mór an sásamh dlíthiúil a lorg óna Bhallstát bunaíochta. Os a choinne sin, i gcás inarb ann do dhiúltú nó d’eisiamh toisc gur sháraigh an fiontar beag an tairseach earnála náisiúnta nó infheidhme nó nár chomhlíon sé na coinníollacha le haghaidh díolúine, ní mór an sásamh dlíthiúil a lorg ón mBallstát díolúine lena mbaineann.

Le go dtuigfidh fiontair bheaga cén áit ar cheart sásamh dlíthiúil a lorg, ba cheart don Bhallstát bunaíochta gach beart is gá a dhéanamh lena chinntiú, tar éis diúltú do rochtain ar dhíolúine nó eisiamh ó dhíolúine, go gcuirtear an fiontar beag lena mbaineann ar an eolas faoin gcúis atá leis an gcinneadh sin agus faoin mBallstát ina bhféadfaí sásamh dlíthiúil i leith an diúltaithe nó an eisiamh sin a lorg i gcomhréir le próisis náisiúnta an Bhallstáit sin.

⁽¹⁰⁵⁾ Airteagal 284(4) den Treoir maidir le CBL.

⁽¹⁰⁶⁾ Treoirlínte a d’eascair ón 121ú cruinniú an 21 Deireadh Fómhair 2022, doiciméad A – taxud.c.1(2023)3139286 – 1055.


5. Asbhaint CBL ar ionchur

Baineann an roinn seo le **gach leibhéal**, cibé acu is mian le fiontar beag an scéim FBM a chur i bhfeidhm ina Bhallstát bunaíochta amháin (intíre), i mBallstát nó i mBallstáit eile amháin (trasteorann) nó ina Bhallstát bunaíochta agus i mBallstát nó i mBallstáit eile araon (trasteorann).

Fiontar beag a bhfuil a sholáthairtí díolmhaithe faoin scéim FBM, maidir le CBL a thabhaítear ar na ceannacháin a úsáidtear chun na soláthairtí sin a dhéanamh, ní féidir leis an CBL sin a asbhaint ⁽¹⁰⁷⁾ (féach Fíor 2).

5.1. Scéim FBM intíre

Faoin scéim FBM intíre, ní féidir leis an bhfiontar beag CBL ar ionchur a asbhaint ar na ceannacháin a úsáidtear chun na soláthairtí díolmhaithe earraí agus/nó seirbhísí a dhéanamh ⁽¹⁰⁸⁾.



Fíor 48: An scéim FBM intíre agus an ceart chun CBL a asbhaint

⁽¹⁰⁷⁾ Airteagal 289 den Treoir maidir le CBL.

⁽¹⁰⁸⁾ I gcomhréir le hAirteagail 167 go 171 agus Airteagail 173 go 177 den Treoir maidir le CBL.


I gcás ina ndéanann an fiontar beag idirbhearta a chumhdaítear leis an scéim FBM agus a eisiatar ón scéim FBM araon ina Bhallstát ⁽¹⁰⁹⁾, ba cheart dó dul i dteagmháil lena Bhallstát chun eolas a fháil faoi na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann maidir lena cheart CBL ar ionchur a asbhaint, mar shampla cur i bhfeidhm féideartha *pro rata*.

5.2. Scéim FBM trasteorann

Tá samplaí sa roinn seo den asbhaint CBL i roinnt cásanna.

Sampla 43

Cuireann FBM an scéim FBM i bhfeidhm ina Bhallstát bunaíochta agus i mBallstát eile: Ballstát 1. Ceannaíonn sé earraí agus seirbhísí sa Bhallstát bunaíochta a úsáidfear chun soláthairtí a dhéanamh sa Bhallstát bunaíochta, i mBallstát 1, nó sa Bhallstát bunaíochta agus i mBallstát 1 araon.



Fíor 49: An scéim FBM trasteorann agus asbhaint CBL – cás A


Sa chás seo, **níl an FBM i dteideal** CBL ar ionchur a asbhaint ar aon cheann de na ceannacháin earraí agus seirbhísí a úsáidtear chun soláthairtí díolmhaithe a dhéanamh sa Bhallstát bunaíochta agus/nó i mBallstát 1.

⁽¹⁰⁹⁾ Féach roinn 3.3.3 maidir le hidirbhearta a eisiatar ón scéim FBM.

Sampla 44

Cuireann FBM an scéim FBM i bhfeidhm ina Bhallstát bunaíochta. Tá gníomhaíocht eacnamaíoch aige i mBallstát 1 freisin, áit nach gcuireann sé an scéim FBM i bhfeidhm. Go deimhin, tá an fiontar beag cláraithe le haghaidh CBL i mBallstát 1, gearrann sé CBL áitiúil ar a chustaiméirí ann agus cuireann sé isteach tuairisceáin thréimhsiúla CBL.

Ceannaíonn an fiontar beag earraí agus seirbhísí ina Bhallstát bunaíochta agus úsáideann sé iad chun soláthairtí díolmhaithe a dhéanamh sa Bhallstát bunaíochta, chun soláthairtí a ngearrtar cáin orthu a dhéanamh i mBallstát 1, nó chun soláthairtí a dhéanamh atá díolmhaithe sa Bhallstát bunaíochta agus a ngearrtar cáin orthu i mBallstát 1 araon (costais mheasctha).



Fíor 50: An scéim FBM agus asbhaint CBL – cás B


Faoin gcás seo, **níl an FBM i dteideal** CBL ar ionchur a asbhaint ar aon cheann de na ceannacháin earraí agus seirbhísí a thabhaítear ina Bhallstát bunaíochta ⁽¹¹⁰⁾.

⁽¹¹⁰⁾ CBAE C-507/16, *Entertainment Bulgaria System EOOD*.

Sampla 45

Cuireann FBM an scéim FBM i bhfeidhm ina Bhallstát bunaíochta. Tá gníomhaíocht eacnamaíoch aige i mBallstát 1 freisin, áit nach gcuireann sé an scéim FBM i bhfeidhm. Go deimhin, tá an fiontar beag cláraithe le haghaidh CBL i mBallstát 1, gearrann sé CBL áitiúil ar a chustaiméirí agus cuireann sé isteach tuairisceáin thréimhsiúla CBL.

Ceannaíonn an fiontar beag earraí agus seirbhísí i mBallstát 1 agus úsáideann sé iad chun soláthairtí a ngearrtar cáin orthu a dhéanamh sa dlínse sin.




Fíor 51: An scéim FBM agus asbhaint CBL – cás C

Faoin gcás seo, tá an FBM i dteideal CBL ar ionchur a asbhaint ar na ceannacháin sin earraí agus seirbhísí a thabhaítear i mBallstát 1.

Sampla 46

Cuireann FBM an córas caighdeánach CBL i bhfeidhm ina Bhallstát bunaíochta. Tá sé cláraithe le haghaidh CBL, gearrann sé CBL áitiúil ar a chustaiméirí ann agus cuireann sé isteach tuairisceáin thréimhsiúla CBL. Cuireann an FBM sin an scéim FBM trasteorann i bhfeidhm i mBallstát 1. Ceannaíonn sé earraí agus seirbhísí sa Bhallstát bunaíochta a úsáidfear chun soláthairtí a ngearrfar cáin orthu a dhéanamh sa Bhallstát bunaíochta.




Fíor 52: An scéim FBM trasteorann agus asbhaint CBL – cás D

Faoin gcás seo, tá an FBM i dteideal CBL ar ionchur a asbhaint ar na ceannacháin earraí agus seirbhísí a thabhaítear sa Bhallstát bunaíochta a úsáidtear chun soláthairtí a ngearrtar cáin orthu a dhéanamh sa Bhallstát bunaíochta.

Sampla 47

Cuireann FBM an córas caighdeánach CBL i bhfeidhm ina Bhallstát bunaíochta. Tá sé cláraithe le haghaidh CBL, gearrann sé CBL áitiúil ar a chustaiméirí ann agus cuireann sé isteach tuairisceáin thréimhsiúla CBL. Cuireann an FBM sin an scéim FBM trasteorann i bhfeidhm i mBallstát 1. Ceannaíonn sé seirbhísí sa Bhallstát bunaíochta a úsáidfear chun soláthairtí a ngearrfar cáin orthu sa Bhallstát bunaíochta agus soláthairtí díolmhaithe i mBallstát 1 araon a dhéanamh (costais mheasctha).




Fíor 53: An scéim FBM trasteorann agus asbhaint CBL – cás E

Faoin gcás seo, tá an FBM i dteideal CBL ar ionchur a asbhaint ar na ceannacháin earraí agus seirbhísí a thabhaítear sa Bhallstát bunaíochta a úsáidtear chun soláthairtí a ngearrtar cáin orthu a dhéanamh sa Bhallstát bunaíochta. Ní féidir leis CBL ar ionchur a asbhaint ar na ceannacháin earraí agus seirbhísí a thabhaítear sa Bhallstát bunaíochta a úsáidtear chun soláthairtí díolmhaithe a dhéanamh i mBallstát 1. Beidh feidhm ag an *pro rata* maidir leis na costais mheasctha a úsáidtear chun soláthairtí a ngearrtar cáin orthu sa Bhallstát bunaíochta agus soláthairtí díolmhaithe i mBallstát 1 araon a dhéanamh. Ciallaíonn an *pro rata* go bhféadfadh sé nach bhféadfaí ach cuid den CBL ar ionchur a asbhaint sa Bhallstát bunaíochta. Ba cheart don fhiontar beag teagmháil a dhéanamh le húdaráis chánach a Bhallstáit bunaíochta chun tuilleadh eolais a fháil.

Sampla 48

Cuireann FBM an córas caighdeánach CBL i bhfeidhm ina Bhallstát bunaíochta. Tá sé cláraithe le haghaidh CBL, gearrann sé CBL áitiúil ar a chustaiméirí ann agus cuireann sé isteach tuairisceáin thréimhsiúla CBL. Cuireann an FBM sin an scéim FBM trasteorann i bhfeidhm i mBallstát 1. Ceannaíonn sé earraí agus seirbhísí sa Bhallstát bunaíochta a úsáidfear chun soláthairtí díolmhaithe a dhéanamh i mBallstát 1.



Fíor 54: An scéim FBM trasteorann agus asbhaint CBL – cás F

Faoin gcás seo, **níl an FBM i dteideal** CBL ar ionchur a asbhaint ar na ceannacháin earraí agus seirbhísí a thabhaítear sa Bhallstát bunaíochta a úsáidtear chun soláthairtí díolmhaithe a dhéanamh i mBallstát 1.

6. Idirghníomhú leis an gcóras caighdeánach CBL

Baineann an roinn seo le **gach leibhéal**, cibé acu is mian le fiontar beag an scéim FBM a chur i bhfeidhm ina Bhallstát bunaíochta amháin (intíre), i mBallstát nó i mBallstáit eile amháin (trasteorann) nó ina Bhallstát bunaíochta agus i mBallstát nó i mBallstáit eile araon (trasteorann).

Níl feidhm ag an díolúine ó CBL faoin scéim FBM ach maidir le soláthairtí earraí agus seirbhísí (idirbhearta aschuir) a dhéanann fiontar beag. Ní chumhdaítear leis an scéim FBM ceannacháin (idirbhearta ionchuir) a dhéanann fiontar beag. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé tarlú, maidir le fiontar beag a chuireann an scéim FBM i bhfeidhm ar a sholáthairtí earraí agus seirbhísí, gur ghá dó oibleagáidí CBL faoin gcóras caighdeánach CBL a chomhlíonadh i gcónaí le haghaidh ceannacháin a dhéantar. D'fhéadfadh sé tarlú freisin go ndéanfaidh fiontar beag soláthairtí a eisiatar ón scéim FBM agus soláthairtí eile a chumhdaítear. Cé go mbeidh feidhm ag an scéim FBM maidir leis na soláthairtí a chumhdaítear leis an scéim speisialta, beidh feidhm ag an gcóras caighdeánach CBL maidir leis na soláthairtí a eisiatar ón scéim speisialta. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh feidhm ag an gcóras caighdeánach CBL agus ag an scéim FBM araon laistigh d'aon dlínse amháin.

6.1. Idirbhearta atá ina gcúis le clárú le haghaidh CBL

Is iad seo a leanas na hidirbhearta atá ina gcúis le clárú le haghaidh CBL agus leis an oibleagáid CBL a dhearbhu agus a íoc:

- earraí atá faoi réir CBL a fháil laistigh den Chomhphobal
- iompórtálacha earraí
- ceannacháin seirbhísí a bhfuil an fiontar beag faoi dhliteanas CBL a íoc ina leith (aistriú táillí) ⁽¹¹¹⁾
- soláthairtí seirbhísí laistigh de chríoch Ballstáit eile a bhfuil CBL iníoctha ina leith ag an bhfaighteoir, agus aige sin amháin (cé go bhféadfadh sé nach ann d'aon CBL le híoc).

⁽¹¹¹⁾ Airteagal 196 den Treoir maidir le CBL.

Sampla 49

Tá fiontar beag bunaithe ina Bhallstát bunaíochta agus soláthraíonn sé earraí do chustaiméirí atá lonnaithe sa Bhallstát sin amháin. Cuireann sé an scéim FBM intíre i bhfeidhm. Chun na soláthairtí sin a dhéanamh, ceannaíonn an fiontar beag earraí agus seirbhísí ó sholáthróirí atá bunaithe sa Bhallstát bunaíochta agus ó sholáthairtí atá bunaithe i mBallstáit eile.

Idirbhearta a chumhdaítear leis an scéim FBM intíre

Maidir lena sholáthairtí earraí do chustaiméirí lonnaithe sa Bhallstát bunaíochta, cumhdaítear iad leis an scéim FBM agus tá siad díolmhaithe ó CBL ⁽¹¹²⁾. Is idirbhearta aschuir iad sin.

Idirbhearta a chumhdaítear leis an gcóras caighdeánach CBL

Na ceannacháin earraí ó sholáthróirí atá bunaithe i mBallstáit eile (earraí a fháil laistigh den Chomhphobal) agus na ceannacháin seirbhísí ó sholáthróirí atá bunaithe i mBallstáit eile, cumhdaítear iad leis an gcóras caighdeánach CBL mar is idirbhearta ionchuir iad. Le haghaidh na gceannachán sin, is é an fiontar beag atá ar an duine atá faoi dhliteanas CBL a dhearbhu agus a íoc tríd an sásra aistrithe táillí a chur i bhfeidhm. Dá bhrí sin, bheadh ar an bhfiontar beag clárú le haghaidh CBL agus CBL a dhearbhu agus a íoc ar na ceannacháin sin sa Bhallstát bunaíochta.

Toisc go bhfuil a sholáthairtí earraí díolmhaithe ó CBL faoin scéim FBM, ní bheadh cead ag an bhfiontar beag CBL ar ionchur a asbhaint ar aon cheann dá cheannacháin.

⁽¹¹²⁾ Airteagal 284 den Treoir maidir le CBL.

Sampla 50

Tá fiontar beag bunaithe i mBallstát bunaíochta áit a gcumhdaítear faoin gcóras caighdeánach CBL é. Tugtar uimhir 'EX' dó mar cuireann sé an scéim FBM trasteorann i bhfeidhm i mBallstát 1 agus i mBallstát 2. Déanann sé soláthairtí earraí do thomhaltóirí deiridh atá lonnaithe i mBallstát 1. Chun na soláthairtí sin a dhéanamh, ceannaíonn sé roinnt seirbhísí i mBallstát 1 ó sholáthróir atá cláraithe i mBallstát 1 ach nach bhfuil bunaithe ann.

Idirbhearta a chumhdaítear leis an scéim FBM trasteorann

Na soláthairtí áitiúla do thomhaltóirí deiridh atá lonnaithe i mBallstát 1, tá siad díolmhaithe ó CBL ⁽¹¹³⁾ mar cumhdaítear iad leis an scéim FBM trasteorann.

Idirbhearta a chumhdaítear leis an gcóras caighdeánach CBL

Na soláthairtí a dhéantar sa Bhallstát bunaíochta, cumhdaítear iad leis an gcóras caighdeánach CBL. Ní mór don fhiontar beag a bheith cláraithe le haghaidh CBL sa Bhallstát bunaíochta chun CBL a dhearbhu agus a íoc ar na soláthairtí a dhéantar ann.

Na ceannacháin áitiúla seirbhísí ó na soláthróirí atá cláraithe i mBallstát 1 ach nach bhfuil bunaithe ann, cumhdaítear iad faoin gcóras caighdeánach CBL. Ní mór don fhiontar beag clárú le haghaidh CBL ⁽¹¹⁴⁾ i mBallstát 1 chun na ceannacháin áitiúla a dhearbhu agus chun cuntas a thabhairt in CBL ⁽¹¹⁵⁾ ar na ceannacháin sin faoin sásra aistrithe táillí. Toisc go gcuireann an fiontar beag an scéim FBM trasteorann i bhfeidhm i mBallstát 1, ní féidir leis CBL ar ionchur a asbhaint ar a cheannacháin ⁽¹¹⁶⁾ (féach sampla 45).

Toisc gur scéim roghnach í an scéim FBM, faoin bhfiontar beag atá sé measúnú a dhéanamh ar cibé acu córas is mó a oireann dá ghníomhaíocht eacnamaíoch: an córas caighdeánach CBL nó an scéim FBM.

6.2. Idirbhearta a eisiatar ón scéim FBM

Mar a shonraítear i roinn 3.3.3, eisiatar idirbhearta áirithe ó chur i bhfeidhm na scéime FBM:

⁽¹¹³⁾ Airteagal 284 den Treoir maidir le CBL.

⁽¹¹⁴⁾ Airteagal 214(1)(d) den Treoir maidir le CBL.

⁽¹¹⁵⁾ Airteagal 196 den Treoir maidir le CBL.

⁽¹¹⁶⁾ Airteagal 289 den Treoir maidir le CBL.

- soláthairtí a dhéantar ar bhonn ócáideach ⁽¹¹⁷⁾,
- soláthairtí trasteorann modhanna nua iompair a dhéantar ó Bhallstát go chéile ⁽¹¹⁸⁾,
- idirbhearta eile a roghnaíonn na Ballstáit iad a eisiamh ó chur i bhfeidhm na scéime FBM ⁽¹¹⁹⁾.

I gcás ina ndéanann fiontar beag idir idirbhearta a eisiatar ón scéim FBM agus idirbhearta a chumhdaítear leis an scéim speisialta, cheadófaí don fhiontar beag (ar choinníoll go gcomhlíonfadh sé na coinníollacha chun é sin a dhéanamh) na soláthairtí a chumhdaítear leis an scéim FBM a dhíolmhú ó CBL cé go bhfuil sé d'oibleagáid aige clárú le haghaidh CBL, agus CBL a dhearbhu (agus a íoc) ar na hidirbhearta a eisiatar ón scéim FBM.

⁽¹¹⁷⁾ Soláthairtí a thagann faoi Airteagal 12 den Treoir maidir le CBL.

⁽¹¹⁸⁾ Soláthairtí a dhéantar i gcomhréir leis na coinníollacha a shonraítear in Airteagal 138(1) agus (2)(a) den Treoir maidir le CBL.

⁽¹¹⁹⁾ Airteagal 283(2) den Treoir maidir le CBL.

7. Idirghníomhú le scéimeanna speisialta eile

Baineann an roinn seo le **gach leibhéal**, cibé acu is mian le fiontar beag an scéim FBM a chur i bhfeidhm ina Bhallstát bunaíochta amháin (intíre), i mBallstát nó i mBallstáit eile amháin (trasteorann) nó ina Bhallstát bunaíochta agus i mBallstát nó i mBallstáit eile araon (trasteorann).

7.1. Idirghníomhú idir an scéim FBM agus an scéim ionaid ilfhreastail (OSS)

Córas leictreonach is ea an t-ionad ilfhreastail (OSS) lena gcuirtear ar a gcumas do dhaoine inchánach, mar shampla fiontair bheaga, CBL atá dlite i ngach Ballstát a dhearbhuí agus a íoc in aon Bhallstát amháin: an Ballstát ina bhfuil an gnólacht bunaithe.

Cumhdaítear na soláthairtí seo a leanas le OSS:

- soláthairtí seirbhísí laistigh den Chomhphobal do thomhaltóirí deiridh san Aontas (seirbhísí teileachumarsáide, craolacháin agus leictreonacha ina measc),
- ciandíol earraí laistigh den Chomhphobal le tomhaltóirí deiridh san Aontas
- soláthairtí intíre earraí do thomhaltóirí deiridh san Aontas a dhéanann soláthróir measta ⁽¹²⁰⁾.

7.1.1. Scéimeanna FBM agus OSS an Aontais: an dá scéim a bheith ann san am céanna

Is féidir tairbhe a bhaint as an scéim FBM agus scéim OSS an Aontais san am céanna. Fiontar beag a chomhlíonann na ceanglais, beidh sé ábalta a sholáthairtí faoin scéim FBM a dhéantar ina Bhallstát bunaíochta ⁽¹²¹⁾ agus/nó i mBallstáit díolúine eile a dhíolmhú ó CBL agus a bheith cláraithe san am céanna le haghaidh scéim OSS an Aontais agus na soláthairtí lonnaithe sna Ballstáit nach gcuireann an fiontar beag an scéim FBM


⁽¹²⁰⁾ Airteagal 14a(2) den Treoir maidir le CBL.

⁽¹²¹⁾ Is é atá sa Bhallstát bunaíochta an Ballstát ina bhfuil suíomh a ghníomhaíochta eacnamaíche lonnaithe ag an bhfiontar beag.

i bhfeidhm a dhearbhu, mar a léirítear thíos. Mar sin féin, ní féidir idir an scéim FBM agus scéim OSS an Aontais a chur i bhfeidhm san am céanna sa dlínse céanna.

Sampla 51

Tá gníomhaíochtaí eacnamaíocha ag fiontar beag ina Bhallstát bunaíochta (Ballstát 1), i mBallstát 2 agus i mBallstát 3. Níl aon ghníomhaíocht eacnamaíoch aige sna Ballstáit eile. Cuireann sé an scéim FBM trasteorann i bhfeidhm sa Bhallstát bunaíochta agus i mBallstát 2 ach ní chuireann sé an scéim i bhfeidhm i mBallstát 3.



Fíor 55: Na scéimeanna FBM agus OSS

Faoin gcás seo, is féidir leis an bhfiontar beag scéim OSS an Aontais a chur i bhfeidhm le haghaidh Bhallstát 3 chun CBL a dhearbhu agus a íoc ar na soláthairtí atá lonnaithe i mBallstát 3, toisc nach gcuireann sé an scéim FBM trasteorann i bhfeidhm sa Bhallstát sin. Ní mór an dearbhú OSS a chur isteach sa Bhallstát bunaíochta agus níor cheart ach soláthairtí a dhéantar i mBallstát 3 a chumhdach leis.

Cuireann an fiontar beag an scéim FBM trasteorann i bhfeidhm i mBallstát 1 agus i mBallstát 2, mar sin tá soláthairtí sa dá Bhallstát sin díolmhaithe ó CBL. Ní mór don fhiontar beag tuairisc ráithiúil a chur isteach ina Bhallstát bunaíochta lena gcumhdófar a láimhdeachas sna 27 mBallstát uile, Ballstát 3 ina measc. I gcás na mBallstát nach bhfuil aon ghníomhaíocht eacnamaíoch ag an bhfiontar beag iontu, is é nialas '0' an láimhdeachas le tuairisciú.

7.1.2. Ciandíol earraí agus seirbhísí teileachumarsáide, craolacháin agus leictreonacha le tomhaltóirí: áit soláthair

Is í an áit soláthair earraí agus seirbhísí a chinneann an Ballstát inar cheart don fhiontar beag na soláthairtí a dhearbhu. I gcás ciandíol earraí agus seirbhísí teileachumarsáide,

craolacháin agus leictreonacha le tomhaltóirí, is ag an gceann scríbe an áit ghinearálta soláthair, is é sin an Ballstát ina bhfuil an tomhaltóir deiridh lonnaithe. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé gurbh é Ballstát bunaíochta an tsoláthróra an áit soláthair dá gcomhlíonfaí na coinníollacha seo a leanas ⁽¹²²⁾ go carnach:

- a) níl an soláthróir bunaithe ach in aon Bhallstát amháin (is é sin, níl aon bhuanbhunaíocht ghnó aige i mBallstát eile), agus
- b) ní mó an láimhdeachas bliantúil ó chiandíol earraí agus seirbhísí teileachumarsáide, craolacháin agus leictreonacha ná EUR 10 000 sa bhliain féilire reatha agus sa bhliain féilire roimhe sin, agus
- c) níl an soláthróir cláraithe in OSS ná níor roghnaigh sé an cánachas ag an gceann scríbe.

Is é is aidhm don tábla thíos eolas praiticiúil – trí shamplaí – a thabhairt faoi áit soláthair an chiandíola earraí agus seirbhísí teileachumarsáide, craolacháin agus leictreonacha le tomhaltóirí.

Cásanna	Gearrtar cánachas sa Bhallstát bunaíochta ⁽¹²³⁾ (Ballstát 1)	Gearrtar cánachas ag an gceann scríbe (Ballstát 2)
Cás 1: Tá fiontar beag bunaithe i mBallstát 1, agus déanann sé ciandíol earraí agus soláthairtí seirbhísí teileachumarsáide, craolacháin agus leictreonacha do chustaiméirí atá lonnaithe i mBallstát 2. Ní mó a láimhdeachas ná EUR 10 000 agus níl sé cláraithe le haghaidh OSS ná níor roghnaigh sé an cánachas ag an gceann scríbe. Faoin gcás seo, is i mBallstát 1 (Ballstát bunaíochta an fhiontair bhig) atá na soláthairtí do thomhaltóirí i mBallstát 2 lonnaithe. Má chuireann an fiontar beag an scéim FBM i bhfeidhm i mBallstát 1, tá na soláthairtí sin uile díolmhaithe ó CBL agus ba cheart iad a chur san áireamh i láimhdeachas bliantúil an FBM i mBallstát 1.	Gearrtar	Ní ghearrtar
Cás 2:	Ní ghearrtar	Gearrtar

⁽¹²²⁾ Airteagal 59c den Treoir maidir le CBL.

⁽¹²³⁾ Airteagal 59c den Treoir maidir le CBL.

Tá fiontar beag bunaithe i mBallstát 1, agus déanann sé ciandíol earraí agus soláthairtí seirbhísí teileachumarsáide, craolacháin agus leictreonacha do chustaiméirí atá lonnaithe i mBallstát 2. Is mó a láimhdeachas ná EUR 10 000 agus níl sé cláraithe le haghaidh OSS. Faoin gcás seo, is i mBallstát 2 (ceann scríbe) atá na soláthairtí do thomhaltóirí i mBallstát 2 lonnaithe. Má chuireann an fiontar beag an scéim FBM trasteorann i bhfeidhm i mBallstát 2, beidh na soláthairtí sin uile díolmhaithe ó CBL agus ba cheart iad a chur san áireamh i láimhdeachas bliantúil an FBM i mBallstát 2 sa tuairisc ráithiúil atá le cur isteach i mBallstát 1. Mura gcuireann an FBM an scéim FBM trasteorann i bhfeidhm i mBallstát 2, gearrfar cáin ar na soláthairtí agus dearbhófar iad sa tuairisceán CBL náisiúnta i mBallstát 2 faoi rialacha an chórais chaighdeánaigh CBL toisc nach bhfuil an FBM cláraithe in OSS.		
Cás 3: Tá fiontar beag bunaithe i mBallstát 1, agus déanann sé ciandíol earraí agus soláthairtí seirbhísí teileachumarsáide, craolacháin agus leictreonacha do chustaiméirí atá lonnaithe i mBallstát 2. Ní mó a láimhdeachas ná EUR 10 000 ach tá sé cláraithe le haghaidh OSS. Faoin gcás seo, is i mBallstát 2 (ceann scríbe) atá na soláthairtí thuas lonnaithe. Toisc go bhfuil an fiontar beag cláraithe le haghaidh OSS, ba cheart na soláthairtí atá lonnaithe i mBallstát 2 a dhearbhu sa dearbhú OSS. Dá mba mhian leis an bhfiontar beag an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm i mBallstát 2, ní bheadh feidhm ag an scéim OSS a thuilleadh maidir le Ballstát 2. Faoin scéim FBM, na soláthairtí atá lonnaithe i mBallstát 2, bheidís díolmhaithe ó CBL agus ba cheart iad a chur san áireamh sa láimhdeachas i mBallstát 2 i dtuairiscí ráithiúla an FBM.	Ní ghearrtar	Gearrtar

Cás 4: Tá fiontar beag bunaithe i mBallstát 1, agus déanann sé ciandíol earraí agus soláthairtí seirbhísí teileachumarsáide, craolacháin agus leictreonacha do chustaiméirí atá lonnaithe i mBallstát 2. Ní mó a láimhdeachas ná EUR 10 000 ach roghnaigh sé an cánachas ag an gceann scríbe. Faoin gcás seo, is i mBallstát 2 atá na soláthairtí thuas lonnaithe. Má chuireann an fiontar beag an scéim FBM trasteorann i bhfeidhm i mBallstát 2, beidh na soláthairtí sin uile díolmhaithe ó CBL agus ba cheart iad a chur san áireamh sa láimhdeachas i mBallstát 2 i dtuairiscí ráithiúla an FBM. Más mian leis an bhfiontar beag an scéim OSS a chur i bhfeidhm ina ionad sin, ní féidir na soláthairtí a dhíolmhú ó CBL agus ba cheart iad a dhearbhu sa dearbhú OSS atá le cur isteach i mBallstát 1.	Ní ghearrtar	Gearrtar
---	----------------------------	------------------------

Fíor 56: Ciandíol earraí agus soláthairtí seirbhísí teileachumarsáide, craolacháin agus leictreonacha le tomhaltóirí

7.1.3. Scéimeanna FBM agus OSS an Aontais: cásanna

Cás 1:

Is i mBallstát 1 atá a áit ghnó ag fiontar beag. Díolann sé leabhair agus ríomhleabhair le tomhaltóirí deiridh i mBallstát 1 agus i mBallstát 2, **áit a bhfuil buanbhunaíocht ghnó aige**. Soláthraíonn sé seirbhísí clódóireachta freisin do chustaiméir atá bunaithe i mBallstát 1.

I mbliain B, is é EUR 15 000 a láimhdeachas bliantúil ó dhíol intíre leabhar agus ríomhleabhar i mBallstát 1. Is é EUR 9 500 a láimhdeachas bliantúil ó chiandíol agus soláthairtí ríomhsheirbhísí i mBallstát 2. Tá láimhdeachas bliantúil aige ó sheirbhísí clódóireachta dar luach EUR 20 000 i mbliain B agus EUR 40 000 in B-1. Is é EUR 85 000 an tairseach bhliantúil chun an scéim FBM a chur i bhfeidhm i mBallstát 1 agus is é EUR 70 000 an tairseach bhliantúil i mBallstát 2.

a) Céard í áit soláthair na soláthairtí sin?

An díol leabhar agus ríomhleabhar le tomhaltóirí i mBallstát 1 chomh maith leis na seirbhísí clódóireachta don chustaiméir atá bunaithe i mBallstát 1, tá siad lonnaithe i mBallstát 1.

Toisc go bhfuil buanbhunaíocht ghnó ag an bhfiontar beag i mBallstát eile (Ballstát 2) seachas a Bhallstát bunaíochta (Ballstát 1), ní féidir an fhoráil in Airteagal 59c (cánachas sa Bhallstát bunaíochta) a chur i bhfeidhm maidir leis an díol leabhar agus ríomhleabhar le tomhaltóirí i mBallstát 2. Dá bhrí sin, is i mBallstát 2 atá na soláthairtí sin lonnaithe.

b) An féidir an scéim OSS a úsáid?

Is féidir an scéim OSS a úsáid chun an díol leabhar le tomhaltóirí i mBallstát 2 (ciandíol earraí) a dhearbhu, **agus chun na críche sin amháin**. An díol ríomhleabhar le tomhaltóirí i mBallstát 2 (ríomhsheirbhísí), níor mhór é sin a dhearbhu sa tuairisceán CBL náisiúnta i mBallstát 2 mar gheall ar an mbuanbhunaíocht ghnó sa Bhallstát sin ⁽¹²⁴⁾.

Ní infheidhme an scéim OSS maidir le soláthairtí leabhar agus ríomhleabhar le tomhaltóirí deiridh i mBallstát 1 ná maidir le seirbhísí clódóireachta do chustaiméirí atá bunaithe i mBallstát 1. Ní mór na soláthairtí sin a chur ar áireamh sa tuairisceán CBL náisiúnta i mBallstát 1.

c) An féidir leis an bhfiontar beag an scéim FBM intíre a chur i bhfeidhm?

Ar choinníoll go gcomhlíonfadh an fiontar beag na coinníollacha chun an scéim FBM a chur i bhfeidhm i mBallstát 1, d'fhéadfadh sé an scéim intíre a chur i bhfeidhm ann.

Faoin gcás seo, na soláthairtí leabhar agus ríomhleabhar do na tomhaltóirí atá lonnaithe i mBallstát 1 agus na soláthairtí seirbhísí clódóireachta do chustaiméirí atá bunaithe i mBallstát 1, bheidís díolmhaithe ó CBL. Bhraithfeadh a oibleagáidí tuairiscithe (dá mba ann dóibh) ar na rialacha is infheidhme i mBallstát 1 (féach an tairseach ghréasáin le haghaidh FBManna).

Na soláthairtí leabhar agus ríomhleabhar do thomhaltóirí i mBallstát 2, ní chumhdófaí iad leis an scéim FBM intíre mar is i mBallstát 2 atá an áit soláthair.

d) An féidir leis an bhfiontar beag an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm i mBallstát 2 amháin?

D'fhéadfadh an fiontar beag an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm i mBallstát 2 amháin dá gcomhlíonfadh sé na coinníollacha (féach roinn 4) agus dá ndíchláródh sé a bhuanbhunaíocht ghnó i mBallstát 2 chun críocha CBL.

Ar choinníoll go gcomhlíonfadh an fiontar beag na coinníollacha chun an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm i mBallstát 2, na soláthairtí leabhar agus ríomhleabhar do na tomhaltóirí atá lonnaithe i mBallstát 2, bheidís díolmhaithe ó CBL. Na soláthairtí uile

⁽¹²⁴⁾ Airteagal 369b(c) den Treoir maidir le CBL.

a dhéantar sna 27 mBallstát uile, ba cheart iad a thuairisciú i dtuairiscí ráithiúla an FBM atá le cur isteach i mBallstát 1.

Má chuireann an fiontar beag an scéim FBM trasteorann i bhfeidhm i mBallstát 2, ní féidir an scéim OSS a chur i bhfeidhm maidir le Ballstát 2. Toisc go bhfuil na soláthairtí i mBallstát 2 díolmhaithe ó CBL, níor cheart iad a thuairisciú sa dearbhú OSS.

Maidir leis an díol leabhar agus ríomhleabhar le tomhaltóirí i mBallstát 1 agus seirbhísí clódóireachta do chustaiméirí i mBallstát 1, ghearrfaí cáin orthu de réir an chórais chaighdeánaigh CBL agus dhearbhaí iad sa tuairisceán CBL náisiúnta i mBallstát 1.

e) An féidir leis an FBM an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm i mBallstát 1 agus i mBallstát 2?

D'fhéadfadh an fiontar beag an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm i mBallstát 1 agus i mBallstát 2 amháin dá gcomhlíonadh sé na coinníollacha (féach roinn 4) agus dá ndíchláródh sé a bhuanbhunaíocht ghnó i mBallstát 2 chun críocha CBL.

Faoin gcás seo, na soláthairtí uile i mBallstát 1 agus i mBallstát 2, bheidís díolmhaithe ó CBL. Na soláthairtí leabhar agus ríomhleabhar do thomhaltóirí i mBallstát 1 agus na seirbhísí clódóireachta don chustaiméir atá bunaithe i mBallstát 1, ba cheart iad a chur ar áireamh sa láimhdeachas i mBallstát 1 i dtuairisc ráithiúil an FBM.

Na soláthairtí leabhar agus ríomhleabhar do thomhaltóirí i mBallstát 2, ba cheart iad a chur ar áireamh sa láimhdeachas i mBallstát 2.

Má roghnaíonn an fiontar beag an scéim FBM a chur i bhfeidhm, ní féidir an scéim OSS a chur i bhfeidhm maidir le Ballstát 2. Toisc go bhfuil na soláthairtí i mBallstát 2 díolmhaithe ó CBL, níor cheart na soláthairtí a thuairisciú sa dearbhú OSS.

Cás 2:

Is i mBallstát 1 atá a áit ghnó ag fiontar beag. Díolann sé leabhair agus ríomhleabhair le tomhaltóirí deiridh i mBallstát 1 agus i mBallstát 2, **áit nach bhfuil buanbhunaíocht ghnó aige**. Soláthraíonn sé seirbhísí clódóireachta freisin do chustaiméir atá bunaithe i mBallstát 1.

I mbliain B, is é EUR 15 000 a láimhdeachas bliantúil ó dhíol intíre agus soláthairtí ríomhsheirbhísí i mBallstát 1. Is é EUR 9 500 a láimhdeachas bliantúil ó chiandíol agus soláthairtí ríomhsheirbhísí i mBallstát 2. Tá láimhdeachas bliantúil aige ó sheirbhísí clódóireachta dar luach EUR 20 000 i mbliain B agus EUR 40 000 in B-1. Is é EUR 85 000 an tairseach bhliantúil chun an scéim FBM a chur i bhfeidhm i mBallstát 1 agus is é EUR 70 000 an tairseach bhliantúil i mBallstát 2.

a) *Céard í áit soláthair na soláthairtí sin?*

An díol leabhar agus ríomhleabhar le tomhaltóirí i mBallstát 1 chomh maith leis na seirbhísí clódóireachta don chustaiméir atá bunaithe i mBallstát 1, tá siad lonnaithe i mBallstát 1.

Toisc nach bhfuil buanbhunaíocht ghnó ag an bhfiontar beag i mBallstát eile (Ballstát 2) seachas a Bhallstát bunaíochta (Ballstát 1), bheadh feidhm ag an bhforáil in Airteagal 59c den Treoir maidir le CBL (cánachas sa Bhallstát bunaíochta) maidir leis an díol leabhar agus ríomhleabhar le tomhaltóirí i mBallstát 2. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh na soláthairtí sin a bheith lonnaithe i mBallstát 1 (féach Fíor 56, cás 1).

b) *An féidir an scéim OSS a úsáid?*

Má tá feidhm ag Airteagal 59c den Treoir maidir le CBL, is é Ballstát 1 (Ballstát bunaíochta) an áit soláthair leabhar agus ríomhleabhar a dhíoltar le tomhaltóirí i mBallstát 2. Is é Ballstát 1 an áit soláthair freisin le haghaidh díol leabhar agus ríomhleabhar le tomhaltóirí i mBallstát 1 agus le haghaidh seirbhísí clódóireachta a sholáthraítear don chustaiméir atá bunaithe i mBallstát 1.

Faoin gcás seo, ní féidir an scéim OSS a chur i bhfeidhm. Ba cheart na soláthairtí uile a dhearbhu sa tuairisceán CBL náisiúnta i mBallstát 1.

Má roghnaíonn an fiontar beag an cánachas ag an gceann scríbe (Fíor 56, cás 4), is i mBallstát 2 a bheidh an díol leabhar agus ríomhleabhar le tomhaltóirí i mBallstát 2 lonnaithe. D'fhéadfaí an scéim OSS a chur i bhfeidhm maidir leis na soláthairtí sin. Níor mhór iad a dhearbhu sa dearbhú OSS atá le cur isteach i mBallstát 1.

Maidir leis an díol leabhar agus ríomhleabhar le tomhaltóirí i mBallstát 1 agus na seirbhísí clódóireachta don chustaiméir i mBallstát 1, bheidís lonnaithe i mBallstát 1 i gcónaí agus ba cheart iad a dhearbhu sa tuairisceán CBL náisiúnta i mBallstát 1, mura gcuireann an FBM an scéim FBM i bhfeidhm i mBallstát 1.

c) *An féidir leis an bhfiontar beag an scéim FBM intíre amháin a chur i bhfeidhm?*

Dá mbeadh feidhm ag Airteagal 59c den Treoir maidir le CBL (cánachas sa Bhallstát bunaíochta) agus dá gcomhlíonfadh sé na coinníollacha chun an scéim FBM intíre a chur i bhfeidhm (féach roinn 3), d'fhéadfadh feidhm a bheith ag an scéim FBM intíre maidir leis na soláthairtí uile: na soláthairtí leabhar agus ríomhleabhar do na tomhaltóirí i mBallstát 1, seirbhísí clódóireachta don chustaiméir i mBallstát 1, agus na soláthairtí leabhar agus ríomhleabhar do thomhaltóirí i mBallstát 2. Bheadh na soláthairtí sin uile díolmhaithe ó CBL. Bhraithfeadh oibleagáidí comhlíontachta an fhiontair bhig i mBallstát 1 ar na rialacha atá leagtha síos ag an mBallstát sin.

Dá gcuirfeadh an FBM cánachas ag an gceann scríbe i bhfeidhm, ní chumhdófaí leis an díolúine ó CBL faoin scéim FBM intíre ach na soláthairtí leabhar agus ríomhleabhar do thomhaltóirí i mBallstát 1 agus na seirbhísí clódóireachta don tomhaltóir i mBallstát 1.

d) *An féidir leis an bhfiontar beag an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm i mBallstát 2?*

Má roghnaíonn an fiontar beag cánachas ar an díol ag an gceann scríbe, is féidir feidhm a bheith ag an scéim FBM trasteorann maidir leis na soláthairtí leabhar agus ríomhleabhar a dhéantar do na tomhaltóirí atá lonnaithe i mBallstát 2 amháin. Bheadh na soláthairtí sin díolmhaithe ó CBL agus thuairisceofaí iad sna tuairiscí ráithiúla atá le cur isteach i mBallstát 1.

e) *An féidir leis an bhfiontar beag an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm i mBallstát 1 agus i mBallstát 2?*

Má tá feidhm ag Airteagal 59c den Treoir maidir le CBL (cánachas sa Bhallstát bunaíochta), níl feidhm ag an scéim FBM trasteorann.

Má roghnaíonn an FBM cánachas ar an díol ag an gceann scríbe, féach an freagra a tugadh ar phointe d) thuas.

7.2. Idirghníomhú idir an scéim FBM agus an scéim ionaid ilfhreastail allmhairiúcháin (IOSS)

Tá an scéim FBM agus IOSS **comheisiach**.

Ar an gcéad dul síos, níl incháilithe leis an scéim FBM a chur i bhfeidhm ach fiontair bheaga a bhfuil suíomh gníomhaíochta eacnamaíche lonnaithe i mBallstát acu.

Chun an riosca neamhchánachais dhúbailte a sheachaint ⁽¹²⁵⁾, maidir le duine inchánach a bhaineann tairbhe as an díolúine faoin scéim FBM, bheadh air roghnú gan bheith páirteach sa scéim FBM chun bheith in ann IOSS a úsáid. Go deimhin, ceadáítear le huimhir aitheantais IOSS iompórtáil dhíolmhaithe ó CBL d'earraí nach mó a luach ná EUR 150 in ~~an~~ Bhallstát (fiú i mBallstát ina bhféadfadh an FBM tairbhiú den scéim FBM) cé nach gceadaítear dó earraí a iompórtáil isteach san Aontas gan CBL a ghearradh ag céim ar bith.

⁽¹²⁵⁾ Féach leathanach 21 den [Treoirleabhar OSS](#)

7.3. An scéim FBM agus an scéim ráta chomhréidh d'fheirmeoirí

Scéim speisialta is ea an scéim ráta chomhréidh d'fheirmeoirí ⁽¹²⁶⁾ ar féidir leis na Ballstáit í a chur i bhfeidhm i gcás ina mbeidh deacrachtaí ann mar thoradh ar na rialacha caighdeánacha CBL a chur i bhfeidhm maidir le feirmeoirí.

Ní ann d'aon fhorluí féideartha idir an scéim FBM agus an scéim ráta chomhréidh d'fheirmeoirí. Cé go bhfuil sí dírithe ar fheirmeoirí, is rogha mhalartach í an scéim ráta chomhréidh d'fheirmeoirí ar an scéim FBM ach ní dhíríonn sí mar sin féin ach ar fheirmeoirí beaga ⁽¹²⁷⁾.

7.4. An scéim FBM, an scéim do ghníomhairí taistil agus an scéim earraí athláimhe

Faoin scéim earraí athláimhe ⁽¹²⁸⁾, ríomhtar CBL ar bhonn an chorrailigh. Agus cinneadh á dhéanamh cibé acu atá nó nach bhfuil feidhm ag an scéim FBM – bunaithe ar ríomh den láimhdeachas ⁽¹²⁹⁾ – an cheist atá ann ná an féidir brath ar a bhfuil i gceist leis an láimhdeachas a dhéantar faoin scéim earraí athláimhe toisc go ríomhtar é sin trí thagairt a dhéanamh don chorrailigh brabúis a ghnóthaítear agus ar an gcaoi sin amháin. Shocraigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) an cheist sin agus dhearbhaigh ⁽¹³⁰⁾ go bhfuil na scéimeanna uathrialaitheach agus cé go mbeartaítear leis an scéim FBM tacú le cruthú, gníomhaíochtaí agus iomaíochas fiontar beag, níor cheart don scéim buntáiste iomaíoch gan údar cuí a thabhairt d'fhiontair mhóra. Dá bhrí sin, de réir CBAE, ba cheart an láimhdeachas a ríomh ar bhonn na méideanna uile (ar leith ó CBL) a fuarthas nó a gheofar, gan é a laghdú leis na méideanna a íoctar faoi mar a dhéanfaí dá ndéanfaí tagairt don chorrailigh brabúis ina ionad sin. Tá sé sin ábhartha don scéim earraí athláimhe, agus don scéim do ghníomhairí taistil ⁽¹³¹⁾ chomh maith céanna mar gearrtar cáin ar bhonn an chorrailigh brabúis faoin scéim sin freisin.

⁽¹²⁶⁾ Airteagail 295 go 305 den Treoir maidir le CBL.

⁽¹²⁷⁾ CBAE, breithiúnas an 12 Deireadh Fómhair 2017, *Shields & Sons Partnership*, C-262/16, EU:C:2017:756, mír 33.

⁽¹²⁸⁾ Airteagail 311 go 343 den Treoir maidir le CBL.

⁽¹²⁹⁾ Bunaithe ar Airteagal 288, an chéad mhír, pointe (1) den Treoir maidir le CBL.

⁽¹³⁰⁾ CBAE, breithiúnas an 29 Iúil 2019, *B (Láimhdeachas díoltóra gluaisteán athláimhe)*, C-388/18, EU:C:2019:642.

⁽¹³¹⁾ Airteagail 306 go 310 den Treoir maidir le CBL.

7.5. An scéim FBM agus an scéim óir infheistíochta

Is scéim éigeantach í an scéim óir infheistíochta ⁽¹³²⁾ atá le cur i bhfeidhm ag na Ballstáit. Tá foráil sa scéim maidir le díolúine lena mbaineann ceart asbhainte.

D'fhéadfadh forluí a bheith ann sa chás ina bhfuil an duine inchánach ag gabháil freisin do ghníomhaíochtaí nach dtagann faoi raon feidhme na scéime óir infheistíochta, agus sa chás sin amháin. Ba cheart an láimhdeachas a ríomh ar bhonn na méideanna uile (ar leith ó CBL) a fuarthas nó a gheofar. Ar aon dul le hidirbhearta díolmhaithe eile lena mbaineann ceart asbhainte, ba cheart a chur san áireamh freisin méideanna a dhíorthaítear ó idirbhearta a thagann faoi raon feidhme na scéime óir infheistíochta.


⁽¹³²⁾ Airteagail 344 go 356 den Treoir maidir le CBL.

8. Cuntasaíocht bunaithe ar airgead tirim

Chun cabhrú le fiontair bheaga a bhfuil deacrachtaí acu CBL a íoc leis an údarás cánach inniúil toisc nach bhfuil íocaíocht faighte acu óna gcustaiméirí go fóill, is féidir leis na Ballstáit, faoi scéim roghnach, ceadú do dhaoine inchánach úsáid a bhaint as scéim cuntasaíochta bunaithe ar airgead tirim chun cuntas a thabhairt in CBL. Níl an scéim roghnach cuntasaíochta bunaithe ar airgead tirim sin oscailte ach do dhaoine inchánach ag a bhfuil láimhdeachas bliantúil nach mó é ná tairseach áirithe.

Leis an riail nua, méadaítear an tairseach ó EUR 500 000 go EUR 2 000 000 nó a choibhéis in airgeadra náisiúnta agus cuirtear deireadh leis an oibleagáid a bhí ar na Ballstáit dul i gcomhairle leis an gCoiste um CBL roimh an tairseach a shocrú os cionn EUR 500 000.

Tá cur i bhfeidhm na scéime roghnaí sin mar an gcéanna i gcónaí: ceadaítear le hAirteagal 66(b) den Treoir maidir le CBL do Bhallstáit foráil a dhéanamh go mbeidh CBL inmhuirir, i leith idirbhearta áirithe nó catagóirí áirithe daoine inchánach *‘tráth nach déanaí ná an tráth a fhaightear an íocaíocht’*. Faoin scéim sin, ní féidir le daoine inchánach CBL a asbhaint nuair a íocann siad a soláthróirí, mar a shonraítear in Airteagal 167a den Treoir maidir le CBL.



Fíor 57: Comparáid idir an córas caighdeánach CBL agus cuntasaíocht bunaithe ar airgead tirim

Iarscríbhinn – Feidhmiú an Fhaoisimh Cánach Ghrádaithe

Ní infheidhme an faoiseamh cánach grádaithe a thuilleadh ón 1 Eanáir 2025.

Chun críoch eolais, maidir le feidhmiú an fhaoisimh cánach ghrádaithe, laghdaítear an faoiseamh de réir a chéile faoi mar a thagann méadú ar an láimhdeachas go dtí go mbaintear amach an tairseach atá leagtha amach ag gach Ballstát. Ní hionann na tairseacha ó Bhallstáit go chéile agus d'fhéadfadh sé go mbeadh coinníollacha áirithe i bhfeidhm. Fiontair bheaga a bhaineann tairbhe as an scéim sin, ní mór dóibh clárú le haghaidh CBL agus tuairisceáin CBL a chur isteach.

Is féidir an faoiseamh CBL le haghaidh gnólachtaí beaga a mheas mar chineál creidmheasa cánach do dhaoine inchánach atá cláraithe le haghaidh CBL agus ar lú luach a nglandíola bliantúil ná tairseach atá leagtha amach ag gach Ballstát. Mar shampla, má chuireann Ballstát A tairseach bhliantúil EUR 50 000 i bhfeidhm, is mar a leanas a chuirfear an faoiseamh i bhfeidhm:

- Más é EUR 20 000 nó níos lú luach ghlandíol an duine inchánach, aisíocfar leis an duine inchánach an méid iomlán CBL a cháilíonn don fhaoiseamh;
- Os cionn EUR 20 000 ach faoi bhun EUR 50 000, gheobhaidh an duine inchánach faoiseamh CBL páirteach.

